COMHAIRLE CONTAE CHIARRAÍ



# DRÉACHTPHLEAN GNÍOMHAITHE AN ÚDARÁIS ÁITIÚIL AR SON NA HAERÁIDE 2024-2029

DEIREADH FÓMHAIR 2023

# Comhairle Contae Chiarraí

# DRÉACHTPHLEAN
# Gníomhaithe an Údaráis Áitiúil ar son na hAeráide
# (LACAP)

# 2024-2029

**Deireadh Fómhair 2023**

## CLÁR NA nÁBHAR


Gluais Acrainmneacha ..... 1
1 Brollach ..... 2
2 Achoimre Feidhmiúcháin ..... 3
3 Pleanáil Ghníomhaithe an Údaráis Áitiúil ar son na hAeráide - An Bealach á Réiteach ..... 7
3.1 Réamhrá ..... 7
3.2 Cuimsiú agus Uaillmhian an Phlean Ghníomhaithe ar son na hAeráide de chuid Údarás Áitiúil Chiarraí ..... 8
4 Bonn Fianaise ..... 10
4.1 Ciarraí - Cuntas ar an gContae ..... 10
4.2 An Fhianaise ar Chiarraí á Bailiú ..... 12
4.3 Foinsí Astaíochtaí GCT sa Chontae ..... 12
4.4 Measúnú Priacail ar an Athrú Aeráide ..... 23
4.5 Rannpháirtíocht agus Comhairliúchán le Páirtithe Leasmhara ar an LACAP 27
5 Creat na nGníomhartha ar son na hAeráide ..... 28
5.1 Fís ..... 28
5.2 Ráiteas Misin ..... 28
5.3 Spriocanna Straitéiseacha ..... 28
5.4 Cuspóirí ..... 28
6 Crios um Dhícharbónú (DZ) Dhaingean Uí Chúis/Chorca Dhuibhne ..... 33
6.1 Réamhrá ..... 33
6.2 DZ (Crios um Dhícharbónú) Dhaingean Uí Chúis/Chorca Dhuibhne – Comhthéacs Tíreolaíoch, Socheacnamaíoch agus Beartais Phleanála. ..... 35
6.3 Deiseanna agus Sriantachtaí chun Fuinneamh a Dhícharbónú laistigh den Chrios um Dhícharbónú (DZ) ..... 41
6.4 Úsáid Talún /Talmhaíocht ..... 43
6.5 Fardal Astaíochtaí Bonnlíne ..... 47
6.6 Rannpháirtíocht agus Comhairliúchán le Páirtithe Leasmhara ..... 51
6.7 Fís agus Ráiteas Misin i dtaca le DZ Dhaingean Uí Chúis/Chorca Dhuibhne 51
6.8 Creat na nGníomhartha ar son na hAeráide ..... 52
7 Cur i nGníomh ..... 69
7.1 Réamhrá ..... 69
7.2 Cur i nGníomh agus Faireachán ar an LACAP (Plean Gníomhaithe an Údaráis Áitiúil ar son na hAeráide) ..... 69
8 AN CHÉID CHÉIM EILE - TABHAIR DO THUAIRIM ..... 72

Aguisíní:
Aguisín A Gníomhartha
Aguisín B Comhthéacs Beartais
Aguisín C Tuarascáil Achomair ar an mBonn Fianaise
Aguisín D Measúnú Priacail ar an Athrú Aeráide
Aguisín E Tuairisceoireacht Rannpháirtíochta
Aguisín F Tuarascáil Timpeallachta um Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta
Aguisín G Tuarascáil Tionchair Natura

Tábla na bhFíoracha

Fíor 3-1 Gníomhú ar son na hAeráide – maolú agus oiriúnú .................................. 8
Fíor 3-2 Cion Feidhme an Rialtais Áitiúil laistigh den Ghníomhú ar seo na hAeráide – ó chuntasacht iomlán maidir lena gcuid astaíochtaí GHG/GCT (gás ceaptha teasa) féin go dtí tionchar a imirt, comhordú/éascaíocht agus abhcóideacht a dhéanamh thar raon a fheidhmeanna agus a fhreagrachtaí. .................................................... 9
Fíor 4-1 BEI (Fardal Astaíochtaí Bonnlíne) do Chomhairle Chontae Chiarraí bunaithe ar shonraí bonnlíne na bliana 2018 ....................................................................... 13
Fíor 4-2 Grafaic shimplí eolais ina dtaispeántar roghanna féideartha agus bealaí i dtreo an dícharbónaithe i gcomhair na hearnála poiblí, agus an Rialtas Áitiúil san áireamh. ......................................................................................................... 14

Fíor 4-3 An anailís GtT (Uirlis 'Bearna go Sprioc') ina dtaispeántar na laghduithe (51%) a cheanglaítear ar Chomhairle Contae Chiarraí chun sprioc na bliana 2030, 2,552t$CO_2$-eq, a bhaint amach ................................................................... 16
Fíor 4-4 Samhaltú ón uirlis GtT ina miondealaítear na gníomhartha a cheanglaítear ar Chomhairle Contae Chiarraí chun a cuid spriocanna um laghdú astaíochtaí GCT/GHG 2030 51%, a thaispeántar i bhFíor 4.3, a shroisint. Má chuirtear na gníomhartha i bhfeidhm, déanfaidh CCC sprioc na biana 2030 a shroisint agus a shárú. ......................................................................................................... 17
Fíor 4-5 Beartas Náisiúnta maidir le Soghluaiseach Inbhuanaithe de *seachain-aistrigh-feabhsaigh* mar atá beartaithe in CAP23 (Plean Náisiúnta Gníomhaithe ar son na hAeráide 2023) mar aon le feidhmiú sonrach i dtaca le dícharbónú chabhlach feithiclí na hearnála poiblí. ........................................................................ 18
Fíor 4-6 Ordlathas Inbhuanaithe Iompair ina gcuirtear in iúl an t-aistriú córa iompair a bheartaítear mar chuid den Bheartas Náisiúnta maidir le Soghluaiseacht Inbhuanaithe ......................................................................................... 19
Fíor 4-7 Astaíochtaí earnálacha i gContae Chiarraí ............................................. 23
Fíor 4-8 Athrú Breathnaithe in Aeráid Chiarraí mar atá sainaitheanta i CCRA Chiarraí (Measúnú Priacail Chiarraí ar an Athrú Aeráide) (féach Aguisín D chun teacht ar an dtuarascáil iomlán) ........................................................................ 24
Fíor 4-9 Maitrís um Priacal Aeráide do Chiarraí: taispeántar ar dheis an t-athrú ar an bpriacal sa todhchaí agus taispeántar sa mharcóir cuasach an priacal reatha agus taispeántar sa dlúthmharcóir an priacal sa todhchaí. Taispeántar sa líne phoncaithe an t-athrú idir an priacal reatha agus an priacall sa todhchaí................................. 26
Fíor 4-10 Achoimre ar CCRA Chiarraí (Measúnú Priacail Chiarraí ar an Athrú Aeráide) ........................................................................................................ 25

Fíor 6-1 DZ (Crios um Dhícharbónú) Dhaingean Uí Chúis/Chorca Dhuibhne ......... 34
Fíor 6-2 Léarscáil SEAI (Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann) ina dtaispeántar na rátálacha BER (rátálacha fuinnimh foirgnimh) ar fud na leithinse - BER C (glas) agus BER D (buí) ........................................................................ 39
Fíor 6-3 Léarscáil SEAI (Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann) ar *Limistéir Iarrthóireachta um Théamh Ceantair* ina sainaithnítear Daingean Uí Chúis mar limistéar iarrthóireachta féideartha ........................................................................ 40
Fíor 6-4 Acmhainneacht an bhithmheatáin in DZ (Crios um Dhícharbónú) Dhaingean Uí Chúis/Chorca Dhuibhne mar atá sainaitheanta ag an bpobal ............................ 46
Fíor 6-5 BEI (Fardal Astaíochtaí Bonnlíne) i gcomhair DZ (Crios um Dhícharbónú) Dhaingean Uí Chúis/Chorca Dhuibhne.................................................................. 48
Fíor 6-6 BEI (Fardal Astaíochtaí Bonnlíne) i gcomhair na n-earnálacha iompair agus cónaithe laistigh den DZ (Crios um Dhícharbónú) .................................................. 49
Fíor 6-7 BEI (Fardal Astaíochtaí Bonnlíne) i gcomhair earnálacha LULUCF (Úsáid Talún, Athrú ar Úsáid Talún agus Foraiseacht) agus Talmhaíochta laistigh den DZ (Crios um Dhícharbónú) ......................................................................................... 50

# Gluais Acrainmneacha

| Acrainm | Cur Síos |
|---|---|
| AD | Díleá Anaeróbach (Díleáiteoir) |
| ACRES | Scéim Timpeallachta Tuaithe Agra-Aeráide [Ginearálta nó Comhoibriú] |
| ASSAP | Clár Tacaíochta agus Comhairle um Inbhuanaitheacht Talmhaíochta |
| BEI | Fardal Astaíochtaí Bonnlíne |
| CAP 2023 | Plean Náisiúnta Gníomhaithe ar son na hAeráide 2023 |
| CCRA | Measúnú Priacail ar an Athrú Aeráide |
| DECA SG | Gníomh Éifeachtach ar son na hAeráide á Sheachadadh 2030 - Spriocanna Stratéiseacha |
| DZ | Crios um Dhícharbónú |
| EIA | Measúnacht Tionchair Timpeallachta |
| EM | Baill Thofa |
| EMP | Máistirphlean Fuinnimh |
| GHG/GCT | Gás Ceaptha Teasa |
| GtT | Uirlis 'Bearna go Sprioc' |
| KCC/CCC | Comhairle Contae Chiarraí |
| KCDP/PFCC | Plean Forbartha Chontae Chiarraí 2022-2028 |
| KPI/PTF | Príomhtháscaire Feidhmíochta |
| Kt$CO_2$-eq/t$CO_2$-eq | Cileathonna de Choibhéis Dé-ocsaíde Carbóin / Tonna de Choibhéis Dé-ocsaíde Carbóin |
| LA | Údarás Áitiúil |
| LACAP | Plean Gníomhaithe an Údaráis Áitiúil ar son na hAeráide |
| LAP | Plean Limistéir Áitiúil |
| LGMA | Gníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil |
| LPG/GPL | Gás Peitriliam Leachtaithe |
| LULUCF | Úsáid Talún, Athrú ar Úsáid Talún agus Foraoiseacht |
| ORE | Fuinneamh In-athnuaite Amach ón gCósta |
| OREDP | Plean Forbartha Fuinnimh In-athnuaite Amach ón gCósta |
| PA | Údarás Pleanála |
| RE | Fuinneamh In-athnuaite |
| RED II | Treoir maidir le Fuinneamh In-athnuaite II |
| SAC | Limistéar Caomhantais Speisialta |
| SEA | Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta |
| SEAI<br>SEAI M&R | Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann<br>Faireachán agus Tuairisceoireacht Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann |
| SEC | Pobal Fuinnimh Inbhuanaithe |
| SDG | Spriocanna Inbhuanaithe Forbartha |
| SMT | Buíon na mBainisteoirí Sinsearacha |
| SPA | Limistéar Cosanta Speisialta |
| SPC | Coiste um Beartais Straitéiseacha |
| ZEVI | Feithiclí Astaíochtaí Nialasacha Éireann |

# 1 Brollach

Is ann anois do ghlacadh agus feasacht láidir gurb éard atá san Athrú Aeráide ná an dúshlán sóisialta geilleagrach timpeallachta is sainiúla lenár linne. Is tosaíocht agus dúshlán an-mhór atá ann i gcomhair an rialtais áitiúil pleanáil a dhéanamh i dtaca le héifeachtaí an athraithe aeráide. Tá uaillmhianta ag Comhairle Contae Chiarraí chun aghaidh a thabhairt ar an ndúshlán so. I gcomhréir leis an mBeartas Náisiúnta Aeráide atá ag teacht chun cinn, oibreoidh Comhairle Contae Chiarraí ar mhaithe le gníomhú éifeachtach ar son na haeráide a sheachadadh ón mbonn aníos. Tá sé mar aidhm againn a bheith mar cheannaire ó thaobh an Ghníomhaithe ar son na hAeráide ar leibhéal pobalbhunaithe áitiúil. Anois beidh an cúram ceannaireachta fé threoir plean trí Phlean Gníomhaithe an Údaráis Áitiúil seo ar son na hAeráide (LACAP).

Is eol dúinn mar Údarás Áitiúil go bhfuilimid freagrach as feabhas a chur ar dhíonacht ó thaobh na haeráide de, méadú a dhéanamh ar éifeachtúlacht fuinnimh, agus laghdú a dhéanamh ar astaíochtaí na ngás ceaptha teasa (GCT), inár gcuid sócmhainní, seirbhísí agus bonneagar féin. Go deimhin, léirítear sa phlean so anois uaillmhian Chomhairle Contae Chiarraí chun cur lena cuid oibre reatha i réimse an Ghníomhaithe ar son na hAeráide agus ár gcuid spriocanna astaíochtaí agus spriocanna éifeachtúlachta fuinnimh in Earnáil an Rialtais Áitiúil a shroisint. Is iad na spriocanna so ná laghdú 51% ar astaíochtaí GCT agus feabhsú 50% ar éifeachtúlacht fuinnimh fén mbliain 2030. Táimid meáite ar na spriocanna uaillmhianacha dúshlánacha so a bhaint amach.

Léirítear sa Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide fís Chomhairle Contae Chiarraí ar conas mar a bheidh cuma contae a bheidh díonach ó thaobh na haeráide de agus conas mar a bheidh contae dá leithéid ag feidhmiú sa bhliain 2030 agus ar aghaidh go dtí an bhliain 2050. Tá fúinn aghaidh a thabhairt ar na dúshláin shóisialta gheilleagracha timpeallachta a bhaineannn leis an athrú aeráide. Creidimid go ndéanfar oiriúnú ar an dtír, trí Aistriú Cóir, sa chaoi go sealbhófar todhchaí a bheidh dícharbónaithe, neodrach agus díonach ó thaobh na haeráide de, agus saibhir ó thaobh na bithéagsúlachta de. Bainfear so amach trínár dtimpeallacht a chosaint, trí chomhpháirtíochtaí tréana a thógaint agus trí chomhair láidre a dhéanamh lenár bpobail.

Tá Comhairle Contae Chiarraí meáite ar an bhfís a bhaint amach. De réir mar atá an contae ag leanúint d'fhás agus d'fhorbairt leanúnach a thaithí, táimid meáite ar thacú leis na páirtithe leasmhara agus na pobail ar an leibhéal áitiúil ó thaobh na bearta riachtanacha oiriúnúcháin agus maolúcháin a thuiscint agus a chur i ngníomh chun a chinntiú go bhféadfaidh Contae Chiarraí oibriú i dtreo go gcuirfear i gcrích todhchaí a bheidh níos inbhuanaithe agus níos díonaí ó thaobh na haeráide de.



An Comhairleoir Jim Finucane
Cathaoirleach



Moira Murrell
Príomh-Fheidhmeannach

## 2 Achoimre Feidhmiúcháin

Is éard atá san Athrú Aeráide ná an dúshlán sóisialta geilleagrach timpeallachta is sainiúla lenár linne. Is dúshlán an-mhór atá ann anois i gcomhair an Rialtais Áitiúil pleanáil a dhéanamh i dtaca le héifeachtaí an athraithe aeráide. Tá an Rialtas Áitiúil sainaitheanta mar ghníomhaire ríthábhachtach ó thaobh ceannaireacht a chur ar fáil i réimse an athraithe aeráide ar leibhéal pobalbhunaithe áitiúil. Tá cúram leagtha ar Údaráis Áitiúla treisiú le tacaíocht agus acmhainní a sholáthar d'fhonn gníomhú go héifeachtach ar son na haeráide ón mbonn aníos. Síníodh an cur chuige seo ina dhlí aeráide lena gceanglaítear ar gach Údarás Áitiúil sa tír ceannaireacht a thabhairt maidir leis an Athrú Aeráide ar leibhéal an chontae. Tá sé beartaithe go mbeidh an cheannaireacht á soláthar fé threoir plean, is é sin le rá, trí Phlean Gníomhaithe an Údaráis Áitiúil ar son na hAeráide (LACAP).

Ar an mbonn náisiúnta, beidh na Pleananna LACAP so ina mbunuirlisí lena neartófar na ceangail idir na leibhéil áitiúla, réigiúnacha, náisiúnta agus idirnáisiúnta den bheartas aeráide. Is gá go n-éireoidh leis na pleananna seachadadh a dhéanamh ar ghníomh pobalbhunaithe áitiúil ar son na haeráide trí bhíthin na mbeart aeráide a bheidh bunaithe ar áit agus ar fhianaise. Is pleananna reachtúla 5 bliana iad na Pleananna LACAP agus áireofar leo gníomhartha maolúcháin agus oiriúnúcháin lena gcuirfear bealaí ar fáil sa deireadh chun sochaí dhícharbónaithe a bhaint amach. Tá na Pleananna LACAP le glacadh ag a gcuid Ball Tofa sa bhliain 2024 agus mairfidh an Plean go ceann 5 bliana.

Beidh Comhairle Contae Chiarraí freagrach le linn na tréimhse seo as feabhas a chur le díonacht ó thaobh na haeráide de, méadú a chur ar an éifeachtúlacht fuinnimh agus laghdú a chur ar astaíochtaí na ngás ceaptha teasa, sna sócmhainní, sna seirbhísí agus sa bhonneagar dá cuid féin, rudaí a mbeidh an Chomhairle cuntasach go hiomlán fúthu. Is gá, áfach, do Chomhairle Contae Chiarraí feidhm réamhghníomhach a bhaint freisin as a cúram leathan ó thaobh tionchar a imirt ar earnálacha eile, chomh maith le comhordú, éascaíocht agus abhcóideacht a dhéanamh ina dtaobh - mar a bheartaítear sa ghrafaic thíos - chun a gcuid spriocanna agus uaillmhianta aeráide féin a bhaint amach.

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | | OIRIÚNÚ | | |
| Cuntasacht Iomlán | Tionchar | | Comhordú agus Éascaíocht | Abhcóideacht |
| Gníomhú ar son na hAeráide a sheachadadh i limistéir fé shainchúram an údaráis áitiúil féin lena n-áirítear foirgnimh, bonneagar, córais an údaráis, oibríochtaí agus foireann an údaráis áitiúil. | Tionchar a imirt ar earnálacha agus ar phobail maidir leis an ngníomhú ar son na haeráide. **Díreach:** Slabhraí soláthair/ riar agus prótacail foirne. **Rialaitheach:** Cinntí a dhéanamh ar phleanáil agus forbairt, dramhaíl, fodhlíthe, caighdeáin a fheidhmiú. **Leathan:** Trí sheirbhísí a chur ar fáil thar raon na bhfeidhmeanna, beartú tosaíochta, infheistíocht a dháileadh srl. | | Iarrachtaí a chomhordú idir páirtithe leasmhara éagsúla, m.s. Criosanna um Dhícharbónú agus **Éascaíocht a dhéanamh** trí chistiú a shainaithint, trí threisiúcháin rialaitheacha a úsáid. Comhar agus rannpháirtíocht a dhéanamh i gcomhpháirtíochtaí maidir leis an athrú aeráide. | Fís áitiúil, cumarsáid, múscailt feasachta, cur chun cinn, forbairt acmhainne a chruthú. |
| Spriocanna/Méadracht | | | Príomhtháscairí Feidhmíochta | |
| | | MAOLÚ | | |

Léirítear sa phlean so anois uaillmhian Chomhairle Contae Chiarraí maidir leis an athrú aeráide. Is éard atá san uaillmhian so ar bhonn inmheánach ná spriocanna na Comhairle a bhaint amach ó thaobh astaíochtaí agus éifeachtúlachta fuinnimh. Is iad san ná laghdú 51% ar astaíochtaí agus feabhsú 50% ar éifeachtúlacht fuinnimh fén mbliain 2030. Féachann an tÚdarás Áitiúil ar bhonn seachtrach le tionchar a imirt, abhcóideacht agus éascaíocht a dhéanamh ó thaobh na n-uaillmhianta gníomhaithe ar son na haeráide sa phobal áitiúil. Léirítear sa tuarascáil seo na huaillmhianta agus na bealaí chun spriocanna a shroisint agus tíolactar inti Dréachtphlean Gníomhaithe an Údaráis Áitiúil ar son na hAeráide de chuid Chomhairle Contae Chiarraí 2024-2029.

Tá an plean roinnte ina chodanna agus ina aguisíní éagsúla.

*Cuid 3 Pleanáil Ghníomhaíthe an Údaráis Áitiúil ar son na hAeráide*
Cuirtear buneolas ar fáil maidir leis an bpróiseas chun plean a dhéanamh, agus cuimsiú agus uaillmhian an LACAP a chur i gcomhthéacs le hais na spriocanna náisiúnta a bhíonn ceangailteach de réir dlí.

*Cuid 4 Bonn Fianaise*
Cuirtear buneolas ar fáil maidir leis na sonraí de na hastaíochtaí bonnlíne a úsáidtear chun an plean a mhúnlú agus forléargas ar an Measúnú Priacail ar an Athrú Aeráide a ullmhaítear i gcomhair an LACAP. Tá feidhm bainte as an ndá cheann acu chun an próiseas déanta plean a mhúnlú, agus na dúshláin, a gcaithfidh an contae aghaidh a thabhairt orthu ó thaobh na spriocanna náisiúnta astaíochtaí a shroisint, a chur i gcomhthéacs.

*Cuid 5 Creat an Ghníomhaithe ar son na hAeráide*
Ábhar an phlean, ina léirítear fís shoiléir; ráiteas misin; spriocanna agus cuspóirí straitéiseacha. Deintear cur síos san *Fhís* maidir leis an gcuma a bheidh ar chontae a bheidh díonach ó thaobh na haeráide de agus maidir le conas mar a bheidh contae dá leithéid ag oibriú sa bhliain 2030 agus anonn go dtí an bhliain 2050. Léirítear sa *Ráiteas Misin* conas mar a bhreithníonn CCC go mbainfidh sí an fhís sin amach. Sa deireadh, sainaithnítear cúig cinn de Spriocanna Straitéiseacha lena ndéanfar an fhís agus an ráiteas mision a thabhairt chun críche. Déanfar treorú trí na Spriocanna Straitéiseacha ar ghníomhartha an phlean a bheidh sonrach, gníomhdhírithe, ambhunaithe agus intomhaiste (SMART/SICRU).

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| Timpeallacht Thógtha agus Iompar | Timpeallacht Nádúrtha agus Bonneagar Glas | Inbhuanaitheacht agus Bainistiú Acmhainne | Pobail, Díonacht agus Aistriú | Rialachas agus Ceannaireacht |

*Cuid 6 - Crios um Dhícharbónú Dhaingean Uí Chúis/Leithinis Chorca Dhuibhne*
Mar atá ina cheanglas, tá Crios um Dhícharbónú (DZ) ar áireamh sa phlean freisin. Is é an limistéar atá sainaitheanta i gCiarraí ná Crios um Dhícharbónú Dhaingean Uí Chúis/Leithinis Chorca Dhuibhne. Tá an tsainaithint déanta ar an DZ go príomha ar mhaithe le gníomh aeráide a sheachadadh chun bealaí a chur ar fáil d'fhonn gnóthachtáil a dhéanamh maidir le sprioc an laghdaithe astaíochta náisiúnta 51% fén mbliain 2030 agus sprioc an gheilleagair a bheith saor ó astaíochtaí fé dheireadh na bliana 2050 (i bhfianaise na bliana bonnlíne 2018). Tá na spriocanna so agus na bealaí chun na spriocanna so a bhaint amach léirithe sa LACAP. Baileofar na foghlaimí sa DZ maidir leis an dtaithí ón bhfíorshaol agus na dúshláin ón bhfíorshaol chun na spriocanna so a shroisint ar fud na n-earnálacha go léir. Tá an cur chuige áitbhunaithe sonrach so ag féachaint le fionnachtana de bhonn stóinsithe fianaise, coinníollacha atá bainteach le comhthéacs, agus cothú an chomhair leathain ag páirtithe leasmhara, a chur le chéile chun beartais shaincheaptha a chruthú d'fhonn an gníomhú ar son na haeráide a sheachadadh.

*Cuid 7 - Cur i nGníomh*
Is éard a bheidh i gcumas earnáil na n-údarás áitiúil chun feidhmíocht ar an ngníomhú ar son na haeráide a thaispeáint ná comhchuid ríthábhachtach ó thaobh léiriú rathúil a dhéanamh i dtaobh an mbeidh an earnáil ag tabhairt ceannaireachta le dea-shampla agus i dtaobh conas mar a bheidh an earnáil ag tabhairt ceannaireachta le dea-shampla, agus cad é an cion feidhme a bheidh á chomhlíonadh acu sna spriocanna náisiúnta um athrú aeráide. Léirítear sa chuid seo trí cinn d'eochairghníomhaíochtaí nach foláir do CCC a bhreithniú nuair a ghlactar le plean: pleanáil chun an plean a chur i ngníomh; dul chun cinn a rianú trí Phríomhtháscairí Feidhmíochta (PTF/KPI) chomh maith le ceanglais and socruithe tuairisceoireachta. Léirítear an chaoi a seachadfar an LACAP de chuid CCC – is é sin, conas mar a chuirfear é i ngníomh agus conas mar a dhéanfar faireachán air – i ndáil leis na gcreat so.

*Aguisíní*
*Aguisín A*: Tugtar an liosta de na Gníomhartha a shainaithnítear i dtaca le gach Sprioc Straitéiseach
*Aguisín B*: Tugtar forléargas ar an áit a mbíonn an LACAP i dtaca leis an mBeartas Náisiúnta agus i dtaca leis an mBeartas Eorpach
*Aguisín C*: Tugtar an *Tuarascáil Achomair ar an mBonn Fianaise* a deineadh chun an próiseas déanta plean a mhúnlú
*Aguisín D*: An Measúnú Priacail ar an Athrú Aeráide a deineadh chun an próiseas déanta plean a mhúnlú
*Aguisín E*: Tugtar forléargas ar an bPróiseas Rannpháirtíochta a deineadh chun an próiseas déanta plean a mhúnlú
*Aguisín F*: Tugtar an Tuarascáil Timpeallachta um Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta
*Aguisín G*: Tugtar an Tuarascáil Tionchair Natura.

**Mar atá ina cheanglas, deineadh Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta (SEA) agus Measúnacht Chuí (AA) ar LACAP Chiarraí 2024-2029. Léirítear in Aguisín F agus Aguisín G an chaoi ar mhúnlaigh an SEA agus an AA an plean. Tá an maolú mar atá ina cheanglas de réir na measúnachta timpeallachta snaidhmthe isteach sa phlean LACAP so, mar atá sonraithe in Aguisín F agus Aguisín G.**

# TABHAIR DO THUAIRIM

Tá Dréachtphlean
Gníomhaithe an Údaráis Áitiúil ar son na hAeráide 2024-2029,

Tuarascáil Timpeallachta SEA (ER)
agus
Tuarascáil Tionchair Natura (NIR)

de chuid Chomhairle Contae Chiarraí

anois ar taispeáint i gcomhair an chomhairliúcháin phoiblí go ceann 6 seachtaine

ón Déardaoin, an 19 Deireadh Fómhair, 2023 go dtí Dé hAoine, an 1 Mí na Nollag, 2023

Cuirtear fáilte roimis gach aiseolas, tuairimí agus moltaí chun tacú le saothrú an phlean chríochnaithigh agus déanfar iad a chur san áireamh go cuí sula ndéanfar an plean.

Is féidir aiseolas, tuairimí agus moltaí a dhéanamh:

Ar líne trí https://consult.kerrycoco.ie

**nó**

I scríbhinn go dtí an tAonad um Ghníomhú Aeráide, Comhairle Contae Chiarraí, Eastát Tionscail Fhearann na Coille, Cill Airne, Contae Chiarraí, V93XF98 agus marcáilte 'Dréachtphlean Gníomhaithe an Údaráis Áitiúil ar son na hAeráide de chuid Chomhairle Contae Chiarraí'.

**Is é an dáta deiridh a nglacfar le haighneachtaí ná an 1 Mí na Nollag 2023**

# 3 Pleanáil Ghníomhaithe an Údaráis Áitiúil ar son na hAeráide - An Bealach á Réiteach

## 3.1 Réamhrá

Is éard atá san Athrú Aeráide ná an dúshlán sóisialta geilleagrach timpeallachta is sainiúla lenár linne. Tugtar le fios sna réamh-mheastacháin ar an athrú aeráide sa todhchaí ar bhonn domhanda agus réigiúnach go mbeidh na hastaíochtaí leanúnacha de gháis cheaptha teasa (GCT) ina gcúis lena thuilleadh téimh agus lena thuilleadh athruithe ar ár n-aeráid, rud gurb é an toradh a bheidh leis ná priacail mhéadaithe do dhaoine agus don dúlra. I gcomhréir leis na Físeanna Idirnáisiúnta agus Eorpacha de thodhchaí a bheidh díonach ó thaobh na haeráide de, tá Éire meáite anois ar aistriú go dtí geilleagar a bheidh díonach ó thaobh na haeráide de, saibhir ó thaobh na bithéagsúlachta de, inbhuanaithe ó thaobh na timpeallachta de agus neodrach ó thaobh na haeráide de, fén mbliain 2050[1]. Tá an "cuspóir aeráide 2050 náisiúnta" trasuite anois ina dhlí san *Acht um Ghníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin (Leasú), 2021*.


Tá dul chun cinn déanta ag Éirinn ó shin sa chaoi gur foilsíodh na chéad bhuiséid charbóin dá cuid sa bhliain 2021, uasteorainneacha astaíochtaí earnálacha sa bhliain 2022 agus a *Phlean Náisiúnta Gníomhaithe ar son na hAeráide* is déanaí sa bhliain 2023 (CAP 2023). Tá an beartas poiblí thar na hearnálacha ar fad, amhail leictreachas, iompar, talmhaíocht agus an chaoi a bhfoirgnímid sa todhchaí fé thiomáint an ghníomhaithe ar son na haeráide agus fé thiomáint na pleanála i leith an athraithe aeráide. Tá an Rialtas Áitiúil sainaitheanta, áfach, mar ghníomhaire ríthábhachtach ó thaobh ceannaireacht a chur ar fáil i réimse an athraithe aeráide ar leibhéal pobalbhunaithe áitiúil. Tá cúram leagtha ar an Rialtas Áitiúil treisiú le tacaíocht agus acmhainní a sholáthar d'fhonn gníomhú go héifeachtach ar son na haeráide ón mbonn aníos. Tá so le bheith á threorú de réir plean trí *Phlean Gníomhaithe an Údaráis Áitiúil ar son na hAeráide* (LACAP). Déanfaidh gach Údarás Áitiúil sa tír forbairt ar na pleananna so. Tá gach plean le glacadh ag na Baill Thofa sa bhliain 2024 agus mairfidh sé go ceann 5 bliana.

I Márta 2023 chuir Rialtas na hÉireann treoirlínte ar fáil d'Údaráis Áitiúla ó thaobh cad ba chóir a chur san áireamh i ngach LACAP agus conas ba chóir iad a ullmhú[2]. Aithnítear sna treoirlínte go mbíonn na Údaráis Áitiúla ina gcuid limistéar tíreolaíochta taobh thiar de chéatadán cuíosach beag d'astaíoctaí a mbíonn siad lánfhreagrach astu. Bíonn cúraimí agus feidhmeanna eile, áfach, ar an Údarás Áitiúil sa phobal. Is gá d'Údaráis Áitiúla tionchar a imirt, comhordú/éascaíocht a dhéanamh agus abhcóideacht a dhéanamh ar mhaithe leis an ngníomhú ar son na haeráide ar fud na sochaí. Ní foláir nó go dtabharfaidh an plean aghaidh ar na gníomhartha inmheánacha a bheidh riachtanach chun go mbainfidh an tÚdarás Áitiúil a gcuid spriocanna uaillmhianacha féin amach, chomh maith le gníomhartha seachtracha a imreoidh tionchar, a chomhordóidh/éascóidh agus a dhéanfaidh abhcóideacht ar mhaithe leis an ngníomhú ar son na haeráide. Mar thaca leis an LACAP tá an prionsabal *Aistriú Cóir* – ní fhágfar éinne ar deireadh de réir mar a dhéanfaimid an t-aistriú go dtí an tsochaí dhícharbónaithe.

Laistigh de chomhthéacs an LACAP, meastar an gníomhú ar son na haeráide mar dhá bheart chomhtháite ar gá don tsochaí iad a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin an athraithe aeráide. **Maolú** – áit a laghdaímid nó a ngearraimid astaíochtaí na ngás ceaptha teasa (GCT), agus **Oiriúnú** – áit a gcuirimid sinne in oiriúint do na hiarmhairtí "dosheachanta" den athrú aeráide san am le teacht (Fíor 3-1).

---

[1] Deintear cur síos níos mine in Aguisín B ar an gcaoi a ndeintear beartas náisiúnta ghníomhaithe ar son na haeráide a shuíomh laistigh den Chreat Idirnáisiúnta agus Eorpach ó thaobh an bheartais de.
[2] https://www.gov.ie/en/publication/f5d51-guidelines-for-local-authority-climate-action-plans/




**Fíor 3-1 Athrú Aeráide – maolú agus oiriúnú**

Tá an LACAP chun a bheith ina eochairuirlis lena neartófar na naisc idir an beartas aeráide ar bhonn áitiúil, réigiúnach, náisiúnta agus idirnáisiúnta. Is gá go ndéanfaidh an plean gníomhú éifeachtach ar son na haeráide a sheachadadh ar an leibhéal áitiúil agus ar leibhéal an phobail trí ghníomhú ar son na haeráide a bhunófar ar áit agus ar fhianaise. Áireofar leo gníomhartha maolúcháin agus oiriúnúcháin lena gcuirfear bealaí ar fáil sa deireadh chun sochaí dhícharbónaithe a bhaint amach. Thairis sin, tá gach plean chun limistéar "píolótach" a shainaithint sa chontae, limistéir ar a dtabharfar *criosanna um dhícharbónú* (DZ), ina bhféadfar "triail" a bhaint as gníomhartha ar son na haeráide a bheidh níos sonraí agus níos áitbhunaithe, i gcomhairle le raon páirtithe leasmhara. Is éard a bheidh sa DZ dáiríre ná taispeántas nó "saotharlann bheo" den mhéid a bheidh indéanta chun críche an ghníomhaithe ar son na haeráide ar an leibhéal áitiúil agus ar leibhéal an phobail, chun gnóthachtáil a dhéanamh maidir leis an sprioc náisiúnta um laghdú ar astaíochtaí 51% fén mbliain 2030 agus a bheith saor ó astaíochtaí fé dheireadh na bliana 2050 (i bhfianaise na bliana bonnlíne 2018).

## 3.2 Cuimsiú agus Uaillmhian an Phlean Ghníomhaithe ar son na hAeráide de chuid Údarás Áitiúil Chiarraí

Tá dréacht-LACAP forbartha anois ag Comhairle Contae Chiarraí mar atá mionsonraithe sa tuarascáil seo. Léirítear sa phlean uaillmhian CCC laistigh de chreat chion feidhme an Rialtais Áitiúil i dtaobh an ghníomhaithe ar son na haeráide a thaispeántar i bhFíor3.2. Ar an mbonn inmheánach ciallaíonn an uaillmhian so go mbeidh an Chomhairle *cuntasach* ina cuid spriocanna astaíochtaí agus a cuid spriocanna éifeachtúlachta fuinnimh chomh maith leis na spriocanna san a bhaint amach. Is iad san ná laghdú 51% ar astaíochtaí GCT agus feabhsú 50% ar éifeachtúlacht fuinnimh fén mbliain 2030. Féachann an tÚdarás Áitiúil ar bhonn seachtrach le *tionchar a imirt, éascaíocht a dhéanamh agus abhcóideacht a dhéanamh* maidir leis na huaillmhianta um ghníomhú ar son na haeráide sa phobal áitiúil. Léirítear sa tuarascáil seo na huaillmhianta agus na bealaí chun spriocanna a shroisint.

| | | OIRIÚNÚ | | |
|---|---|---|---|---|
| Cuntasacht Iomlán | Tionchar | | Comhordú agus Éascaíocht | Abhcóideacht |
| Gníomhú ar son na hAeráide a sheachadadh i limistéir fé shainchúram an údaráis áitiúil féin: lena n-áirítear foirgnimh, bonneagar, córais, oibríochtaí agus foireann an údaráis áitiúil. | Tionchar a imirt ar earnálacha agus ar phobail maidir leis an ngníomhú ar son na haeráide. **Díreach:** Slabhraí soláthair/ riar agus prótacail foirne. **Rialaitheach:** Cinntí a dhéanamh ar phleanáil agus forbairt, dramhaíl, fodhlíthe, caighdeáin a fheidhmiú. **Leathan:** Trí sheirbhísí a chur ar fáil thar raon na bhfeidhmeanna, beartú tosaíochta, infheistíocht a dháileadh srl. | | Iarrachtaí a **chomhordú** idir páirtithe leasmhara éagsúla, m.s. Criosanna um Dhícharbónú agus **Éascaíocht a dhéanamh** trí chistiú a shainaithint, trí threisiúcháin rialaitheacha a úsáid. Comhar agus rannpháirtíocht a dhéanamh i gcomhpháirtíochtaí maidir leis an athrú aeráide. | Fís áitiúil, cumarsáid, múscailt feasachta, cur chun cinn, forbairt acmhainne a chruthú. |
| Spriocanna/Méadracht | | | Príomhtháscairí Feidhmíochta | |
| | | MAOLÚ | | |

**Fíor 3-2 Cion Feidhme an Rialtais Áitiúil laistigh den Ghníomhú ar son na hAeráide – ó chuntasacht iomlán ina chuid astaíochtaí GCT féin go dtí tionchar a imirt, comhordú/éascaíocht a dhéanamh agus abhcóideacht a dhéanamh thar raon a fheidhmeanna agus a fhreagrachtaí.**

Áirítear DZ (Crios um Dhícharbónú) leis an bplean freisin. Is é an limistéar atá sainaitheanta i gCiarraí ná Crios um Dhícharbónú Dhaingean Uí Chúis/Leithinis Chorca Dhuibhne (ar a dtugtar anso feasta DZ Dhaingean Uí Chúis/Chorca Dhuibhne). Tar éis na mbeart, tá an tsainaithint déanta ar an DZ go príomha ar mhaithe le gníomhú ar son na haeráide a sheachadadh chun bealaí a chur ar fáil d'fhonn gnóthachtáil a dhéanamh maidir leis an sprioc náisiúnta um laghdú ar astaíochtaí 51% fén mbliain 2030 agus a bheith saor ó astaíochtaí fé dheireadh na bliana 2050 (i bhfianaise na bliana bonnlíne 2018). Deintear léiriú níos mine i gCuid 6 ar na bealaí chun na spriocanna so a bhaint amach.

Pléitear sa chéad chuid eile ar bhonn níos mine an fhaisnéis chúlra a bailíodh chun tacú leis an LACAP, ina léirítear na príomhfhoinsí astaíochtaí GCT sa chontae (Fardal Astaíochtaí Bonnlíne) agus na priacail shonracha maidir leis an athrú aeráide a gcaithfidh an contae aghaidh a thabhairt orthu (Measúnú Priacail ar an Athrú Aeráide).

# 4 Bonn Fianaise

## 4.1 Ciarraí - Cuntas ar an gContae

Tá Contae Chiarraí suite in iardheisceart na hÉireann. Clúdaíonn limistéar riaracháin an chontae achar de bhreis agus 4,807km² agus is é an dara contae is mó i gCúige Mumhan é. Tá sé buailte ar Chorcaigh ar an dtaobh thoir agus ar Luimneach ar an dtaobh thuaidh. Tá daonra 155,258 i gCiarraí agus é leata thar cúig cinn de Cheantair Bhardasacha riaracháin. Cuirtear cóiríocht ar fáil don daonra i líonra bailte, sráidbhailte agus ar fud an limistéir tuaithe. Is lonnaíochtaí féinchuimsitheacha astu féin iad mórán de na lonnaíochtaí so, agus oibríonn siad mar lárionaid shuntasacha áitiúla fostaíochta agus seirbhíse a fhónann do chúlchríocha móra tuaithe.

Is láidir iad na naisc chultúir, oideachais agus gheallagair atá ag Ciarraí, mar gheall ar a shuíomh tíreolaíochta, le Luimneach (Iarthar Láir) agus Corcaigh (Iardheisceart), agus b'fhollas an méid seo tríd an gceangal idir Ciarraí agus Luimneach agus Corcaigh ag amanna éagsúla trí na comhlachtaí pleanála, turasóireachta agus forbartha geilleagraí ar an leibhéal reigiúnach. Tá neart curtha leis na naisc le Corcaigh de bharr an chumaisc a deineadh le déanaí ar Institiúid Teicneolaíochta Thrá Lí agus Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí chun Ollscoil Teicneolaíochta na Mumhan a chur ar bun.

D'ainneoin chóngaracht an chontae do mhórlimistéir uirbeacha chathracha Luimnigh agus Chorcaí, taispeánann an taighde a deineadh mar chuid den ghlacadh le déanaí den Phlean Forbartha an Chontae (2022) gurb ann do phatrúin chomaitéireachta sreafa oibre a chuireann in iúl go mbraitheann cónaitheoirí Chiarraí don chuid is mó ar ghníomhaíocht gheilleagrach laistigh den chontae chun deiseanna fostaíochta a chruthú. Go deimhin, tá croílár geilleagrach inmheánach láidir ag an gcontae, atá comhdhéanta de na bailte ceangailte moil i dTrá Lí, i gCill Airne agus, dá réir sin, i gCill Orglan. Is éard atá sna trí bhaile ná triantán feasa (Mol & Triantán Feasa Chiarraí). I dTrá Lí, i gCill Airne agus, dá réir sin, i gCill Orglan tá an raon feidhmeanna atá á thairiscint níos airde ná mar atá ar fáil i mbailte de thart ar an méid céanna sa tír, agus an foras tríú leibhéal nua, Ollscoil Teicneolaíochta na Mumhan, san áireamh.

Ina theannta san, tá an contae lonnaithe laistigh de réigiún *Chonair Gheilleagrach an Atlantaigh* agus ar bhealach turasóireachta *Shlí an Atlantaigh Fhiáin*. Tá an dá rud ina dtiománaithe ar an bhfás agus ar an infheistíocht ó thaobh an gheilleagair de agus táid tógtha ar ilghnéitheacht an chontae i dtaca le tírdhreacha éagsúla, ina measc an-chuid ceantar cósta agus tailte arda. Sna limistéir chósta tá pobail atá sainiúil ó thaobh an chultúir de, ceantair Ghaeltachta agus pobail oileánda, agus is cuid dhílis d'oidhreacht an Stáit iad ar fad – maidir le cúrsaí nádúrtha agus cultúrtha. Tá clú idirnáisiúnta ar Chiarraí, agus Leithinis Chorca Dhuibhne san áireamh, mar cheann de na cinn scríbe is tábhachtaí in Éirinn do thurasóirí.

Tá roinnt áirithe láithreán sainspéise éiceolaíochta i gCiarraí atá tábhachtach ar bhonn idirnáisiúnta, Eorpach, náisiúnta agus áitiúil maille leis na sonraíochtaí timpeallachta dá réir. Is sonraíocht Eorpach um chaomhnú an dúlra é an líonra Natura 2000 a bhfuil sé mar aidhm aige cosaint a dhéanamh ar ghnáthóga agus speicis atá neamhchoitianta nó fé bhagairt ar fud na hEorpa. Is iad na teidil a thugtar níos coitianta orthu ná Limistéir Chaomhantais Speisialta (SAC) agus Limistéir Chosanta Speisialta (SPA). Clúdaítear limistéir mhóra Chontae Chiarraí fé na sonraíochtaí Eorpacha so chomh maith leis na sonraíochtaí Náisiúnta ar a dtugtar Limistéir Oidhreachta Nádúrtha (NHA). Tá mórán de bhithéagsúlacht Chiarraí le fáil i dtalamh feirme, is cuma pé acu i dtalamh feirme ag a bhfuil luach ard ó thaobh an dúlra de nó i bhfálta sceach agus i sruthchúrsaí atá suite inár dtírdhreach saothraithe. Tá mórán láithreán ar fud an chontae ag a bhfuil luach áitiúil éiceolaíochta. Gníomhaíonn fálta sceach, bogaigh, sruthchúrsaí, leadhbanna coillearnaí nó leadhbanna féaraigh leathnádúrtha mar clocha cora laistigh de chórais leathana éiceolaíochta agus is cuid dhílis iad de thírdhreach cáiliúil Chiarraí.

# CIARRAÍ

# SONRAÍ Ó DHAONÁIRIMH NA mBLIANTA 2022 & 2016

## DAONRA

| CIARRAÍ | STÁT |
|---|---|
| (156,458) | (5,123,536) |
| 79,071 | 2,604,590 |
| 77,387 | 2,544,549 |

## PRÓIFÍL AOISE

STÁT

CIARRAÍ

0-19 bliana 20-34 bliana 35-49 bliana 50-64 bliana 65+ bliana

## TITHÍOCHT

- úinéir-áitithe le morgáiste
- úinéir-áitithe gan mhorgáiste
- ar cíos ó thiarna talún príobháideach
- ar cíos ó Údarás Áitiúil
- ar cíos ó Chomhlacht Deonach
- áitithe saor ó chíos

IOMLÁN 54,288

## FOSTAÍOCHT

- ag an obair
- ar lorg an chéad phoist rialta
- dífhostaithe toisc gur cailleadh post nó éiríodh as post roimis seo
- mac/iníon léinn
- ag tabhairt aire don tigh/teaghlach
- ar scor
- gan a bheith in ann obair de dheasca buanbhreoiteachta nó buan-mhíchumais

Ciarraí 52% ag an obair

## MODHANNA TAISTIL

### Chun Oibre

| | STÁT | CIARRAÍ |
|---|---|---|
| I nGLUAISTEÁN | 58% | 64% |
| DE SHIÚL NA gCOS | 14% | 10% |
| AR ROTHAR | 3% | 1% |
| IOMPAR POIBLÍ | 13% | 7% |

## DAOINE I mBUN OIBRE DE RÉIR EARNÁLA

| | |
|---|---|
| Eile | 23% |
| Seirbhísí Gairmiúla | 23% |
| Tráchtáil agus Trádáil | 20% |
| Tionscail Déantúsaíochta | 11% |
| Talmhaíocht, Foraoiseacht agus Iascaireacht | 8% |
| Tógaint agus Foirgníocht | 6% |
| Riarachán Poiblí | 5% |
| Iompar agus Cumarsáide | 5% |

Na príomhfhíricí ar Chontae Chiarraí a léirítear i bPlean Forbartha Chontae Chiarraí 2022-2028.

## 4.2 An Fhianaise ar Chiarraí á Bailiú

Chun an LACAP so a mhúnlú, tá trí mhír oibre déanta cheana. Is iad san ná:

1. **Fardal Astaíochtaí Bonnlíne** (BEI) ina sonraítear foinse reatha na n-astaíochtaí GCT sa chontae,
2. **Measúnú Priacail ar an Athrú Aeráide** (CCRA) ina ndeintear meastóireacht ar na hiarmhairtí agus na priacail, fé láthair agus sa todhchaí, ó thaobh na haeráide de, a gcaithfidh Comhairle Contae Chiarraí agus an pobal i gcoitinne aghaidh a thabhairt orthu, agus
3. sainfhardal astaíochtaí bonnlíne (BEI) ar an **gCrios um Dhícharbónú** (DZ). Pléitear so ar bhonn níos mionsonraithe i gCuid 6.

## 4.3 Foinsí Astaíochtaí GCT sa Chontae

Sula bhféadfar spriocanna náisiúnta na n-astaíochtaí a bhaint amach, is gá faisnéis bhonnlíne ar na hastaíochtaí reatha a bheith ar fáil. Beidh bonnlíne riachtanach d'fhonn spriocanna a shocrú chun na gcríoch laghdúcháin. Ní foláir do CCC, mar sin, tuiscint a fhorbairt ar fhoinsí na n-astaíochtaí GCT ina cuid limistéir.

Tá an próiseas so críochnaithe ag CCC i gcomhair an chontae. Tá sonraí bonnlíne ar astaíochtaí bailithe i dtaca le:


1. seirbhísí/bonneagar atá go díreach fé smacht CCC agus fé scáth CCC,
2. earnálacha eile sa chontae, agus
3. laistigh dár gcrios sainaitheanta um dhícharbónú Dhaingean Uí Chúis/Chorca Dhuibhne.

Ós rud é go bhfuil an t-eolas so againn, cuirfear ar ár gcumas béim a chur ar iarrachtaí maolúcháin/oiriúnúcháin agus ar ghníomhartha an chleachtais is fearr a fheidhmiú chun laghdú díreach a dhéanamh ar astaíochtaí ó earnálacha ar leith. Is gá freisin rianú a dhéanamh ar an ndul chun cinn i dtaca leis an bhfaireachán ó thaobh spriocanna a shroisint. Beidh sé seo ina ghné thábhachtach den phlean i gcéim an chuir i ngníomh.

### 4.3.1 Astaíochtaí Díreacha Chomhairle Contae Chiarraí

Mar atá ina cheanglas, tá astaíocht bhonnlíne GCT saothraithe ag CCC de bhun na sonraí ó na blianta 2016-2018 mar atá taispeánta bhFíor 4.1. Tugtar le fios i bhFíor 4.1 go n-eascraíonn astaíochtaí díreacha GCT na Comhairle Contae go príomha ó bhonneagar fisiciúil na comhairle (trí bhíthin an téimh) agus ó sheirbhísí éagsúla a sholáthar (trí bhíthin an iompair).

Tá sé tábhachtach a athdhearbhú gurb iad so na hastaíochtaí GCT amháin sa chontae a mbeidh freagracht iomlán astu agus cuntasacht iomlán iontu ag CCC, mar atá pléite cheana i gCuid 3.2 agus i bhFíor 3.2.





**Fíor 4-1 BEI (Fardal Astaíochtaí Bonnlíne) maidir le Comhairle Contae Chiarraí, bunaithe ar shonraí bonnlíne na bliana 2018**

I gcomhréir leis an mbeartas náisiúnta i gcomhair na hearnála poiblí[3], agus bunaithe ar bhonnlíne na bliana 2018, is iad na spriocanna maidir le Comhairle Contae Chiarraí (CCC) san LACAP fén mbliain 2030 ná:

- laghdú 51% ar astaíochtaí na ngás ceaptha teasa (GCT) (is iad san ón dteirmeach (téamh) agus iompar), agus
- feabhsú 50% ar an éifeachtúlacht fuinnimh.

Cuirtear ar fáil i Fíor 4- grafaic shimplí eolais ar an gcuma a d'fhéadfadh a bheith ar na roghanna chun na spriocanna so a bhaint amach laistigh den earnáil phoiblí - na bealaí i dtreo an dícharbónaithe a bhféadfaí gabháil dóibh go gníomhach agus a bhféadfaí iad a chur i ngníomh dáiríre.

[3] https://www.seai.ie/business-and-public-sector/public-sector/public-sector-energy-programme/obligations-and-targets/




**Fíor 4-2 Grafaic shimplí eolais ina dtaispeántar roghanna agus bealaí féideartha i dtreo an dícharbónaithe i gcomhair na hearnála poiblí, lena n-áirítear an Rialtas Áitiúil.**


Cabhraítear le sainaithint a dhéanamh ar an gcaoi ar dealraitheach go sroisfidh an earnáil phoiblí na spriocanna laghdúcháin tríd an Uirlis Shamhaltúcháin 'Bearna go Sprioc' (GtT) de chuid Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI). I dtaca le CCC de, taispeántar sa GtT gur gá do CCC laghdú 2.529 Cileathonna de Choibhéis Dé-ocsaíde Carbóin (2,529 Tonna de Choibhéis Dé-ocsaíde Carbóin) [2.529 Kt$CO_2$-eq (2,529t$CO_2$-eq)], a bhaint amach fén mbliain 2030. Taispeántar so go grafach i BhFíor 4.3.

Ina theannta san, tugtar le fios sa samhaltú ón Uirlis GtT den SEAI agus a thaispeántar i bhFíor 4-4 gur féidir an *bhearna* so (an laghdú so ar astaíochtaí) a bhaint amach agus a shárú, cé gur dúshlán ollmhór a bheidh sa chúram. Is éard a bheidh i gceist go príomha leis an sprioc laghdúcháin/bearna 51% so / 2.529 Kt$CO_2$-eq (2,529t$CO_2$-eq) a shroisint ná bealaí chun astaíochtaí iompair agus astaíochtaí teirmeacha (is iad san astaíochtaí téimh) a dhícharbónú. Díreofar gníomhartha CCC ar an mbeart so.


I mbeagán focal, mar sin, chun a spriocanna laghdaithe astaíochtaí a bhaint amach, is gá do CCC:

(1) Athrú a dhéanamh ar éifeachtúlacht chabhlach feithiclí na comhairle agus ar an mbeartas foriomlán iompair maidir leis an gcaoi a gcuireann an chomhairle a cuid seirbhísí agus freagrachtaí i gcrích, agus
(2) Oiriúnú a dhéanamh maidir leis an tslí a ndeineann an chomhairle téamh ar a soláthar foirgneamh reatha, idir sholáthar ina seilbh féin agus sholáthar ar léas aici, chomh maith lena soláthar foirgneamh nua, agus san am céanna feabhas a chur ar an éifeachtúlacht fuinnimh.

I gCuid 4.3.2 agus 4.3.3 sonraítear conas mar a bhainfear amach na laghduithe a mhiondealaítear i bhFíor 4-4.




**Fíor 4-3 An anailís GtT a thaispeánann na laghduithe (51%) a cheanglaítear ar Chomhairle Contae Chiarraí a dhéanamh chun sprioc na bliana 2030 (2,529tCO2-eq) a bhaint amach.**




**Fíor 4-4 Samhaltú ón uirlis GtT ina sonraítear na gníomhartha a cheanglaítear ar CCC a dhéanamh chun a cuid spriocanna um laghdú 51% ar astaíochtaí GCT fén mbliain 2030, mar a thaispeántar i bhFíor 4.3, a shroisint. Má chuirtear na gníomhartha i bhfeidhm, déanfaidh CCC sprioc na bliana 2030 a shroisint agus a shárú.**

### 4.3.2 Iompar

Ar bhonn náisiúnta bunaítear an laghdú ar astaíochtaí ón iompar (50% fén mbliain 2030) mar a leagtar amach in CAP23 (An Plean Náisiúnta Gníomhaithe ar son na hAeráide, 2023) ar an *mBeartas Náisiúnta maidir le Soghluaisteacht Inbhuanaithe*[4] 2022 (SMP), arna achoimriú de réir na samhla dar teideal *seachain-aistrigh-feabhsaigh (SAF/ASI)*, mar a léirítear thíos i Fíor 4-.


| CUR CHUIGE S-A-F / A-S-I | | |
|---|---|---|
| SEACHAIN | AISTRIGH | FEABHSAIGH |
| | | |
| Laghdaigh nó Seachain an gá le taisteal a dhéanamh | Aistrigh go dtí modhanna malartacha | Feabhsaigh teicneolaíochtaí na feithicle nó teicneolaíochtaí an bhreosla |
| Éifeachtúlacht Bhainistiú an Chabhlaigh Feithiclí | | Éifeachtúlacht na feithicle |

**Fíor 4-5 An Beartas Náisiúnta maidir le Soghluaiseacht Inbhuanaithe den chur chuige *seachain-aistrigh-feabhsaigh* mar atá beartaithe in CAP23 (An Plean Náisiúnta Gníomhaithe ar son na hAeráide, 2023) mar aon le feidhmiú sonrach i dtaca le dícharbónú chabhlach feithiclí na hearnála poiblí*[5].***

Dírítear na straitéisí "**Seachain**" ar líon na dturas nó faid slí na dturas a sheachaint nó a laghdú trí athrú a dhéanamh ar dhearadh na seirbhísí poiblí agus ar sheachadadh na seirbhísí poiblí, turais neamhriachtanacha a sheachaint nó a laghdú agus barr feabhais a chur ar na bealaí a ghlactar. Féachtar in "**Aistrigh**" le "haistriú córa iompair" a bhaint amach trí fhéachaint chuige go mbeidh níos lú daoine ag taisteal i bhfeithiclí príobháideacha agus go mbeidh níos mó daoine ag baint feidhme as an iompar poiblí nó as an dtaisteal gníomhach (rothaíocht/siúl), mar a léirítear i bhFíor 4-6. Laistigh den Údarás Áitiúil tugann so le tuiscint go mbaintear feidhm as straitéisí a mbeidh sé mar aidhm acu aistriú i dtreo córacha malartacha iompair nó córacha iompair ar astaíochtaí níos ísle. Ar deireadh, i dtaca le "**Feabhsaigh**" de, féachtar le héifeachtúlacht mhéadaithe feithicle a áirithiú trí bhíthin feabhas a chur ar theicneolaíochtaí feithicle agus breosla, agus breoslaí malartacha san áireamh.

Amhail gach earnáil eile, ceanglaítear anois ar na hÚdaráis Áitiúla cloí leis an tsamhail SAF/ASI chun a gcuid spriocanna féin um laghdú ar astaíochtaí a bhaint amach. Go deimhin, tá an cur chuige seo lárnach maidir leis an dtuarascáil nuafhoilsithe (2023) de chuid na Gníomhaireachta Bainistíochta Rialtais Áitiúil (LGMA) *Cabhlach Feithiclí na nÚdarás Áitiúil – Straitéis i dtreo an Dícharbónaithe,* mar atá le feiscint i Fíor 4-. Tugtar fé ndeara sa straitéis gur ceart dáiríre na roghanna dícharbónúcháin fé "feabhsaigh" a bhreithniú ar deireadh agus, le ceart, na straitéisí "seachain" nó "aistrigh" molta go hard.

[4] https://www.gov.ie/en/publication/848df-national-sustainable-mobility-policy/
[5] https://www.lgma.ie/en/news/ccma-la-fleet-strategy-to-decarbonisation.pdf



| Siúl agus Dul ar Rothaí |
| --- |
| Rothaíocht |
| Iompar Poiblí |
| Tacsaithe & iompar comhroinnte |
| Gluaisteán/Carr príobháideach |

**Fíor 4-6 Ordlathas Inbhuanaithe Iompair ina gcuirtear in iúl an t-aistriú córa iompair a bheartaítear mar chuid den Bheartas Náisiúnta maidir le Soghluaiseacht Inbhuanaithe**

Mar a thaispeántar i bhFíor 4.1, is astaíre suntasach é an t-iompar laistigh d'astaíochtaí foriomlána GCT na Comhairle Contae (CCC). Is é an dála céanna é ar bhonn náisiúnta ar fud an rialtais áitiúil, agus deineann tuarascáil réamhluaite na bliana 2023 de chuid an LGMA *Cabhlach Feithiclí na nÚdarás Áitiúil – Straitéis um Dhícharbónú* fianaise leis an méid seo.

Laistigh de na hoibríochtaí iompair seo, is é an t-astaíre is mó de na hastaíochtaí GCT ná $CO_2$ (dé-ocsaíd charbóin) ó bhreoslaí iontaise a dhó. Dá réir sin, amhail gach Údarás Áitiúil, is gá do CCC a cuid iarrachtaí a chur isteach chun laghdú práinneach a dhéanamh ar dhó na mbreoslaí díosail agus peitril. Mar sin féin, fé mar atá tugtha fé ndeara cheana, is gá gníomhartha laistigh de *'seachain'* agus *'aistrigh'* a bhreithniú freisin, go háirithe san fhadtréimhse. Meastar gur uirlis bhunúsach é an *Treochlár um Dhícharbónú an Chabhlaigh* chun an aidhm a bhaint amach i dtreo spriocanna na bliana 2030 ach ar deireadh thiar i dtreo na sprice a bheith saor ó astaíochtaí fé dheireadh na bliana 2050.

Tá liosta in Aguisín A de na gníomhartha chun an tsamhail SAF/ASI a bhaint amach in astaíochtaí CCC ó thaobh an iompair de. Tá an gá le *Treochlár um Dhícharbónú an Chabhlaigh* sainithe mar ghníomh barrthábhachtach – i gcomhréir le straitéis an LGMA.

I dtaca le *'feabhsaigh'* de, tríd an uirlis réamhluaite GtT, mar a léirítear i bhFíor 4-4, deintear cur síos ar na gníomhartha[6] a cheanglaítear ar CCC chun go mbainfear amach na laghduithe ar astaíochtaí a bhainfidh le tomhaltas iomlán an bhreosla iompair mar a thuairiscítear don chóras Faireacháin agus Tuairisceoireachta de chuid SEAI (Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann).

Mar atá beartaithe, soláthróidh an Crios um Dhícharbónú (DZ) "limistéar píolótach" nó "saotharlann bheo" maidir le conas mar is féidir spriocanna na n-astaíochtaí ó thaobh an iompair de a bhaint amach sa phobal i gcoitinne tríd an tsamhail SAF/ASI.

[6]Bunaítear na gníomhartha ar raon creatlach/bonn tuisceana a shonraítear san uirlis GtT, mar a cheadaítear fén gcóras Faireacháin agus Tuairisceoireachta de chuid SEAI.

### 4.3.3 Fuinneamh Teirmeach Thar na Sócmhainní de Chuid CCC.

I gcomhréir lena bheith ag gabháil do Bheartas Eorpach agus do Bheartas Náisiúnta sular achtaíodh *An tAcht um Ghníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin (Leasú), 2021*, bhí éifeachtúlacht shuntasach fuinnimh bainte amach cheana ag CCC thar a punann sócmhainní. Tábla 4-1, mar shampla, taispeántar feabhsuithe sna rátálacha um Dheimhniú Fuinnimh Taispeána i dtaca le roinnt mhaith sócmhainní de chuid CCC ó bhí an bhliain 2019 ann.

Agus í ag tógaint ar an saothar so, tá CCC tar éis *Plean Uasghrádúcháin um Oibreacha Fuinnimh* a tháirgeadh dá saoráidí corparáideacha cheana. Deintear miondealú sa phlean ar na 75 ionad maoine fé úinéireacht CCC. Sonraítear ann tionscadail ina bhféachtar le méadú a chur ar an bhfeidhmíocht fuinnimh agus ar an gcuma san na sócmhainní a thabhairt suas chun na gcaighdeán a bhíonn ina gceanglas náisiúnta, mar a bhainistítear sa Chóras um Bainistiú an Fhuinnimh de chuid CCC agus a chreidiúnaítear go dtí ISO 50001.

Is díol suntais laistigh den phunann so de 75 fhoirgneamh gurb ann do roinnt áirithe Úsáideoirí Suntasacha Fuinnimh - lena n-áirítear Campas Áras an Chontae i dTrá Lí agus Lárionad Fóillíochta Chill Airne, Cill Airne. Tá na hÚsáideoirí Suntasacha so á dtéamh fé láthair leis an GPL/LPG (gás peitriliam leachtaithe) agus tabharfar tosaíocht do na hoibreacha uasghrádúcháin ar an ndá shócmhainn. Mar aon leis na huasghrádúcháin fuinnimh a mholtar, déanfaidh na hoibreacha a bheartaítear thar shaolré an phlean so tiontú éifeachtach ar an dtomhaltas GPL sa dá fhoirgneamh go dtí teaschaidéil leictreacha. Is é an toradh a bheidh air ná laghduithe suntasacha ar astaíochtaí chomh maith le héifeachtúlacht fuinnimh, mar a cheanglaítear ar CCC a dhéanamh chun a cuid spiocanna earnála Rialtais Áitiúil a bhaint amach.

I ndáil le punann foriomlán CCC, sonraítear tríd an uirlis réamhluaite GtT, mar a thaispeántar i bhFíor4.4 go mbeidh gá le gníomhartha sonracha[7] chun go mbainfear amach *bearna* na laghduithe ar astaíochtaí mar a thuairiscítear don chóras Faireacháin agus Tuairisceoireachta de chuid SEAI.

Ní foláir a thabhairt fé ndeara gur gá go mbeidh aon fhoirgnimh sa todhchaí a mholfar chun a bheith áitithe ag CCC, fé úinéireacht CCC nó foirgnithe ag CCC dá húsáid féin, ina fhoirgneamh a bheidh den chaighdeán ar a dtugtar *Foirgneamh Neodrach ó thaobh Astaíochtaí de*.

[7]Bunaítear na gníomhartha ar raon creatlach/bonn tuisceana a shonraítear san uirlis GtT, mar a cheadaítear fén gcóras Faireacháin agus Tuairisceoireachta de chuid SEAI.

**Tábla 4-1 Rátálacha um Dheimhniú Fuinnimh Taispeána i dtaca le hionaid mhaoine fé úinéireacht CCC ó 2019-2023**

| Foirgneamh | Suíomh | 2019 / 2020 | 2020 / 2021 | 2021 / 2022 | 2022 / 2023 |
|---|---|---|---|---|---|
| Áras an Chontae, Ráth Teas | Ráth Teas, Trá Lí | D1 | C3 | C3 | C3 |
| Ceancheathrú na Leabharlainne, Trá Lí | Tobar Mhaigh Dor, Trá Lí | B1 | B1 | A3 | B1 |
| Foirgneamh an Riaracháin Tithíochta, Ráth Teas | Ráth Teas, Trá Lí | C3 | C1 | C2 | C1 |
| Lárionad Seirbhísí Ceantair Chill Orglan | Plás na Leabharlainne, Cill Orglan | C2 | C1 | C1 | C1 |
| Lárionad Seirbhísí Ceantair Oileán Ciarraí | Bóthar an Stáisiúin, Oileán Ciarraí | D2 | D2 | D2 | D2 |
| Halla Cuimhneacháin Ághais, Trá Lí | Sráid Deiní, Trá Lí | B2 | B2 | B3 | B3 |
| Lárionad Spóirt & Fóillíochta Chill Airne | An Pháirc, Cill Airne | C2 | B3 | B1 | B3 |
| Teach Cúirte Chill Airne | Cill Airne | D1 | D2 | D2 | D2 |
| Oifig Cheantar Bardasach Thrá Lí | Sráid an Phrionsa, Trá Lí | B3 | D2 | D1 | D1 |
| Lárionad Bhogaigh Bhá Thrá Lí | Bóthar an Bhaile Aird, Trá Lí | D2 | C1 | B2 | B1 |
| Oifig Cheantair/Teach Cúirte Chathair Saidhbhín | Cathair Saidhbhín | C1 | C2 | C2 | C2 |
| Halla an Bhaile, Cill Airne | An tSráid Mhór, Cill Airne | C2 | B3 | B2 | B2 |
| Leabharlann Lios Tuathail | Sráid Shéarlais, Lios Tuathail | C3 | C2 | B3 | B3 |
| Leabharlann Chill Airne | Bóthar na Carraige, Cill Airne | B2 | B2 | B1 | B1 |
| Oifig Cheantar Lios Tuathail | Sráid Shéarlais, Lios Tuathail | D1 | C3 | C3 | C3 |
| Foirgneamh Carnegie Oileán Ciarraí | An tSráid Mhór, Oileán Ciarraí | A3 | A3 | A3 | A3 |
| Muileann Gaoithe Chathair Uí Mhóráin | Lána an Mhuilinn Ghaoithe, Cathair Uí Mhóráin, Trá Lí | A2 | A1 | A1 | A2 |
| Leabharlann Chathair Saidhbhín | Sráid an Mhargaidh, Cathair Saidhbhín | B2 | B2 | A3 | B1 |
| Lárionad Seirbhísí Ceantair Neidín | Sráid Shíol Bhroin, Neidín | A2 | A2 | A2 | A2 |
| Stáisiún Dóiteáin Thrá Lí | Balúnach, Trá Lí | C2 | C2 | C2 | C2 |

#### 4.3.3.1 Sócmhainní Eile

I dteannta na sócmhainní atá i seilbh na Comhairle, tá cúram gníomhach agus dualgais ghaolmhara reachtúla ar CCC mar Údarás Tithíochta, go sonrach mar a bhaineann siad le *Tithíocht do Chách - Plean Tithíochta Nua d'Éirinn*. Mar Údarás Tithíochta, ní foláir do CCC a bheith gníomhach ó thaobh:

- Uasghrádú a dhéanamh ar a stoc tithíochta sóisialta reatha go dtí caighdeán B2, agus
- Deimhin a dhéanamh de go mbeidh gach rud nua a thógfar i gcomhlíonadh iomlán Chuid L de na Rialacháin Foirgníochta, mar a leasaíodh agus de réir aon leasú ar na rialacháin a bheidh dóchúil sa todhchaí thar shaolré an phlean so.

#### 4.3.3.2 Tionscadal éifeachtúlachta fuinnimh an tsoilsithe phoiblí / PLEEP


Úsáideoir Suntasach Fuinnimh eile do CCC is ea soilsiú poiblí. Tá na hÚdaráis Áitiúla go léir ar fud na tíre, áfach, ag oibriú ar bhonn comhordaithe, agus iad ag uasghrádú a stoc um shoilsiú poiblí trí *Thionscadal Náisiúnta Éifeachtúlachta Fuinnimh an tSoilsithe Phoiblí* (PLEEP). Is éard atá i gceist leis ná an soilsiú poiblí a athchóiriú mar fhearais solais LED. Ar leibhéal náisiúnta, cuirfidh an t-athrú ar an dteicneolaíocht feabhas ar an éifeachtúlacht fuinnimh, gearrfaidh sé costais agus laghdóidh sé astaíochtaí $CO_2$[8].

Tá feidhmiú céimneach á dhéanamh ar PLEEP ar bhonn réigiúnach. Is compháirtí gníomhach í CCC i Réigiún an Deiscirt i gcomhar le Corcaigh, An Clár, Luimneach agus Port Láirge. Tá feidhmiú céimneach an tionscadail fé lán seoil anois. Amhail ar Mhí Mheán an Fhómhair 2023, tá suirbhé déanta ar na soilse ar fud Chontae Chiarraí agus táthar ag súil leis go dtosnófar an t-iarfheistiú i ndeireadh an dara ráithe den bhliain 2024.

[8] https://publiclighting.ie/2023/06/15/south-west-region-public-lighting-project-update-5/

### 4.3.4 Foinsí Astaíochtaí ar fud an Chontae

Agus feidhm á baint as raon foinsí sonraí atá forordaithe sna treoirlínte náisiúnta, tá astaíochtaí foriomlána an chontae tomhaiste agus táid sonraithe anso thíos i Fíor 4-1. Tá a thuilleadh eolais ar an bhFardal Astaíochtaí Bonnlíne (BEI) i gcomhair an chontae curtha ar fáil in Aguisín C. Déanfar bealaí chun tionchar a imirt ar an ngníomhú ar son na haeráide thar na hearnálacha so, chomh maith le comhordú/éascaíocht agus abhcóideacht a dhéanamh ina thaobh san, a chíoradh agus a chur i bhfeidhm a thuilleadh in Aguisín A.




**Fíor 4-1 Astaíochtaí earnálacha i gContae Chiarraí**


## 4.4 Measúnú Priacail ar an Athrú Aeráide


Ionas go bhféadfaí tuiscint a fháil ar na priacail reatha agus ar na priacail sa todhchaí a d'fhearfadh an t-athrú aeráide ar an mbonneagar poiblí ar fad agus ar na seirbhísí ar fad ó Chomhairle Contae Chiarraí, thug KPMG fé Mheasúnú Priacail ar an Athrú Aeráide (CCRA) thar ceann na comhairle. Tá cóip den Mheasúnú Priacail ar fáil in Aguisín D.

Cuireann an Measúnú Priacail ar chumas Chomhairle Contae Chiarraí tuiscint a fháil ar an ndóchúlacht go dtarlóidh guaiseacha aeráide sa todhchaí, ar na hiarmhairtí féideartha ó na guaiseacha so ar an leibhéal áitiúil agus ar leibhéal an phobail, agus ar thacaíocht a thabhairt chun forbairt a dhéanamh ar ghníomhartha oiriúnúcháin chun iarmhairtí na bpriacal aeráide a sheachaint nó a laghdú.

Ba í an chéad chéim ná sainaithint a dhéanamh ar na hathruithe a breathnaíodh in Aeráid Chiarraí. Taispeántar iad so i Fíor 4-2.

# Observed Changes in Kerry's Climate




*Source: Met Éireann Long term weather station : Valentia
**Source: EPA ; Climate Status Report for Ireland 2020 (2021)
***Source: Met Éireann weather stations: Listowel (Bunaghara), Listowel (Gurtocloghane)

In line with global trends, the climate of Ireland and Kerry is changing, temperatures are increasing and patterns of precipitation are changing. These changes are projected to continue and intensify with a wide range of impacts for Kerry and Kerry County Council. A summary of key climate and weather-related changes already observed for County Kerry are detailed below.


## Highlights of Observed Climate Change for Ireland and Kerry

### Sea Level Rise

Sea Levels in the south of Ireland are rising at an approximate rate of 2-3mm per year**

### Rainfall

**Average annual rainfall at Valentia Increased by 8.9% for the most recent period (1981-2010) compared to the 1961-1990 baseline of the station.***




### 0.5°C

Average temperature increase for the period 1981-2010 when compared to the 1961-1990 baseline.*

**32°C**


Highest temperature on record recorded on July 18th 2006 at Dooks

**5 of the top 10 wettest years on record since 1941 have occurred since the year 2000***

**The longest running heatwave in Kerry was recorded at the Listowel Weather station during the summer of 2021, lasting a total of 10 days with maximum temperatures over 25°C*****

**Fíor 4-2 Athrú Breathnaithe in Aeráid Chiarraí (féach Aguisín D chun teacht ar an dtuarascáil iomlán)**

Agus feidhm á baint as na hathruithe tuartha so sa todhchaí ar na patrúin aeráide agus aimsire, forbraíodh maitrís um priacal aeráide. Is éard atá sa mhaitrís ná measúnú ar phriacail agus ar leochaileachtaí sa todhchaí ar fud an Chontae go dtí raon iomlán shainchúram an Údaráis Áitiúil. Áirítear leis seo soláthar agus cothabháil an bhonneagair agus seirbhísí a chuirtear ar fáil – idir sheirbhísí sóisialta, geilleagracha agus timpeallachta. Taispeántar an mhaitrís um priacal aeráide i Fíor 4-3 agus tá cóip iomlán den Mheasúnú Priacail ar an Athrú Aeráide le fáil in Aguisín D.




**Fíor 4-3 Maitrís um Priacal Aeráide do Chiarraí: Taispeántar ar dheis an t-athrú ar an bpriacal sa todhchaí agus taispeántar sa mharcóir cuasach an priacal reatha agus taispeántar sa dlúthmharcóir an priacal sa todhchaí. Taispeántar sa líne phoncaithe an t-athrú idir an priacal reatha agus an priacal sa todhchaí.**

Tugtar achoimre den Mheasúnú Priacail ar an Athrú Aeráide do Chiarraí anso thíos i

Fíor 4- agus tá cóip iomlán den Mheasúnú Priacail ar an Athrú Aeráide ar fáil in Aguisín D.

- Thaispeáin an taithí le déanaí ó thaobh **tréimhsí fuara agus sneachta trom** sa bhliain 2018 raon leathan na n-iarmhairtí i gContae Chiarraí. Áiríodh leo so, i measc rudaí eile, briseadh ar ghréasán na mbóithre (An Chonair agus Bealach Oisín), dochar reo agus coscartha do bhonneagar ríthábhachtach, dochar agus briseadh sholáthar an leictreachais agus leá sneachta a mhéadaigh an baol go raibh tuilte ann. Tuartar go mbeidh méaduithe ar an meánteocht agus laghduithe ar mhinicíocht an tsneachta agus tuigtear ón méid sin go dtarlóidh méadú ar a mhinice a bheidh tréimhsí fuara, sneachta trom agus na hiarmhairtí a bhainfidh lena leithéid.
- Ba é an toradh ar an dtaithí le déanaí ó thaobh **tuilte aibhneacha agus tuilte báistiúla** sa bhliain 2020 ná dochar d'fhoirgnimh agus do bhonneagar, briseadh ar ghréasáin iompair agus teip fhéideartha ar dhroichid. Tuartar go mbeidh méaduithe ar mhinicíocht na n-imeachtaí báistiúla fíordhona agus tuigtear ón méid sin go dtarlóidh méadú ar an uisce dromchla agus ar an mbaol tuilte cois abhann i gContae Chiarraí.
- Bhí an taithí le déanaí i dtaca le **creimeadh cósta agus tuilte cois cósta** sa bhliain 2020 agus sa bhliain 2022 ina gcúis le díobháil do láithreáin oidhreachta, meathlúchán ar an mbonneagar iompair, díobháil don bhonneagar cóireála uisce agus don bhonneagar fuíolluisce.
- Taithíodh **tonn teasa agus triomach** araon i gContae Chiarraí sa bhliain 2018 agus sa bhliain 2022 agus tharla tonnta teasa sa bhliain 2021 chomh maith. Chuir na himeachtaí so fé ndeara gur deineadh díobháil do dhromchlaí bóithre, éileamh méadaithe ar acmhainní uisce agus ar limistéir chaithimh aimsire, drochéifeachtaí ar chaighdeán an fhionnuisce agus ar líon na n-iasc, agus méadú ar mhinicíocht na ndóiteán a bhí imithe ó smacht. Tuartar go mbeidh méaduithe ar mhinicíocht na dtonnta teasa agus ar mhinicíocht an triomaigh agus ciallaíonn so gur minice a tharlóidh na himeachtaí a thaithítear go hannamh fé láthair. De réir mar a théann an daonra in aois, tarlóidh méadú freisin ar líon na ndaoine leochaileacha a bheidh fé lé na bpriacal teasa.
- Is an-mhinic a tharlaíonn **drochstoirmeacha gaoithe** i gContae Chiarraí fé láthair agus tarraingíonn siad drochthorthaí éagsúla, lena n-áirítear briseadh ar an soláthar fuinnimh, ar an mbonneagar cumarsáide agus díobhálacha d'fhoirgnimh agus don bhonneagar. Níl aon athrú suntasach tuartha maidir lena mhinice a bheidh na drochstoirmeacha so.
- Is annamh a tharlaíonn **tuilte screamhuisce** i gContae Chiarraí fé láthair agus is éard a bhíonn mar thoradh orthu ná talamh bháite agus díobháil do bhonneagar na mbóithre. Níl aon athrú tuartha maidir lena mhinice a bheidh na tuilte screamuisce ann.

Méadú Tuartha Laghdú Tuartha Gan Aon Athrú Tuartha

**Fíor 4-10 Achoimre ar Mheasúnú Priacail Chiarraí ar an Athrú Aeráide (féach Aguisín D chun an tuarascáil iomlán a léamh**

Is toisc thábhachtach i gcomhair an chontae atá sna tuartha atá déanta i dtaca leis an méid báistí a thitfidh sa todhchaí; an méid tuilte (cois cósta agus cois abhann) agus an méid stoirmeacha. Beidh gá le gníomhartha sonracha chun dul i ngleic leis an gcaoi a raghaidh na himeachtaí aimsire i bhfeidhm ar sheirbhísí ó CCC. Ghlac Ciarraí le *Staitéis Oiriúnúcháin Aeráide* sa bhliain 2019, gurbh éard a bhí inti ná straitéis ar leith a mhairfeadh cúig bliana, anois ní foláir an straitéis seo a chur i gcomhréir leis an CAP so (Plean Gníomhaithe Chiarraí ar son na hAeráide). Lena chois sin, beidh gníomhartha

oiriúnúcháin agus roinnt mhaith gníomhartha timpeallachta nádúrtha agus gníomhartha bithéagsulachta ag dul thar a chéile agus iad ag tógaint ar choincheap na gcomhshochar. Go deimhin, caithfidh an CAP a bheith i gcomhréir freisin leis an bPlean Gníomhaithe ar son na Bithéagsúlachta de chuid Chomhairle Contae Chiarraí a mhairfidh cúig bliana agus a glacadh sa bhliain 2022. Deintear na gníomhartha is gá chun oiriúnú don athrú aeráide, agus an timpeallacht nádúrtha san áireamh, a chíoradh agus a léiriú a thuilleadh in Aguisín A.

## 4.5 Rannpháirtíocht agus Comhairliúchán le Páirtithe Leasmhara ar an LACAP

Tá an LACAP múnlaithe ag roinnt mhaith céimeanna rannpháirtíochta agus comhairliúcháin phoiblí de réir reachta le páirtithe leasmhara.

### 4.5.1 Céim 1 Rannpháirtíocht Réamh-Phlean

Tharla so i dtosach an phróisis déanta plean agus rith an chéim ó Mhí na Bealtaine go dtí Mí Lúnasa 2023. Díríodh an luath-rannpháirtíocht so ar pháirtithe leasmhara chun go mbeidís gafa leis an bplean agus chun cuireadh a thabhairt do dhaoine an plean a mhúnlú trína leasanna agus a mbuarthaí áitiúla a shonrú.

Ba éard a bhí i gceist leis an gcéim rannpháirtíochta ná **rannpháirtíocht sheachtrach** le páirtithe leasmhara ar fud an chontae ach freisin le páirtithe leasmhara ar leith sa DZ (Crios um Dhícharbónú). Thairis sin, tharla **rannpháirtíocht inmheánach** laistigh de Chomhairle Contae Chiarraí. Chuimsigh so Baill Thofa, Buíon na mBainisteoirí Sinsearacha (SMT), Coistí um Beartais Straitéiseacha (SPC) agus foireann lasmuigh agus foireann laistigh.

Mhúnlaigh *Tuarascáil Achomair ar an mBonn Fianaise,* arna dréachtú ag an Aonad um Ghníomhú Aeráide CCC (féach Aguisín C) an rannpháirtíocht so. Achoimríodh sa tuarascáil fianaise ón BEI (Fardal Astaíochtaí Bonnlíne) agus ón CCRA (Measúnú Priacail ar an Athrú Aeráide). Cuireadh an tuarascáil ar fáil chun go bhféadfaí athbhreithniú a dhéanamh uirthi i rith chéim na rannpháirtíochta agus bhí sé le fáil ar líne trí ardán CCC consult.ie. Cuireadh isteach 67 n-aighneacht go hiomlán. Deintear léiriú níos mine in Aguisín E den tuarascáil seo maidir le céim seo na luath-rannpháirtíochta agus conas mar a mhúnlaigh agus a chruthaigh na torthaí seo an plean.

Deintear cur síos níos mine in Aguisín E den tuarascáil seo ar thorthaí chéim na luath-rannpháirtíochta agus ar conas mar a mhúnlaigh na torthaí an plean agus conas mar a chuadar i bhfeidhm ar an bplean.

Chuir an rannpháirtíocht réamh-phlean fé ndeara freisin gur deineadh breith scagtha fén dTreoir maidir le Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta (SEA) go raibh an LACAP (Plean Gníomhaithe an Údaráis Áitiúil ar son na hAeráide) fé réir SEA (Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta). Cuireadh an bhreith scagtha agus an tuarascáil scóipe um SEA amach go dtí na daoine lenar chuathas i gcomhairle de réir dlí i Mí an Mheithimh, 2023, chun a dtuairimí a fháil. Cuirtear a thuilleadh eolais ar fáil maidir leis an SEA (agus an Mheasúnacht Chuí fén dTreoir um Ghnáthóga) in Aguisíní F agus G na tuarascála so.

### 4.5.2 Céim 2 Comhairliúchán Poiblí

Bíonn sé ina cheangal freisin fé reachtaíocht na haeráide nach foláir an dréacht-LACAP, sula bhféadfar glacadh leis, a fhoilsiú agus a chur ar taispeáint i gcomhair an chomhairliúcháin phoiblí. Is éard is aidhm leis ná é a chur ar chumas an phobail agus ar chumas aon pháirtí leasmhar a thuilleadh rannpháirtíochta a dhéanamh leis an bpróiseas déanta plean sula ndéanfar saothrú ar an LACAP críochnaitheach.

Anois tá dréacht-LACAP Chiarraí 2024-2029, Tuarascáil Timpeallachta SEA (ER) agus Tuarascáil Tionchair Natura ar taispeáint i gcomhair an chomhairliúcháin phoiblí go ceann 6 seachtaine ón Déardaoin, an 19 Deireadh Fómhair, 2023 go dtí Dé hAoine, an 1 Mí na Nollag, 2023, mar atá léirithe i gCuid 8.

# 5 Creat na nGníomhartha ar son na hAeráide

Tá *Fís* ag Comhairle Contae Chiarraí, trína Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide maidir leis an gcuma a bheidh ar chontae a bheidh díonach ó thaobh na haeráide de agus maidir le conas mar a bheidh sé ag oibriú sa bhliain 2030 agus ar aghaidh go dtí an bhliain 2050. I gcomhréir le treoirlínte náisiúnta, tá *Ráiteas Misin* ag an bPlean Gníomhaithe ar son na hAeráide ina léirítear an chaoi a gcomhlíonfaidh Comhairle Contae Chiarraí an fhís sin. Ar deireadh, sonraítear cúig cinn de *Spriocanna Straitéiseacha* lena gcuirfear an fhís agus an ráiteas misin i gcrích. Tabharfaidh na Spriocanna Straitéiseacha treorú do ghníomhartha an phlean a bheidh sonrach, gníomhdhírithe, ambhunaithe agus intomhaiste (SMART/SICRU).

## 5.1 Fís

Tabharfaidh Ciarraí aghaidh ar dhúshláin shóisialta gheilleagracha timpeallachta an athraithe aeráide. Tríd an aistriú cóir, deanfaidh an contae maolú agus oiriúnú i dtaca le todhchaí a bheidh dícharbónaithe, neodrach ó thaobh na haeráide de, díonach ó thaobh na haeráide de agus saibhir ó thaobh na bithéagsúlachta de. Bainfear so amach trínár dtimpeallacht a chosaint agus trí chomhpháirtíochtaí agus comhair láidre lenár bpobail a thógaint.

## 5.2 Ráiteas Misin

Tabharfaidh Comhairle Contae Chiarraí ceannaireacht le dea-shampla ó thaobh aghaidh a thabhairt ar dhúshláin an athraithe aeráide. Bainfidh sí a gcuid spriocanna uaillmhianacha féin amach agus oibreoidh sí leis an bpobal chun deimhin a dhéanamh d'aistriú cóir do chách go dtí todhchaí a bheidh neodrach ó thaobh an charbóin de agus díonach ó thaobh na haeráide de. Imreoidh an tÚdarás Áitiúil tionchar ar na hearnálacha go léir agus tabharfaidh sé spreagadh agus abhcóideacht do na hearnálacha san chun go mbainfidh siad a gcuid spriocanna aeráide amach, de réir mar a dhíreoimid ar a bheith inár sochaí a bheidh dícharbónaithe, díonach ó thaobh na haeráide de agus saibhir ó thaobh na bithéagsúlachta de fén mbliain 2050.

## 5.3 Spriocanna Straitéiseacha

Leagtar amach cúig cinn de Spriocanna Straitéiseacha sa phlean so. Tá na Spriocanna Straitéiseacha so á gcothú ag an bhfianaise bonnlíne atá bailithe i gCuid 4 agus ag an rannpháirtíocht leis na páirtithe leasmhara mar atá léirithe in Aguisín E.

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| Timpeallacht Thógtha agus Iompar | Timpeallacht Nádúrtha agus Bonneagar Glas | Inbhuanaitheacht agus Bainistiú Acmhainne | Pobail, Díonacht agus Aistriú | Rialachas agus Ceannaireacht |

## 5.4 Cuspóirí

Sreabhann cuspóirí uileghabhálacha ó na Spriocanna Straitéiseacha. Sainmhínítear sna cuspóirí na limistéir shonracha a bhfuil na gníomhartha aeráide ag féachaint le hiad a chomhlíonadh. Léirítear iad i dTábla 5-1 thíos. Tugtar liosta de na gníomhartha fé gach cuspóir in Aguisín A.

Is cóir a thabhairt fé ndeara gur chuaigh an LACAP (Plean Gníomhaithe an Údaráis Áitiúil ar son na hAeráide) so, agus na gníomhartha san áireamh, fé mheasúnacht timpeallachta i gcomhréir leis SEA (Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta) agus leis an dTreoir um Ghnáthóga. Maidir leis an dá mheasúnacht timpeallachta, tá na prionsabail straitéiseacha seo um Rialachas Timpeallachta (RT) snaidhmthe sa LACAP. Beidh an cur i ngníomh de na bearta go léir á dtreorú ag na prionsabail um Rialachas Timpeallachta agus beidh siad neadaithe sna prionsabail sin freisin.

| Tagairt | Beart |
|---|---|
| RT1 | Tionscadail ghníomhaithe ar son na haeráide a chur chun cinn a thabharfaidh tacaíocht agus uasmhéadú do chomhshochair timpeallachta, amhail cosaint agus feabhsú na bithéagsúlachta; feabhsú ar chaighdeán aeir, uisce nó ithreach; nó luach feabhsaithe caithimh aimsire, taitneamhachta agus oidhreachta cultúrtha, chun a chinntiú go mbainfear tairbhí astu lena mbainfidh buntáiste ag gach taobh. |
| RT2 | Tacaíocht nó éascaíocht a thabhairt do thionscadail agus do thionscnaimh ó thaobh an ghníomhaithe ar son na haeráide de ina bhféachtar le feabhas a chur ar struchtúr, bainistiú agus sláinte na hithreach trí charbón orgánach ithreach a mhéadú - rud a chruthóidh na comhshochair timpeallachta i dtaca le díonacht ar thuilte trí thoilleadh coimeádta uisce na n-ithreacha a fheabhsú agus leibhéal an cheaptha GCT a bhaineann le feidhmeanna úsáide talún a mhéadú. |
| RT3 | Deimhin a dhéanamh de, maidir le gach forbairt lena mbeidh an gníomhú ar son na haeráide mar thaca nó atá á cothú ag an ngníomhú ar son na haeráide, go ndéanfar an fhorbairt sin a phleánáil agus a chur i ngníomh ar bhealach ina mbreithneofar go cuí an acmhainneacht do chomhshochair timpeallachta, na hiarmhairtí féideartha timpeallachta agus na ceanglais um chaomhnú na timpeallachta. Ní thacófar le tionscadal forbartha um ghníomhú ar son na haeráide más dealraitheach go mbeidh drochéifeachtaí suntasacha ag an dtionscadal san ar an dtimpeallacht fála. |
| RT4 | Déanfar tionscadail tuilte, nó oibreacha gaolmhara cothabhála, ar bhealach ina gcothófar comhshochair um ghníomhú ar son na haeráide-bithéagsúlacht, agus ina dtabharfar aird chuí ar chaomhnú agus feabhsú na ngnáthóg agus na speiceas atá neamhchoitianta, cosanta nó tábhachtach. |
| RT5 | Deimhin a dhéanamh de go ndéanfar tionscadail ó thaobh an ghníomhaithe ar son na haeráide de ar bhealach ina gcothófar comhshochair um ghníomhú ar son na haeráide-oidhreacht chultúrtha, agus nach mbeidh ina gcúis le dochar fisiciúil neamhúdaraithe do ghnéithe cultúrtha, seandálaíochta nó ailtireachta, nó le hathrú neamhúdaraithe nó míchuí ar chomhthéacs na ngnéithe íogaire oidhreachta cultúrtha. |
| RT6 | Deimhin a dhéanamh de go ndéanfar tionscadail ó thaobh an ghníomhaithe ar son na haeráide de ar bhealach ina gcothófar comhshochair chaighdeán an uisce um ghníomhú ar son na haeráide, agus mbeifear ag teacht le forálacha |

| Tagairt | Beart |
|---|---|
| | na Creat-treorach Uisce agus leis an bPlean ábhartha um Bainistiú na hAbhantraí. |
| RT7 | Tionscadail ghníomhaithe ar son na haeráide a chur chun cinn a thacóidh le crainn chosanta, fálta sceach agus gnáthóga eile mar bhogaigh, criosanna tuilte a chuireann leis an mbonneagar glas. |
| RT8 | Tacú le deiseanna chun feabhas a chur ar chomhcheangailteaccht éiceolaíochta na ngnáthóg agus na láithreán nach bhfuil sainithe chun feabhsú foriomlán a dhéanamh ar dhíonacht agus feidhmiú na n-éiceachóras agus chun tacú leis an ngníomhú ar son na haeráide laistigh den chontae. |
| RT9 | Deimhin a dhéanamh de, maidir leis na tionscadail go léir lena dtacaíonn an chomhairle, go mbíonn na bearta cosanta is gá glactha ag na tionscadail sin chun speicis ionracha a shainaithint agus a bhainisiú, go háirithe i gcás na speiceas fé Sceideal III. Ní thacófar le tionscadal forbartha um ghníomhú ar son na haeráide más dealraitheach go mbeidh an tionscadal san ina chúis le speiceas ionrach atá liostithe i Sceideal III a scaipeadh. |

**Tábla 5-1 Sprioc Straitéiseach agus Cuspóirí comhfhreagracha i dtaca leis an LACAP so**

| Sprioc Straitéiseach | Cuspóirí |
|---|---|
| **1. Timpeallacht Thógtha agus Iompar** *Deintear profáil aeráide ar an dtimpeallacht thógtha agus ar an mbonneagar chun go gcinnteofar go mbainfear amach na spriocanna astaíochtaí agus na spriocanna éifeachtúlachta fuinnimh i dtreo go sroisfear sochaí dhícharbónaithe agus chun beartas maidir le soghluaiseacht inbhuanaithe de "seachain-aistrigh-feabhsaigh" a chur i ngníomh d'fhonn astaíochtaí a ghearradh ó earnáil an iompair* | |
| **1.1** | Spriocanna éifeachtúlachta fuinnimh agus spriocanna astaíochtaí a bhaint amach i sócmhainní CCC |
| **1.2** | Úsáid an fhuinnimh theirmigh a laghdú thar an soláthar foirgneamh de chuid CCC |
| **1.3** | Astaíochtaí iompair a laghdú agus tacú le dícharbónú an chabhlaigh feithiclí de chuid CCC |
| **1.4** | Tacú le dícharbónú an iompair sa chontae |
| **1.5** | Méadú a chur ar infhaighteacht agus úsáid an bhonneagair inbhuanaithe iompair |
| **1.6** | Deimhin a dhéanamh de go ndéanfaidh an tÚdarás Pleanála an gníomhú ar son na haeráide a chomhtháthú leis an bPleanáil ar Úsáid na Talún agus le Bainistiú na Forbartha |
| **1.7** | Tuiscint a fheabhsú ar ár n-oidhreacht thógtha agus ár n-oidhreacht chultúir agus ar leochaileacht na hoidhreachta san d'iarmhairtí an athraithe aeráide |
| **2. Timpeallacht Nádúrtha agus Bonneagar Glas** *Beidh caomhnú, cosaint agus feabhsú na seirbhísí bithéagsúlachta agus éiceachórais sa chontae mar thaca leis na freagairtí ar dhúshláin an athraithe aeráide.* | |
| **2.1** | Bheith i gcomhréir le gníomhartha ábhartha a glacadh i bPlean Gníomhaithe Chomhairle Contae Chiarraí ar son na Bithéagsúlachta 2022-2028 |
| **2.2** | Ceannaireacht a thabhairt le dea-shampla ó thaobh úsáid na réiteach dúlrabhunaithe de nuair atáthar ag freagairt ar dhúshláin an athraithe aeráide |
| **2.3** | An timpeallacht cois cósta a chosaint chun oiriúnú don athrú aeráide |
| **2.4** | Tacú leis an ngníomhú ar son na haeráide, go háirithe ceapadh carbóin, sa Talmhaíocht/Úsáid Talún, Athrú ar Úsáid Talún agus Foraoiseacht |
| **3. Inbhuanaitheacht agus Bainistiú Acmhainne** *Prionsabail an gheilleagair chiorclaigh a chur chun cinn agus fónamh a bhaint as barainneachtaí glasa agus as bithbharainneachtaí chun fiontair inbhuanaithe agus deiseanna gnó inbhuanaithe a chur ar fáil sa chontae* | |
| **3.1** | Leanúint de thionscnaimh a chur chun cinn d'fhonn laghdú, athúsáid, athchúrsáil a dhéanamh |

| Sprioc Straitéiseach | Cuspóirí |
|---|---|
| **3.2** | Leanúint de thionscnaimh/bearta a chur chun cinn d'fhonn acmhainní timpeallachta a chaomhnú, a chosaint agus a bhainistiú ar bhealach inbhuanaithe |
| **3.3** | Éascaíocht a dhéanamh do gheilleagar ciorclach áitiúil |
| **4. Pobail, Díonacht agus Aistriú**<br>*Deimhin a dhéanamh d'Aistriú Cóir go dtí todhchaí, a bheidh díonach ó thaobh na haeráide de, do phobail ar fud an chontae* | |
| **4.1** | An Clár Pobail um Ghníomhú ar son na hAeráide a chur i ngníomh agus a sheachadadh. |
| **4.2** | Inniúlacht a thabhairt do phobail chun gníomhú agus chun a bheith gafa leis an ngníomhú ar son na haeráide |
| **4.3** | Dul sa tóir ar chistí i dtaca le taighde, oiliúint, agus oideachas ar mhaithe leis an ngníomhú ar son na haeráide |
| **4.4** | Deimhin a dhéanamh d'Aistriú Cóir do gach ball den phobal |
| **4.5** | Teachtaireacht shoiléir a chur in iúl maidir leis an ngníomhú ar son na haeráide sa chontae |
| **5. Rialachas agus Ceannaireacht**<br>*Príomhshruthú ar an ngníomhú ar son na haeráide agus profáil aeráide ar gach cinnteoireacht laistigh den Údarás Áitiúil.* | |
| **5.1** | An Gníomhú ar son na hAeráide a chomhtháthú agus a leabú thar Rannóga/Aonaid Ghnó an Údaráis Áitiúil |
| **5.2** | Inniúlacht a chinntiú laistigh den Údarás Áitiúil chun na spriocanna gníomhaithe ar son na haeráide a sheachadadh |
| **5.3** | Pleanáil go réamhghníomhach chun oiriúnú don athrú aeráide |
| **5.4** | Ceannaireacht a thabhairt le dea-shampla ó thaobh na héifeachtúlachta fuinnimh de agus ó thaobh astaíochtaí a laghdú thar na sóchmainní, na baill foirne, na seirbhísí agus na himeachtaí de chuid CCC |
| **5.5** | Treoirlínte Glasa um Sholáthar Poiblí a leanúint agus tacú leis an inbhuainaitheacht sna hearnálacha go léir sa chontae |
| **5.6** | Abhcóideacht a dhéanamh agus tacaíocht a thabhairt do gach earnáil sa chontae chun a gcuid spriocanna gníomhaithe ar son na haeráide a bhaint amach |

# 6 Crios um Dhícharbónú (DZ) Dhaingean Uí Chúis/Chorca Dhuibhne

## 6.1 Réamhrá

Eochaircheanglas den LACAP (Plean Gníomhaithe an Údaráis Áitiúil ar son na hAeráide) is ea sainaithint a dhéanamh ar *chrios um dhícharbónú (DZ)* sa chontae. Is éard atá sa DZ ná limistéar tíreolaíoch sonrach arna sainaithint ag gach Údarás Áitiúil laistigh dá theorainneacha riaracháin. Tá an DZ chun gníomhú mar limistéar píolótach nó "saotharlann bheo" a thaispeánfaidh an méid a bheidh indéanta maidir leis an ndícharbónú agus chun críche an ghníomhaithe ar son na haeráide ar leibhéal áitiúil an phobail, a shonróidh na foghlaimí um ghníomhú ar son na haeráide a fhéadfaidh a bheith brostaithe agus/nó "a líon a bheith méadaithe" laistigh den chontae. Tar éis na mbeart, tá sainaithint, dearadh agus forbairt an DZ saincheaptha go príomha d'fhonn torthaí a sheachadadh a fhéadfaidh na spriocanna náisiúnta um laghdú ar astaíochtaí a bhaint amach - laghdú 51% ar astaíochtaí fén mbliain 2030 agus an geilleagar a bheith saor ó astaíochtaí fé dheireadh na bliana 2050 (i bhfianaise na bliana bonnlíne 2018). Baileofar na foghlaimí sa DZ maidir leis an dtaithí ón bhfíorshaol agus na dúshláin ón bhfíorshaol chun na spriocanna so a shroisint ar fud na n-earnálacha go léir - leictreachas; teas; iompar agus éifeachtúlacht fuinnimh sa timpeallacht thógtha. Beidh an ceann deireanach riachtanach maidir le foirgnimh phoiblí ach freisin maidir le maoine príobháideacha cónaithe agus maoine príobháideacha tráchtála. Is féidir freisin deiseanna ar chomhshochair sa bhithéagsulacht; sa tsláinte, san fholláine agus san aistriú cóir a thriail agus a thomhas. Trí lúb aischothaithe de thurgnamhaíocht agus de mheastóireacht, tá sé mar aidhm ag an DZ cothú a dhéanamh ar chur chuige go dtí an gníomhú ar son na haeráide a bheidh solúbtha, breisíoch, pobalthiomáinte, déanta ó bhun aníos agus comhoibríoch.

Rud lárnach i dtaca le seachadadh na spriocanna astaíochtaí is ea an bhéim d'aon ghnó ar chur chuige áitbhunaithe maidir leis an ngníomhú ar son na haeráide, fé mar a thairgtear sa DZ. Féachann an cur chuige áitbhunaithe sonrach so le fionnachtana a thabhairt le chéile ó bhonn láidir fianaise, coinníollacha a bhaineann le comhthéacs, agus cothú an chomhair leathain ag páirtithe leasmhara chun beartais shaincheaptha a chruthú d'fhonn na torthaí riachtanacha a sheachadadh. Tá sé mar aidhm ag an gcur chuige DZ cur chuige um smaointeoireacht ar chórais a spreagadh chun cíoradh, comhchruthaitheacht, nuálaíocht agus foghlaimí nua a chur chun cinn san aistriú go dtí an neodracht ó thaobh na haeráide de.

Is é an limistéar DZ a shainaithnítear i gCiarraí ná Crios um Dhícharbónú Dhaingean Uí Chúis/Leithinis Chorca Dhuibhne (ar a dtugtar anso feasta DZ Dhaingean Uí Chúis/Chorca Dhuibhne). Tá an limistéar sainmhínithe ag an gcríoch laistiar de líne ó Chathair Uí Mhóráin go dtí Caisleán na Mainge agus is é an t-achar atá ann ná 583 ciliméadar cearnach. Síneann an leithinis siar ar feadh 48 km isteach san Aigéan Atlantach (Fíor 6-1).

Trí limistéar Dhaingean Uí Chúis/Chorca Dhuibhne a roghnú, táthar ag tógaint sa LACAP ar shaothar suaithinseach oibre atá déanta cheana ar an leithinis trí bhíthin an chuir chuige seo um smaointeoireacht ar chórais. Is é seo tríd an dtionscadal *Corca Dhuibhne/Dingle Peninsula 2030*[9]. Chuir ceithre heagraíochtaí tús leis an dtionscadal sa bhliain 2018 agus ba iad san ná: Mol Cruthaitheachta agus Nuálaíochta Dhaingean Uí Chúis (ar a dtugtar anso feasta *Mol Dhaingean Uí Chúis*), Líonraí BSL/ESB, Forbairt Chiarraí Thuaidh, Thoir agus Thiar (FCTTT/NEWKD), agus MaREI - Lárionad Fuinnimh, Aeráide agus Mara de chuid Fhondúireacht Eolaíochta Éireann (FEÉ/SFI). Is éard atá i g*Corca Dhuibhne/Dingle Peninsula 2030* ná tionscnamh pobalthiomáinte il-chomhpháirtí atá dírithe ar an leithinis a aistriú ina pobal díonach ísealcharbóin fén mbliain 2030.

[9] https://dinglepeninsula2030.com/




**Fíor 6-1  DZ (Crios um Dhícharbónú) Dhaingean Uí Chúis/Chorca Dhuibhne**

Mar sin, tairgtear in DZ (Crios um Dhícharbónú) Dhaingean Uí Chúis/Chorca Dhuibhne acmhainneacht agus raon leathan deiseanna ar an ngníomhú éifeachtach ar son na haeráide a chleachtadh agus a sheachadadh ag an mbunleibhéal. Beidh gá, áfach, le tacaíocht agus rannpháirtíocht leanúnach ó raon príomhpháirtithe leasmhara agus príomhearnálacha.  Ní foláir go mórmhór nó go mbeidh sé á thiomáint ag pobal na háite agus i gcomhairle le pobal na háite.  Cé go bhfuil an próiseas so tosnaithe cheana, deintear plé níos mine sa chaibidil seo maidir leis na deiseanna agus na gníomhartha a mholtar thar shaolré an LACAP i dtaca le DZ Dhaingean Uí Chúis/Chorca Dhuibhne. Leantar sa chaibidil seo na cúig chéim is gá chun an DZ a chruthú:

| | |
|---|---|
| 1 | SAINAITHIN<br>• Sainaithin agus sainmhínigh limistéar an Chreasa um Dhícharbónú.<br>• Sainaithin Fís agus Cuspóirí atá soiléir agus uileghabhálach. |
| 2 | BONNLÍNE & SCÓIPIÚ<br>• Bunaigh an Fardal Astaíochtaí Bonnlíne.<br>• Cíor comhthéacs agus ailíniú beartais.<br>• Sainaithin agus léarscáiligh na páirtithe leasmhara. |
| 3 | CLÁR DEISEANNA<br>• Tiomsaigh punann gníomhartha, tionscadal, teicneolaíochtaí agus idirghabhálacha. |
| 4 | GNÍOMH<br>• Leag amach gníomhartha le seachadadh thar shaolré an phlean |
| 5 | CUIR I nGNÍOMH<br>• Beartaigh straitéis le cur i ngníomh |

Agus tús á chur leis an gcúram trí fhorléargas gairid ar an leithinis - suíomh fisiciúil agus tíreolaíoch; comhthéacs pleanála agus riaracháin chomh maith le forléargas socheacnamaíoch - dírítear sa chuid ar na figiúirí astaíochtaí GCT a thíolactar agus a phléitear níos déanaí sa chaibidil a chur i gcomhthéacs. Thairis sin, sonrófar sa forléargas na dúshláin shonracha áitbhunaithe ach freisin na deiseanna laistigh de DZ Dhaingean Uí Chúis/Chorca Dhuibhne i dtaca leis an ngníomhú ar son na haeráide.

## 6.2 DZ (Crios um Dhícharbónú) Dhaingean Uí Chúis/Chorca Dhuibhne – Comhthéacs Tíreolaíoch, Socheacnamaíoch agus Beartais Phleanála.

Clúdaitear in DZ Dhaingean Uí Chúis/Chorca Dhuibhne achar 583 ciliméadar cearnach gurb éard atá ann ná tailte laistiar le líne thuaidh-theas a cheanglaíonn Cathair Uí Mhóráin do Chaisleán na Mainge. Is é líon an lucht chónaithe sa DZ ná 12,958, dá bhfuil 1,671 ina gcónaí i mBaile Dhaingean Uí Chúis (An Phríomh-Oifig Staidrimh, Daonáireamh, 2022[10]). Tagann breis agus 1 mhilliún cuairteoir gach bliain chun na Leithinse, áfach. Is éard atá i dtimpeall 26% de na tithe go léir ar an Leithinis ná áiteanna cónaithe tánaisteacha nó tithe saoire agus is ionann an turasóireacht agus thart ar 30% de gheilleagar na háite[11]. Is iad na réimsí is tábhachtaí ó thaobh an gheilleagair de ná an turasóireacht agus na tionscail ghaolmhara seirbhíse, an iascaireacht agus an talmhaíocht.

Is díol suntais an oidhreacht teanga atá ag DZ Dhaingean Uí Chúis/Chorca Dhuibhne mar clúdaíonn Gaeltacht Chorca Dhuibhne thart ar 50% den leithinis. Is cuid thábhachtach í seo de thraidisiún teanga, cultúir agus sóisialta an chontae. Tá an limistéar so saibhir chomh maith maidir le nósanna traidisiúnta, béaloideas, scríbhneoireacht, ceol agus láithreacha stairiúla agus láithreacha seandálaíochta. Is é an Blascaod Mór, agus é suite amach ó chósta Cheann Sléibhe Chorca Dhuibhne, an t-oileán is mó as na seacht n-oileán ar a dtugtar le chéile Na Blascaodaí. Baineann suaithinseacht an oileáin lena luach stairiúil, cultúrtha agus éiceolaíoch agus is suaithinseach an tionchar a imríonn an t-oileán ar oidhreacht chultúrtha na hÉireann. Is le fada an lá atá an bhaint ag an oileán le mianach na Gaolainne agus mianach an chultúir Ghaelaigh agus is fíorláidir í oidhreacht liteartha an oileáin ó thaobh litríocht na Gaolainne de.

Ar bhonn riaracháin, téann teorainneacha an DZ, teorainneacha *Phlean Thoghlimistéar Áitiúil Chorca Dhuibhne 2021-2027* agus teorainneacha *Phlean Limistéir Áitiúil Cheantar Bardasach Thrá Lí 2018-2024* thar a chéile don chuid is mó chomh maith lena bheith go hiomlán laistigh de theorainneacha *Phlean Forbartha Chontae Chiarraí 2022-2028* lenar glacadh le déanaí. Is éard atá sna pleananna go léir ná cuid d'ordlathas córasach náisiúnta de phleananna úsáide talún agus de phleananna spásúla, mar atá *Tionscadal Éireann 2040 – An Creat Náisiúnta Pleanála* agus *An Straitéis Réigiúnach Spásúil agus Eacnamaíoch do Réigiún an Deiscirt*. Cuirtear ar fáil sna pleananna so rianú ginearálta chun stiúradh a dhéanamh ar an bhfás inbhuanaithe agus ar an rathúnas inbhuanaithe sa réigiún agus sa Chontae, trí cheapadh an bheartais phoiblí lena gcomhshnaidhmtear úsáid talún, fuinneamh, iompar, fás geilleagrach agus infheistíocht. Tá an beartas aeráide mar thaca anois leis an bpleanáil spásúil agus táthar ag dréim sa bheartas san leis an bhfás comhdhlúite mar mhodh chun astaíochtaí ó phatrúin neamh-inbhuanaithe fáis a laghdú.

Laistigh den chomhthéacs so, is é is cuspóir sonrach leis na Pleananna Limistéir Áitiúil ná leagan amach a dhéanamh, ar mhaithe le leas an phobail, ar chreat cuimsitheach pleanála áitiúla. Is dlúthchodanna den Phlean Limistéir Áitiúil iad na beartais shoiléire agus na cuspóirí soiléire, agus criosáil úsáide talún san áireamh, i gcomhair na mbailte agus i gcomhair na sráidbhailte. Eochairghné den Phlean Limistéir Áitiúil is ea tacaíocht a thabhairt do straitéis lonnaíochta an phlean forbartha contae. Is ceart a thabhairt fé ndeara go n-ainmnítear Dingle / Daingean Uí Chúis ina bhaile réigiúnach.

---

[10] https://www.cso.ie/en/releasesandpublications/ep/p-cpp1/censusofpopulation2022profile1-populationdistributionandmovements/populationdistribution/

[11] Taighde de chuid *Mhol Dhaingean Uí Chúis* chun tacú leis an gcaibidil ar DZ Dhaingean Uí Chúis/Chorca Dhuibhne den phlean so.

Beidh cion feidhme an DZ ríthábhachtach ó thaobh na prionsabail forbartha inbhuanaithe a bhaint amach mar aon le comhréim shuntasach ó thaobh an bheartais de le coincheapa maidir le fás comhdhlúite/ baile 10 nóimeat; cur chuige um thús áite do lár an bhaile agus athghiniúint uirbeach; soghluaiseacht inbhuanaithe, agus tionscnaimh um thaisteal gníomhach san áireamh. Tá siad san ar fad ina gcodanna den bheartas aeráide mar atá beartaithe trí na beartais thuasluaite um pleanáil spásúil ar bhonn áitiúil, réigiúnach agus náisiúnta.

### 6.2.1 Soláthar Tithíochta agus Foirgníochta laistigh de DZ (Crios um Dhícharbónú) Dhaingean Uí Chúis/Chorca Dhuibhne

Tugtar fé ndeara i bhforléargas déimeagrafach agus socheacnamaíoch ar an leithinis[12] ón mbliain 2021 gurb ann d'éagsúlachtaí ar fud na leithinse ó thaobh aois an tsoláthair tithíochta de. Cuir i gcás, thaithigh Daingean Uí Chúis agus Abhainn an Scáil leibhéal níb airde d'fhoirgníocht áiteanna cónaithe sna 20 bliain a chuaigh tharainn i gcodarsnacht le ceantair na Gaeltachta ina raibh leibhéal na foirgníochta níb ísle. Tugtar fé ndeara sa tuarascáil chéanna go dtéann an soláthar tithíochta ar fud na leithinse siar, don chuid is mó, go dtí an tréimhse roimis an mbliain 1980. Bheadh leibhéil níb ísle éifeachtúlachta fuinnimh ag na seantithe, de ghnáth. Úsáidtear ola, gual agus móin i gcomhair an téimh bhaile agus baineann beagán os cionn 3% d'áiteanna cónaithe feidhm as an adhmad mar a bpríomhfhoinse breosla. Léiríonn na rátálacha BER (Rátáil Fuinnimh Foirgnimh) ar fud na leithinse ó shonraí de chuid SEAI (Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann) go mbaineann an soláthar tithíochta go príomha le C agus/nó D[13] (bhFíor 6.2). Cé gur tomhas cuíosach garbh iad na rátálacha BER, bheadh na sonraí i gcomhchoibhneas, de réir na fianaise starógaí, le tuarascáil shocheacnamaíoch na bliana 2021 maidir le dóchúlacht na héifeachtúlachta ísle fuinnimh i seansoláthar tithíochta.

Thairis sin, is díol suntais iad na torthaí ó SEAI (Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann) dá *Staidéar Náisiúnta Teasa*[14] sa bhliain 2022. Soláthraítear sa staidéar measúnacht chuimsitheach ar na roghanna a bhíonn ar fáil chun dícharbónú a dhéanamh ar fhuinneamh na hÉireann a úsáidtear chun áiteanna cónaithe, gnólachtaí agus tionscail a théamh agus a fhuarú. Tairgeadh ón staidéar roinnt mhaith tuarascálacha lenar áiríodh acmhainn léarscáilíochta chun pleanáil a dhéanamh i dtaca leis an dtéamh féideartha ceantair in Éirinn. Ó anailís shamhlaithe tosaigh chun sainaithint a dhéanamh ar na bailte/cathracha a raibh an acmhainneacht ab airde acu chun gréasáin um théamh ceantair a fhorbairt, d'ainmnigh SEAI Baile Dhaingean Uí Chúis mar limistéar iarrthóireachta[15] (bhfior 6.3). Mar sin féin, dhein an *Tionscadal Hotmaps* (tionscadal arna mhaoiniú ag an Aontas Eorpach trí Horizon 2020: an Clár um Thaighde agus Nuálaíocht), i gcomhpháirtíocht le CCC, scrúdú ar an acmhainneacht maidir le scéim dá leithéid sa bhaile agus cuirtear taighde níos caolchúisí ar fáil ann. Trí chomparáid a dhéanamh idir raon féidearthachtaí téimh, agus iad bunaithe ar chostais agus ar laghduithe carbóin, ba é an tátal a baineadh go pointe áirithe as an obair sa tuarascáil ná gurb ann sa Daingean do *shlite chun laghduithe suaithinseacha carbóin a shroisint ar neodracht chostais nó ar laghdú beag costais. Ní fhaightear iad so, áfach, ach i gcodanna beaga den éileamh iomlán teasa, is é an cineál is inmharthana de Chóras um Théamh Ceantair lena ngabhfadh laghdú ar chostais téimh ná Teaschaidéal Foinse Aeir*[16].

---

[12] Ó Caoimh B, agus McGookin, C. (2021) Leithinis Corca Dhuibhne – Próifíl Dhéimeagrafach agus Shocheacnamaíoch. Trá Lí: Forbairt Chiarraí Thuaidh, Thoir agus Thiar

[13] https://gis.seai.ie/ber/ [deineadh rochtain air i Lúnasa 2023]

[14] https://www.seai.ie/data-and-insights/national-heat-study/

[15] https://www.seai.ie/technologies/seai-maps/district-heating-map/ [deineadh rochtain air i Lúnasa 2023]

[16] https://www.hotmaps-project.eu/wp-content/uploads/2020/10/Hotmaps_D.6.3_Kerry-HC-Strategies_FINAL_reduced.pdf

### 6.2.2 Iompar

Mar a phléitear i gCuid 4.3.2, tá samhail ASI nó SAF (*seachain-aistrigh-feabhsaigh)* beartaithe go náisiúnta chun na hastaíochtaí ón iompar a laghdú. Ní foláir aghaidh a thabhairt ar gach mír i speictream na samhla (seachain, aistrigh agus feabhsaigh) ó thaobh na hastaíochtaí ón iompar a ghearradh. Deintear a thuilleadh breithniúcháin sa chaibidil seo maidir leis an gcaoi ar dealraitheach go mbainfear so amach ó thaobh an iompair de san earnáil phríobháideach agus san earnáil phoiblí sa DZ píolótach. Mar sin féin, is é an chéad rud is gá a dhéanamh ná an bonneagar iompair reatha agus na treochtaí iompair reatha ar an leithinis a chur i gcomhthéacs.

Fónann na Bóithre Tánaisteacha Náisiúnta N70 agus N86 an limistéar DZ, ina mbíonn roinnt mhór bóithre réigiúnacha agus líonra fairsing de bhóithre áitiúla chomh maith. Is í tíreolaíocht na leithinse a stiúrann go pointe áiríthe na patrúin iompair sa cheantar. Tá an tíreolaíocht so, mar aon le daonra a bheith scaipthe fén dtuath, ina gcúiseanna le húinéireacht fhorleathan na ngluaisteán agus mórán turas aonair, rudaí a bhfuil na treochtaí iompair ar teaghrán acu. Is coitianta iad na líonta tí a bhfuil níos mó ná gluaisteán amháin acu. Tugtar fé ndeara sa taighde a dhein *Mol Dhaingean Uí Chúis* gurb é líon na ngluaisteán sa leithinis ná 550 gluaisteán in aghaidh 1,000 duine i gcomparáid le 450 gluaisteán in aghaidh 1,000 duine ar bhonn náisiúnta. Tá úinéireacht na ngluaisteán sa leithinis timpeall 22% os cionn an mheáin náisiúnta. Taistealaíonn thart ar 28% lasmuigh den leithinis i gcomhair na hoibre ach coimeádann an leithinis geilleagair áitiúla a bhíonn cuíosach láidir i dtaca le feirmeoireacht, iascaireacht, agus an tionscal turasóireachta/seirbhíse. Dar ndóigh, braitheann siad san ar fad go mór ar an iompar ina mbíonn an lámh in uachtar ag an mbreosla iontaise. Féadann an plódú tráchta a bheith ina fhadhb mhór ar an leithinis, go háirithe i séasúr na turasóireachta ina mbíonn plódú tráchta nach beag i suíomhanna áirithe i mBaile Dhaingean Uí Chúis agus feadh Céide Cheann Sléibhe.

Deineadh fiosrú cheana ar a mhéid is féidir dícharbónú a dhéanamh ar earnáil an iompair sa leithinis trí thionscadal píolótach nuálach a deineadh mar chuid den tionscadal thuasluaite *Corca Dhuibhne/ Dingle Peninsula 2030.* Go deimhin, tá an tionscadal aibhsithe agus achoimrithe i gcáipéis náisiúnta na bliana 2023 de chuid na Roinne Iompair *An Straitéis maidir le Bonneagra Luchtaithe Feithiclí Leictreacha, 2022-2025*[17] ina luaitear: *ba chuid d'obair an tionscnaimh [*Corca Dhuibhne/Dingle Peninsula 2030*] ná raon teicneolaíochtaí a úsáid agus a mheasúnú chun forbairt a dhéanamh ar líonra leictreachais atá díonach agus ar bheagán carbóin. D'oibrigh Líonraí BSL ar feadh trí bliana le muintir na háite chun teicneolaíochtaí cumasúcháin a thriail atá in-athnuaite agus ag úsáid an fhuinnimh ghlain ina gcuid ionad maoine. Áiríodh leo so Feithiclí Leictreacha agus 15 phointe chliste luchtaithe, ar deineadh athsholáthar ar chúig cinn acu le pointí déthreocha luchtaithe (V2G). Cheadaigh an triail go ndéanfaí iarmhairt an V2G a mheasúnú mar uirlis fhéideartha chun cuid d'eangach tarchurtha tuaithe an leictreachais a chothromú*.

Sheol Líonraí BSL, sa bhliain 2021 go sonrach, togra trialach píolótach bliana um Fheithicil Leictreach (EV) mar chuid den tionscadal foriomlán. Arís, cé gurbh éard a bhí mar chuspóir foriomlán ná tuiscint a fháil ar iarmhairt luchtú na bhfeithiclí leictreacha ar líonra an leictreachais agus fiosrú a dhéanamh chun féachaint an féidir le húsáid bharrfheabhsaithe na dteicneolaíochtaí cliste sna feithiclí leictreacha íoslaghdú a dhéanamh ar na hiarmhairtí sin, cuireadh eolas suimiúil ar fáil freisin as na sonraí ón dtriail. Taispeánadh sna sonraí, mar shampla, gur féidir le feithiclí leictreacha, ag a bhfuil an réimse is dual d'fheithiclí leictreacha nua-aimseartha, oibriú i gceantair tuaithe don chuid is mó de dhaoine, áit a bhfuil an luchtú á dhéanamh ag baile de ghnáth. Go hachomair, fionnadh sa triail go raibh feithiclí leictreacha, a raibh réimse 350km acu, oiriúnach don leithinis inar thaistil feithiclí ní ba lú ná 200km i lá amháin 95% den am [18].


[17] https://www.gov.ie/en/publication/3faf6-electric-vehicles-charging-infrastructure-strategy-2022-2025/

[18] *Tionscadal Leictriúcháin Dhaingean Uí Chúis: Triail ar Sholúbthacht na gCustaiméirí*, Geaney C., Ceannasaí Tionscadail TFC, Tionscadal Leictriúcháin Dhaingean Uí Chúis, Iúil 2022,

Agus so á scríobh, tá tionscadail phíolótacha sa bhreis á gcur i bhfeidhm ar bhonn céimneach maidir leis an iompar inbhuanaithe ar an leithinis, agus béim ar leith acu ar an iompar a bhaineann le hearnáil na turasóireachta agus le hearnáil na talmhaíochta.  Cuimsíonn an chéad earnáil *tionscadal taiscéalaíochta* ina bhféachtar, i gcomhpháirtíocht le Fáilte Éireann, le measúnacht a dhéanamh ar indéantacht na mol leictrea-shoghluaiseachta ar fud na leithinse (mar aon le láithreáin phíolótacha eile i gCorcaigh agus i bPort Láirge).  Táthar ag gabháil freisin d'fheabhsuithe ar an iompar poiblí ar fud na leithinse i gcomhar le raon páirtithe leasmhara.  Deintear plé níos mine ar na tionscadail seo agus tionscadail eile sa *chlár deiseanna* i gCuid 6.8.2.


---

https://www.esbnetworks.ie/docs/default-source/publications/the-dingle-electrification-project-customer-flexibility-trial.pdf?sfvrsn=3ee2c0b0_15




**Fíor 6-2 Léarscáil SEAI (Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann) ina dtaispeántar Rátálacha Fuinnimh Foirgnimh (BER) ar fud na leithinse - BER C (glas) agus BER D (buí)[19]**

[19] https://gis.seai.ie/ber/




**Fíor 6-3 Léarscáil SEAI (Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann) ar *Limistéir Iarrthóireachta um Théamh Ceantair* ina sainaithnítear Daingean Uí Chúis mar limistéar féideartha iarrthóireachta**[20]

[20] https://gis.seai.ie/districtheating/ [deineadh rochtain air i Lúnasa 2023]

### 6.2.3 Cabhlach Feithiclí an Údaráis Áitiúil

I dtaca le gníomhartha an Údaráis Áitiúil sa DZ de, tá 8 bhfeithicil agus 6 fheithicil trealaimh (forcardaitheoir, tarracóir srl.) ag Ceantar Bardasach Dhaingean Uí Chúis. Is ar dhíosal a ritheann gach ceann acu. I gcomhréir leis an dtuarascáil nuafhoilsithe de chuid na Gníomhaireachta Bainistíochta Rialtais Áitiúil (LGMA) *Cabhlach Feithiclí na nÚdarás Áitiúil – Straitéis i dtreo an Dícharbónaithe 2023*, mar a léirítear in Aguisín A, moltar go ndéanfar na bearta so a leanas:

- Iniúchadh ar Riachtanais Oibríochta agus Cabhlaigh Feithiclí, lena n-áirítear aois agus bail,
- Sainaithint a dhéanamh ar éifeachtúlachtaí um bainistiú an chabhlaigh feithiclí,
- Triail a bhaint as feithiclí a ritheann ar bhreoslaí malartacha, agus
- Fiosrú a dhéanamh ar oiriúnacht na bhfeithiclí leictreacha ar fud an chabhlaigh feithiclí.

### 6.2.4 Iarfheistiú Cónaithe agus Uasghráduithe Fuinnimh

Is leis an earnáil phríobháideach chónaithe a bhaineann cuid mhór de chur i gcrích na spriocanna laistigh den DZ, fé mar a phléitear thuas i gCuid 6.2.1. Tá mórán dúshlán os comhair na hearnála so ó thaobh na spriocanna a chur i gcrích, thar aon ní eile mar gheall ar leibhéal na húinéireachta de líon na dtithe tánaisteacha saoire agus mar gheall ar líon na cóiríochta séasúraí ar cíos nó ar léas ar fud na leithinse.

Dhein *Mol Dhaingean Uí Chúis* sa bhliain 2022 iarratas ar thionscadal LIFE de chuid an Aontais Eorpaigh dar teideal *Réiteach - Seirbhísí um Athchóiriú Áite Cónaithe i dtaca le Leithinis Chorca Dhuibhne*. Bhí sé mar aidhm ag *Réiteach* tacaíocht a thabhairt chun an sprioc náisiúnta iarfheistiúcháin a sheachadadh, agus sonraíodh figiúirí i gcomhair na leithinse de 1,410 áit chónaithe chun tabhairt fé fheabhsuithe fuinnimh agus chun 1,130 teaschaidéal a shuiteáil fén mbliain 2030. Cé nár éirigh leis an iarratas san, chuir an próiseas béim shoiléir ar na bealaí i dtreo na hacmhainneachta chun borradh a chur fén líon athchóiriúchán cónaithe. Deintear plé níos mine ar na tionscadail seo agus tionscadail eile sa *chlár deiseanna* i gCuid 6.8.2.

### 6.2.5 Soláthar Foirgneamh an Údaráis Áitiúil

I dtaca le sócmhainní an Údaráis Áitiúil féin sa DZ, mar atá léirithe i gCuid 4.3.3, tá *Plean Uasghrádúcháin um Oibreacha Fuinnimh* dréachtaithe ag CCC dá cuid saoráidí corparáideacha. Sonraítear sa phlean na 75 cinn d'ionaid mhaoine fé úinéireacht CCC, lena n-áirítear roinnt mhaith foirgneamh laistigh den DZ – Oifig Limistéir Cheantar Bardasach Dhaingean Uí Chúis; Teach Cúirte Dhaingean Uí Chúis; Stáisiún Dóiteáin Dhaingean Uí Chúis agus Leabharlann Dhaingean Uí Chúis. Sainaithnítear sa phlean uasghrádúcháin tionscadail i leith na ndéanmhas ar fad ina bhféachtar le feidhmíocht fuinnimh a mhéadú agus ar an mbealach san na sócmhainní sa DZ a thabhairt suas chun na gcaighdeán is gá ar bhonn náisiúnta, mar a bhainistítear sa Chóras um Bainistiú an Fhuinnimh de chuid CCC agus a chreidiúnaítear go dtí ISO 50001.

## 6.3 Deiseanna agus Sriantachtaí chun Fuinneamh a Dhícharbónú laistigh den Chrios um Dhícharbónú (DZ)

Léirítear an beartas fuinnimh agus an beartas pleanála i dtaoibh an Fhuinnimh In-athnuaite sa chontae, agus limistéar an DZ san áireamh, i gCaibidil 12 de Phlean Forbartha Chontae Chiarraí (PFCC/KCDP) 2022-2028 (agus deineadh SEA/ Measúnacht Staitéiseach Timpeallachta agus AA/ Measúnacht Chuí mar chuid den ghlacadh leis an PFCC).

Már atá taispeánta i gCaibidil 12 den PFCC, i gcomparáid le codanna eile den chontae, tá bonneagar suntasach in easnamh in DZ Dhaingean Uí Chúis/Chorca Dhuibhne ó thaobh na n-eangaí leictreachais de agus ó thaobh an dáileacháin leictreachais de. Féadfaidh so a bheith ina sriantacht ar tháirgeadh

an Fhuinnimh In-athnuaite ach freisin ar tharchur/dháileadh aon Fhuinneamh In-athnuaite a mholtar sa leithinis. Mar a tugadh fé ndeara cheana, ba chuid den tionscnamh *Corca Dhuibhne/Dingle Peninsula 2030* ná úsáid agus measúnacht a dhéanamh ar raon teicneolaíochtaí nua chun forbairt a dhéanamh ar eangach tarchurtha leictreachais tuaithe atá díonach agus ar bheagán carbóin[21]. I dtaca le bonneagar fuinnimh eile de, ní shíneann líonra náisiúnta an gháis nádúrtha isteach sa leithinis. Níl ach codanna de Chiarraí Thuaidh sa líonra gáis nádúrtha. Is beag bonneagar fuinnimh in-athnuaite (go háirithe ar scála) atá ar an leithinis agus níl aon fhuinneamh in-athnuaite ar scála mór á tháirgeadh agus/nó níl aon cheann molta i láthair na huaire. Níl aon tailte sa DZ criosáilte d'fhuinneamh na gaoithe mórscála/scála tráchtála ar tír. Cuireadh an leithinis as an áireamh de bharr sriantachtaí a bhain go príomha le cúrsaí timpeallachta agus cúrsaí radhairc/tírdhreacha[22].

Tá an ghiniúint bheagscála nó micrighiniúint ag tarlú, cuir i gcás tá giniúint bheagscála ghréine PV (fótavoltach ar dhíonta srl.) le feiscint de réir mar atá roinnt mhaith pobal fuinnimh inbhuanaithe ag forbairt. Thosnaigh so le Máistirphlean Fuinnimh Dhaingean Uí Chúis[23] a foilsíodh sa bhliain 2020 agus pobal fuinnimh inbhuanaithe d'earnáil na déiríochta (Feirmeoirí Déiríochta Iarthar Chiarraí) - ceann de na chéad phobail dá leithéid sa tír. Dhein an pobal san Máistirphlean Fuinnimh sa bhliain 2019[24]. Deineadh athbhreithniú sa Mháistirphlean Fuinnimh déiríochta san ar chleachtais fuinnimh reatha na bhfeirmeoirí agus ansan soláthraíodh treochlár moltaí a bhí éifeachtach ó thaobh an chostais de, praiticiúil agus éifeachtúil i dtaca le bearta éifeachtúlachta fuinnimh. Tá an Máistirphlean so ag leanúint ar aghaidh anois agus táthar ag súil gan amhras le foghlaimí ón ngrúpa de réir mar a chuirfear an DZ i ngníomh. Agus so á scríobh, tá tús curtha le pobal núíosach fuinnimh inbhuanaithe eile ar an leithinis – Pobal Fuinnimh Inbhuanaithe Turasóireachta agus Fáilteachais Chorca Dhuibhne[25]. Tá sé mar aidhm aige foghlaimí a bhaint as Pobal Fuinnimh Inbhuanaithe Fheirmeoirí Déiríochta Iarthar Chiarraí maidir le conas earnáil a spreagadh chun gluaiseacht i dtreo na héifeachtúlachta fuinnimh agus i dtreo an dícharbónaithe fuinnimh. Arís, tá sé beartaithe go mbeidh an Pobal Fuinnimh Inbhuanaithe seo mar phríomhchúram leis an DZ ag céim an chuir i ngníomh. Deintear plé níos mine ar an dtionscadal so agus ar thionscadail eile, sa *chlár deiseanna* i gCuid 6.8.2.

Tar éis na mbeart, treisíonn tacaí an bheartais phleanála, fé réir na measúnachta timpeallachta cás ar chás, go láidir le micrighiniúint agus giniúint bheagscála an Fhuinnimh In-athnuaite. Baineann so le hábhar go háirithe maidir le DZ Dhaingean Uí Chúis/Chorca Dhuibhne, ag féachaint don bhonneagar maidir leis an eangach leictreachais agus inarb é is dóichí ná go gcomhlíonfaidh micrighiniúint cúram mór i dtaca leis na gníomhartha chun an fuinneamh a dhícharbónú. Tá sé sonraithe, áfach, i dtaighde eile a fuair maoiniú ón dtionscnamh *Corca Dhuibhne/Dingle Peninsula 2030* gurb ann do dheis shuaithinseach chun fuinneamh a dhícharbónú ar an leithinis tríd an mbithgheilleagar - go háirithe táirgeadh an bhithgháis ach go sonrach táirgeadh an bhithmheatáin. Tá so á phlé go hachomair anso thíos agus tá plé níos mine ar thionscadail/thionscnaimh atá féideartha sa *chlár deiseanna* i gCuid 6.8.2.

---

21 https://www.esbnetworks.ie/docs/default-source/publications/the-dingle-electrification-project-customer-flexibility-trial.pdf?sfvrsn=3ee2c0b0_15

22 Féach Caibidil 12 agus Imleabhar 1, go sonrach Léarscáil 12.4

23 *Máistirphlean Fuinnimh Phobal Fuinnimh Inbhuanaithe Dhaingean Uí Chúis, Cothromaíocht Bhonnlíne an Fhuinnimh, Acmhainneacht an Fhuinnimh In-athnuaite agus Clár Deiseanna*, Feabhra 2020 le Kevin Curtin, Seirbhísí Suirbhé agus Deartha agus Shay Kavanagh, Sainchomhairleoireacht Neamhspleách Fuinniv.

24 *Máistirphlean Fuinnimh Phobal Fuinnimh Inbhuanaithe Iarthar Chiarraí,* le Teicneolaíochtaí DCSix, 2019.

25 https://dinglehub.com/projects/sustainability/tourism/

### 6.3.1 Bithgheilleagar agus Fuinneamh In-athnuaite

Choimisiúnaigh *Mol Dhaingean Uí Chúis* sa bhliain 2020 *Staidéar Indéantachta ar an nDíleá Anaeróbach do Leithinis Chorca Dhuibhne*[26], chun acmhainneacht an tionscail ar an leithinis a chíoradh. Ó dhréachtú an phlean so sa bhliain 2020 tá dul chun cinn nach beag déanta ag an mbeartas náisiúnta ar an ngás in-athnuaite, go háirithe an Díleá Anaeróbach (AD), cé go bhfuil, agus so á scríobh, *Straitéis Náisiúnta ar an mBithmheatán* fós ar feitheamh. Nuair a bheidh an straitéis náisiúnta ar an mbithmheatán ar fáil, tá gach dealramh ann go bhforálfar dona thuilleadh treorúcháin um rialáil agus beartas pleanála de réir mar a dhéanfar feidhmiú céimneach ar an DZ. Ar aon chuma, deintear sa CAP23 (Plean Náisiúnta Gníomhaithe ar son na hAeráide, 2023), treorú soiléir ar an dteicneolaíocht ina léirítear méadú suaithinseach ar na spriocanna náisiúnta i gcomhair an bhithmheatáin laistigh de mheascán fuinnimh na tíre sa todhchaí. Méadaíodh sprioc náisiúnta go dtí 10% de ghás in-athnuaite (is é sin bithmheatán) i líonra náisiúnta an gháis fén mbliain 2030, arb ionann é agus 5.7TWh.

Cuirtear in iúl ón mbeartas náisiúnta atá ag teacht chun cinn go mbeidh an t-éagsúlú sa talmhaíocht á shuíomh go náisiúnta chun bunábhar inmharthana a sholáthar ar bhonn inbhuanaithe, go sonrach sadhlas/féar agus sciodar, d'fhonn feidhm a bhaint as an AD (an Díleá Anaeróbach) ar an scála atá beartaithe. I bhfianaise an bhoinn talmhaíochta ar an leithinis, mar a shainaithnítear i Staidéar Indéantachta na bliana 2020 a luaitear thuas, is ann d'acmhainneacht chun an gnó so a chíoradh a thuilleadh. Is díol suntais, áfach, nach bhfuil aon líonra náisiúnta gáis laistigh den leithinis. Tugann so le tuiscint go gcaithfear aon táirgeadh áitiúil a úsáid ag an bhfoinse agus/nó a iompar go dtí pointe lárnach ceangail leis an eangach[27].

Ní foláir lena chois sin breithniú a dhéanamh maidir le hiomaíochas méadaitheach na n-úsáidí talún agus freisin maidir le ceisteanna níos leithne ó thaobh inbhuanaitheacht na húsáide talún. Mar sin féin, sainaithníodh i dtaighde a dhein Teagasc[28] "acraí ceilte" gurb ann do thalamh féaraigh is féidir a úsáid chun tacú le táirgeadh an bhithmheatáin le linn de bheith fós ag comhlíonadh na gcritéar inbhuanaitheachta den Treoir maidir le Fuinneamh In-athnuaite (REDS) II. Tá so tábhachtach i gcomhthéacs na leithinse ina bhfuil mórán talún á úsáid chun bia a tháirgeadh agus/nó sainithe i dtaca le gnáthóga leathnádúrtha. Tá go leor taighde á dhéanamh cheana sa DZ i ndáil le bithghás/bithmheatán (Fíor 6-) agus deintear plé breise ar an ngnó anso thíos sa *chlár deiseanna*.

## 6.4 Úsáid Talún /Talmhaíocht

Taispeánann forléargas déimeagrafach agus socheacnamaíoch ar an leithinis a deineadh sa bhliain 2021 an tábhacht a bhaineann le talmhaíocht (agus le hiascaireacht) ar an leithinis, agus deineann an phróifíl ghairme fianaise leis seo. I gcomparáid le réigiún an iardheiscirt, fostaítear in earnáil na feirmeoireachta agus earnáil na hiascaireachta a trí oiread níos mó daoine[29]. Thairis sin, tugtar fé ndeara sa tuarascáil shocheacnamaíoch go nglacann an lucht oibre ar an leithinis páirt in iolracht gníomhaíochta, is é sin níos mó ná *foinse ioncaim amháin, mar shampla: tugaid feirmeoireacht agus/nó iascaireacht le fostaíocht shéasúrach sa turasóireacht nó bíonn fiontar beag ceardaíochta acu de bhreis ar an bhfostaíocht sa talmhaíocht.* Níos faide ar aghaidh sa tuarascáil, dearbhaítear go mbíonn gá ag

---

[26] *Staidéar Indéantachta ar an nDíleá Anaeróbach do Leithinis Chorca Dhuibhne*, Tuarascáil neamhfhoilsithe le Fuinneamh Inbhuanaithe Sainchomhairleoireacht an Fhuinnimh In-athnuaite XD Teoranta, 2020.
[27] https://www.gasnetworks.ie/business/renewable-gas/renewable-gas/ anso luaitear go bhfuiltear ag súil leis go gcuirfidh Líonraí Gáis Éireann tús le foirgníocht na chéad shaoráid mhórscála um instealladh gáis in-athnuaite i mBaile Mistéala, Contae Chorcaí sa bhliain 2023 [deineadh rochtain air i Lúnasa 2023].
[28] https://www.teagasc.ie/news--events/daily/farm-business/agricultures-role-in-biomethane-production.php
[29] Ó Caoimh B, agus McGookin, C. (2021) Leathinis Corca Dhuibhne – Próifíl Dhéimeagrafach agus Shocheacnamaíoch. Trá Lí: Forbairt Chiarraí Thuaidh, Thoir agus Thiar

na pobail feirmeoireachta le *heolas breise a bhíonn bord ar bhord leis na hathruithe is déanaí chun é a chur ar a gcumas feidhm cheannródaíoch a chomhlíonadh ar mhaithe le cur ar aghaidh an aistrithe chóir (go dtí sochaí a bhíonn neodrach ó thaobh an charbóin de), agus ar an mbealach san iad a chumasú chun an bhrabúsacht a mhéadú agus chun tíolacais talún ó ghlúin go glúin a bhuanú*.

Ó thaobh na tíreolaíochta de, is í an ghné is tábhachtaí sa leithinis ná dromlach sléibhtiúil a shíneann ón oirthear go dtí an t-iarthar agus a chríochnaíonn i gCnoc Bréanainn ag an rinn is faide siar. Is iad na cineálacha ithreach atá ann i gcoitinne ná talamh ard an dromlaigh sléibhtiúil lena ghnáthithreacha móinteacha agus ithreacha mianracha na n-ísealchríoch ar an imeall ó thuaidh agus ó dheas.[30] Tá cósta timpeall ar an limistéar ar fad, ach amháin ar an dtaobh thoir. Tá na tailte anso ina scáil ar chinéal muirí na leithinse agus tá an-chuid fosuithe gainmheacha go háirithe in Inse agus i leithinis an Mhachaire. Tá an chuid is mó den chósta bog agus mórán dumhcha agus mórán riasc goirt ag an gcomhéadan idir an talamh agus an mhuir. Is mór idir é agus an cósta thiar lastall de Bhaile Dhaingean Uí Chúis, áit a bhfuil an-chuid faillte mara agus iad á gcreimeadh toisc iad a bheith i suíomh sceirdiúil ar chósta an Atlantaigh.

Is mar gheall ar shaibhreas na ngnáthóg a deineadh an sainiú (mar an líonra Natura 2000) ar limistéir mhóra na leithinse mar Limistéir Chaomhantais Speisialta (SAC) agus Limistéir Chosanta Speisialta (SPA) chomh mhaith le láithreáin áitiúla agus náisiúnta eile is díol suime ó thaobh na héiceolaíochta de. Tá roinnt mhaith réimsí uisce ardstádais sa leithinis freisin, réimsí atá sainithe fén gCreat-treoir Uisce. Dá réir sin, cothaíonn na réimsí uisce speicis salmainide agus an speiceas iarscríbhinne darb ainm an Diúilicín Péarla Fionnuisce. Mar a luadh cheana, sainítear na tailte arda agus a ngnáthóga mar chuid de cSAC Chnoc Bréanainn agus cSAC Shliabh Mis. Téann an dá cheann acu agus SPA Leithinis Chorca Dhuibhne thar a chéile – sainithe mar gheall ar an gCág Gobdhearg agus na hÉin Mhara. Tá an cósta agus na huiscí cósta lastuaidh agus laisteas den leithinis sainithe mar chuid de SAC Bhá Thrá Lí Thiar go dtí an Clochán agus Leithinis an Mhachaire / SPA Choimpléacs Bhá Thrá Lí agus SAC/SPA Loch na dTrí gCaol, fé seach. Tugann líonta ollmhóra lapairí agus fia-éan geimhrithe cuairt ar an dá limistéar. Is cinn de na dumhcha is fairsinge in iardheisceart na hÉireann iad gnáthóga na ndumhcha in Inse agus sa Mhachaire agus folaíonn siad líonta den Chág Gobdhearg. Is samplaí de ghnáthóg iarscríbhinne tosaíochta iad a lán de na dumhcha i gCaisleán Ghriaire, sa Mhachaire agus in Inse, agus is gnáthóg neamhchoitianta san Eoraip í anois. Ina theannta san, tá na dumhcha tábhachtach maidir le plandaí neamhchoitianta agus maidir le speicis eile amhail an Cnádán. Tá na dumhcha i gCaisleán Ghriaire agus sa Mhachaire ar chinn de na háiteanna is mó a bhfuil fáil ar an gCnádán agus táid ar chinn de na príomháiteanna pórúcháin i gcomhair na buaife sin in Éirinn. Is pNHA (Limistéir Oidhreachta Nádúrtha atá molta) iad roinnt mhaith gnáthóg bogaigh atá suite laistiar de Bhaile Dhaingean Uí Chúis agus is lasmuigh de na sonraíochtaí SAC atáid.

Ag féachaint do na sonraíochtaí dúlra ar fud na leithinse, tá an DZ laistigh de cheann de na hocht gcinn de thionscadail chomhoibrithe in Éirinn atá ag obair le feirmeoirí i limistéir ardluacha um chaomhnú an dúlra mar chuid den Scéim Náisiúnta Timpeallachta Tuaithe Agra-Aeráide (ACRES) den Chomhbheartas Talmhaíochta is déanaí[31]. Thosnaigh an limistéar comhoibrithe ACRES in Iarthar Chorcaí/Ciarraí sa bhliain 2022, agus an fhís fhoriomlán aige chun a bheith ag obair go dlúth le feirmeoirí agus lena gcuid comhairleoirí feirme d'fhonn tacú le feabhsuithe inbhuanaithe ar na dálaí timpeallachta agus talmhaíochta atá ar a gcuid talún. Foroinntear limistéar an tionscadail chomhoibrithe ina cheithre cinn de chriosanna, agus folaítear an DZ i gceann de na criosanna. Tá ceithre chuspóir uileghabhálacha ag an dtionscadal:

- Cosaint na sruthchúrsaí;

---


[30] Suirbhé Acmhainne Talmhaíochta Chontae Chiarraí, Arna fhoilsiú ag Coiste Talmhaíochta Chontae Chiarraí, Trá Lí, Éire, 1972

[31] Tá sé á chistiú ag an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara agus tá sé á riaradh ag Páirtíocht Forbartha Dheisceart Chiarraí (SKDP)

- Tacú le stóráil charbóin agus le ceapadh carbóin agus le cosaint na ngnáthóg neamhchoitianta atá fé bhagairt;
- Tacú le caomhnú na speiceas neamhchoitianta atá fé bhagairt;
- Bainistiú na speiceas ionrach.

Tá tionscadal comhoibrithe ACRES le cur i gcrích trí mheasúnachtaí ar ghnáthóga atá bunaithe ar thorthaí; infheistíochtaí neamhtháirgiúla; agus gníomhartha tírdhreacha. Tá gach ceann deartha chun luach a saothair a thabhairt d'fheirmeoirí a bhfuil gnáthóga ardchaighdeáin acu ar a gcuid feirmeacha agus chun dreasachtaí a chur ar fáil d'fheirmeoirí rannpháirteacha d'fhonn na dálaí éiceolaíochta agus timpeallachta atá ar a gcuid talún a fheabhsú. Táthar ag tacú le ACRES trí bhuíon thiomnaithe foirne atá á riaradh ag cuideachta forbartha áitiúla.

Deintear plé níos mine i gCuid 6.8.2. ar chláir náisiúnta agra-thimpeallachta agus agra-aeráide eile agus ar sheirbhísí comhairleacha lena n-áirítear Feirmeacha um Chuaille Eolais; Clár Tacaíochta agus Comhairle um Inbhuanaitheacht Talmhaíochta (ASSAP) agus Comhpháirtíochtaí Eorpacha Nuálaíochta (EIP) a bhíonn á gcur i bhfeidhm ar bhonn céimneach ar fud na leithinse chun dul i ngleic leis na dúshláin nach mór don earnáil talmhaíochta aghaidh a thabhairt orthu ó thaobh a gcuid astaíochtaí a ghearradh.




**Fíor 6-4 Acmhainneacht an bhithmheatáin in DZ Dhaingean Uí Chúis/Corca Dhuibhne mar atá sainaitheanta ag an bpobal**

## 6.5 Fardal Astaíochtaí Bonnlíne

Mar a tugadh fé ndeara, sainaithnítear DZ go príomha chun torthaí a sheachadadh a bhíonn i gcumas na spriocanna náisiúnta um laghdú ar astaíochtaí a shroisint ó thaobh laghdú 51% fén mbliain 2030 a bhaint amach agus a bheith saor ó astaíochtaí fén mbliain 2050 (i bhfianaise na bliana bonnlíne 2018) Chuige seo, ba é an chéad chúram a bhí ar an LACAP so ná fardal astaíochtaí bonnlíne a shainaithint i dtaca le DZ Dhaingean Uí Chúis/Chorca Dhuibhne.

Críochnaíodh an Fardal Astaíochtaí Bonnlíne i dtaca le DZ Dhaingean Uí Chúis/Chorca Dhuibhne go luath sa bhliain 2023 trí thaighde ar thug *Mol Dhaingean Uí Chúis* fé, agus taispeántar é, mar aon le húsáid an fhuinnimh, I bhFior 6.5..


Léirítear sna sonraí de na hastaíochtaí GCT (píchairt ar dheis):

- Ba iad na hastaíochtaí iomlána ná 268ktonne $CO_2$eq (268 Cileathonna de Choibhéis Dé-ocsaíde Carbóin);
- Bhain 70% - 187ktonne $CO_2$eq (187 Cileathonna de Choibhéis Dé-ocsaíde Carbóin) - le hastaíochtaí neamhfhuinnimh agus 30% - 81ktonne $CO_2$eq (81 Cileathonna de Choibhéis Dé-ocsaíde Carbóin) - ó astaíochtaí a bhain leis an bhfuinneamh;
- I dtaca le hastaíochtaí neamhfhuinnimh (70%) de, Talmhaíocht agus Úsáid Talún, Athrú ar Úsáid Talún agus Foraoiseacht (LULUCF) is ea an dá réimse is suaithinsí agus iad taobh thiar de 53% agus 17% de na hastaíochtaí GCT, fé seach,
- I dtaca le hastaíochtaí ag baint leis an bhfuinneamh (30%), baineann an earnáil chónaithe agus an earnáil iompair le 13% agus 11%, fé seach, agus sna sála orthu súd tá an déantúsaíocht/na seirbhísí ar 4% agus an talmhaíocht ar 2%.

As an 30% - 81ktonne $CO_2$eq (81 Cileathonna de Choibhéis Dé-ocsaíde Carbóin) - sonraítear na hastaíochtaí GCT ón bhfuinneamh i bhFior 6.5 (píchairt ar chlé):

- Ba í úsáid iomlán an fhuinnimh ar an leithinis ná 305GWh,
- As an méid seo, bhí an ola in uachtar i dtaca le húsáid an fhuinnimh (77%) – úsáidte in iompar (38%); líonta tí (26%); seirbhísí (6%) agus talmhaíocht/iascaireacht (6%);
- agus ina ndiaidh bhí an leictreachas (16%), agus é úsáidte i líonta tí (8%); seirbhísí (6%); tionscal (1%) agus talmhaíocht agus iascaireacht (1%).
- breosla soladach (6%) – úsáidte i líonta tí agus
- cinn eile (adhmad/gás nádúrtha) ar 1%.

Deintear a thuilleadh scrúdúcháin ar na figiúirí seo i dtaca leis na ceithre phríomhearnáil: an earnáil chónaithe; an earnáil iompair; an earnáil talmhaíochta agus LULUCF (Úsáid Talún, Athrú ar Úsáid Talún agus Foraoiseacht), i bhFíor 6- agus i bhFior 6.7.




**Fíor 6-5 BEI (Fardal Astaíochtaí Bonnlíne) i dtaca le DZ Dhaingean Uí Chúis/Chorca Dhuibhne**

## Earnáil Iompair - 11%

Astaíochtaí Iomlána: 28 Cileathonna de Choibhéis Dé-ocsaíde Carbóin ($CO_2$)

Éileamh iomlán ar fhuinneamh: 117GWh
44% den éileamh iomlán ar fhuinneamh, go formhór gluaisteáin phríobháideacha, arb éard atá iontu ná 26% den éileamh iomlán ar fhuinneamh
Úinéireacht na ngluaisteán 25% os cionn an mheáin náisiúnta - 549 gluaisteán in aghaidh 1,000 duine, i gcomparáid le 441 gluaisteán in aghaidh 1,000 duine

Baile Uí Thaidhg
Ard Fhearta
An Fhianait
Trá Lí
Caisleán Ghriaire
Baile an Fheirtéaraigh
Daingean Uí Chúis
Cill Orglan
Gleann Beithe
An tAigéan Atlantach Thuaidh

## Earnáil Chónaithe - 13%

Astaíochtaí Iomlána: 35 Cileathonna de Choibhéis Dé-ocsaíde Carbóin ($CO_2$)

Éileamh iomlán ar fhuinneamh: 124GWh
42% den éileamh ar fhuinneamh
Éileamh ar fhuinneamh in aghaidh an tí - 15% os cionn an mheáin náisiúnta ag 21,900 kWh sa bhliain i gcomparáid le 18,900 kWh sa bhliain
An cion is mó d'úsáid an fhuinnimh sa tigh i gceantar na nGleannta, i gceantar Bhaile Dhaingean Uí Chúis agus i gceantar Chaisleán Ghriaire

Baile Uí Thaidhg
Ard Fhearta
An Fhianait
Trá Lí
Caisleán Ghriaire
Baile an Fheirtéaraigh
Daingean Uí Chúis
Cill Orglan
Gleann Beithe
An tAigéan Atlantach Thuaidh

**Fíor 6-6 BEI (Fardal Astaíochtaí Bonnlíne) i dtaca leis an earnáil iompair agus i dtaca leis an earnáil chónaithe laistigh den DZ**

## Earnáil LULUCF (Úsáid Talún, Athrú ar Úsáid Talún agus Foraoiseacht) 2019 - 17%

Astaíochtaí Iomlána: 45 Cileathonna de Choibhéis Dé-ocsaíde Carbóin ($CO_2$)

Achar Feirme: 33,748 heicteár arb éard atá ann ná 13% de Chontae Chiarraí, 0.7% den Achar Náisiúnta

**Eochair Eolais**

Coimpléacs cósta
Féarach tirim
Féarach fliuch
Foraois aibí
Foraois (neamhrangaithe) agus scrobarnach
Portach agus fraochmhá
Carraig lom / coimpléacs carraigeach
Uisce éadomhain
Talamh fhoirgnithe
Gan aon sonraí

Cineál Fásra agus Cumhdach Talún

Úsáid Talún (ha) (LOS/CSO, 2010)

Féarach Garbh 24%
Eile 0%
Sadhlas 18%
Féar Tirim 2%
Féarach 56%

Dáileadh Úsáid na Talún i nDaingean Uí Chúis

## Earnáil Talmhaíochta 2019 - 55%

Astaíochtaí Iomlána: 148 Cileathonna de Choibhéis Dé-ocsaíde Carbóin ($CO_2$)

Éileamh iomlán ar fhuinneamh: 21GWh

Líon daoine fostaithe san earnáil talmhaíochta: 533

Líon daoine fostaithe san earnáil neamhthalmhaíochta: 5030

Lios Tuathail
Ard Fhearta
Trá Lí
Caisleán Ghriaire
Baile an Fheirtéaraigh
Daingean Uí Chúis
Cill Orglan
Gleann Beithe
An tAigéan Atlantach Thuaidh
Cill Airne

**Fíor 6-7 BEI (Fardal Astaíochtaí Bonnlíne) i dtaca le hearnáil LULUCF agus i dtaca le hearnáil na Talmhaíochta laistigh den DZ**

Cuirtear in iúl Fíor 6- agus i bhFior 6.7 staíochtaí fuinnimh ón dtimpeallacht thógtha agus ón iompar, agus ina ndiaidh astaíochtaí ón dtionscal seirbhísí agus ón dtalmhaíocht/iascaireacht, agus

- astaíochtaí neamhfhuinnimh a bhaineann leis an dtalmhaíocht/LULUCF (Úsáid Talún, Athrú ar Úsáid Talún agus Foraoiseacht.

Ina theannta san, beidh gníomhartha oiriúnúcháin suaithinseach ó thaobh féachaint chuige go seasfaidh forbairt straitéiseach na leithinse agus úsáidí leathana talún an aimsir i dtaca le hathruithe atá tuartha sa CCRA (Measúnú Priacail ar an Athrú Aeráide) atá pléite i gCuid 4.1 agus in Aguisín D.

Deintear na bealaí chun spriocanna astaíochtaí a bhaint amach a phlé a thuilleadh sa chuid eile den chaibidil seo.

## 6.6 Rannpháirtíocht agus Comhairliúchán le Páirtithe Leasmhara

Comhchuid bhunriachtanach de DZ Dhaingean Uí Chúis/Chorca Dhuibhne is ea rannpháirtíocht an phobail agus rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara. Thosnaigh so le ceardlann a tionóladh i nDaingean Uí Chúis ar an 1 Meitheamh, 2023. Tugadh cuireadh do na príomhpháirtithe leasmhara agus d'aon pháirtí arb é a leas é an cúram agus cuireadh na príomhfhionnachtana ón BEI (Fardal Astaíochtaí Bonnlíne) ina láthair. Bhí na rannpháirtithe sa cheardlann, agus iad de chúlraí éagsúla agus as grúpaí ilghnéitheacha, ar an eolas go maith cheana maidir leis na riachtanais agus na dúshláin a bhí os comhair a n-earnálacha féin. Chonaic na rannpháirtithe gur bhain luach soiléir leis an leithinis a bheith sainithe mar DZ Dhaingean Uí Chúis/Chorca Dhuibhne. Chuireadar fáilte roimis an ndeis ar léirchruinneas a chur ar na gníomhaíochtaí leanúnacha líonmhara i nDaingean Uí Chúis, fé scáth an DZ. Amach óna gcuid gníomhaíochtaí earnálacha féin, shonraigh na rannpháirtithe roinnt mhaith gníomhartha a bhféadfaí tabhairt fúthu chun a gcuid iarrachtaí a chumasú a thuilleadh. Soláthraítear in Aguisín E a thuilleadh sonraí den phróiseas so ó thaobh na rannpháirtíochta de agus deintear trácht níos mine sna chéad chodanna eile ar na deiseanna agus na gníomhartha a thagann ón dtaighde agus ón rannpháirtíocht a deineadh go dtí so ar an DZ.

## 6.7 Fís agus Ráiteas Misin i dtaca le DZ Dhaingean Uí Chúis/Chorca Dhuibhne

Deineadh, i ndiaidh an chomhairliúcháin, an **fhís** uileghabhálach i dtaca le DZ Dhaingean Uí Chúis/Chorca Dhuibhne a dhréachtú mar:

*Seachadadh a dhéanamh ar thorthaí taiscéalaíochta a fhéadfaidh na spriocanna náisiúnta um laghdú ar astaíochtaí a shroisint ó thaobh laghdú 51% a bhaint amach agus a bheith saor ó astaíochtaí fén mbliain 2050, trí chur chuige áitbhunaithe i dtreo an ghníomhaithe ar son na haeráide.*

Tacaítear leis an bhfís, i gcomhairle leis na príomhpháirtithe leasmhara, tríd an ráiteas misin seo a leanas:

*Feidhm a bhaint as cur chuige um smaointeoireacht ar chórais trí spreagadh a thabhairt don díonacht agus do chumas leanúnach ar ghlacadh leis an athrú agus ar fhoghlaimí áitbhúnaithe a bhrostú chun tionscnaimh um inbhuanaitheacht agus aistriú a sheachadadh ar fud DZ (Crios um Dhícharbónú) Dhaingean Uí Chúis/Chorca Dhuibhne.*

## 6.8 Creat na nGníomhartha ar son na hAeráide

Is é an dúshlán atá ós ár gcomhair anois ná an fhís agus an ráiteas misin i dtaca le DZ Dhaingean Uí Chúis/Chorca Dhuibhne a thabhairt chun críche. Léirítear anso thíos an chaoi a mbeartaítear an gnó. I mbeagán focal, mar sin, trí shainaithint a dhéanamh ar na tionscadail/ pleananna/ tionscnaimh srl. a bhíonn ar siúl cheana nó a d'fhéadfaí a chur i ngníomh ar an leithinis (*clár deiseanna*, mar a thugtar air) agus ar deireadh, gníomhartha intomhaiste sonracha ar son na haeráide is féidir a chur i ngníomh chun spriocanna astaíochtaí a bhaint amach.

### 6.8.1 An gá le *Clár Deiseanna*

Luaitear sna treoirlínte náisiúnta i dtaca leis na Criosanna um Dhícharbónú (DZ) gurb í an chéad chéim, chun na spriocanna um laghduithe ar astaíochtaí a sheachadadh, ná *clár deiseanna* a chur ar fáil. Is éard is aidhm leis an gclár ná tosaíocht agus béim a chur ar acmhainneachtaí um dhícharbónú agus oiriúnú sa DZ a bhíonn ag teacht le:

- Laghduithe ar astaíochtaí na n-earnálacha a shainaithnítear laistigh den Phlean Náisiúnta Gníomhaithe ar son na hAeráide
- Pleananna, tionscadail agus tionscnaimh a bhíonn ar siúl, molta nó beartaithe, agus
- Aon tionscnaimh phobail san áit a bhíonn ar siúl, molta nó beartaithe.

Léirítear sa chéad chuid eile punann agus píblíne d'idirghabhállacha, de thionscadail agus de ghníomhartha a fhéachann le nuálaíochtaí agus réitigh um dhícharbónú in DZ Dhaingean Uí Chúis/Chorca Dhuibhne. Áirítear leis na hidirghabhálacha, de réir mar is gá, bearta maolúcháin, oiriúnúcháin agus bithéagsúlachta. Ní foláir a thabhairt fé ndeara go bhfuil mórán de na hidirghabhálacha so á gcur i bhfeidhm ar bhonn céimneach réamhghníomhach ag an bpobal fé láthair, i gcomhairle le raon mór páirtithe leasmhara. Tá sé tábhachtach a thabhairt fé ndeara nach mbeidh mórán gníomhartha go hiomlán fé lánfhreagracht CCC. De rogha air sin, comhlíonfaidh an tÚdarás Áitiúil cúram mar pháirtí gníomhach agus mar pháirtí leasmhar – trí chomhordú, éascaíocht agus abhcóideacht a dhéanamh i dtaca le gníomhartha laistigh den DZ.

Tá sé mar aidhm anois ag an DZ a thuilleadh acmhainní a bhaint i gcomhair na n-idirghabhálacha so. Agus so á dhéanamh, tá sé aitheanta ag an bpobal gurb ann do cheithre cinn de phríomhthéamaí leathana a théann trí na deiseanna ar tír, ar cósta agus ar muir:

- **Éifeachtúlacht agus Bainistiú um Charbón agus um Acmhainn** – leithinis atá neodrach ó thaobh an charbóin de,
- **Bithéagsúlacht** – leithinis ina bhfuil an bhithéagsúlacht tugtha thar n-ais agus feabhsaithe, agus na seirbhísí éiceachórais curtha chun tairbhe inti.
- **Ciorclaíocht** – leithinis atá ciorclach ó thaobh a húsáide acmhainní de, agus
- **Foghlaim agus Cumas na gCuradh** – leithinis atá inbhuanaithe agus díonach ar bhonn sóisialta agus geilleagrach agus a bhfuil gníomhaireacht agus tionchar aici.

Tíolactar an *clár deiseanna* anso thíos i gCuid 6.8.2. Tá gach ceann ceangailte do na Spriocanna Straitéiseacha:

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| Timpeallacht Thógtha agus Iompar | Timpeallacht Nádúrtha agus Bonneagar Glas | Inbhuanaitheacht agus Bainistiú Acmhainne | Pobail, Díonacht agus Aistriú | Rialachas agus Ceannaireacht |

## 6.8.2 *Clár Deiseanna* a Shainaithnítear le DZ (Crios um Dhícharbónú) Dhaingean Uí Chúis/Chorca Dhuibhne

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Deis** | **Tionscadal Taiscéalaíochta um Shoghluaiseacht Inbhuanaithe Leithinis Chorca Dhuibhne** | | | | | |
| | **Sprioc Straitéiseach:** ***Timpeallacht Thógtha agus Iompar*** | | | | | |
| | **Cur Síos** | | | | **Comhpháirtithe** | |
| | Agus é á mhaoirsiú ag *Mol Dhaingean Uí Chúis*, is éard atá sa tionscadal so ná tionscadal taiscéalaíochta um shoghluaiseacht inbhuanaithe atá comhtháite agus pobalbhunaithe. Féachtar ann le haghaidh a thabhairt ar dhúshláin bhonneagair agus iompraíochta agus cumasú a dhéanamh ar sheachadadh dhícharbónú na hearnála iompair ar DZ Dhaingean Uí Chúis/Chorca Dhuibhne. Tá sé mar aidhm ann an tsamhail *seachain-aistrigh-feabhsaigh* den bheartas náisiúnta soghluaiseachta do phobal tuaithe a chur i ngníomh. Aithnítear sa tionscadal an gá le modhanna malartacha inmharthana iompair chun laghdú a chur ar ardleibhéil an spleáchais ar ghluaisteáin phríobháideacha a bhíonn de dhlúth agus d'inneach i gceantair tuaithe. | | | | An tÚdarás Náisiúnta Iompair; An Roinn Iompair; SEAI (Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann); CCC; Nasc Áitiúil Chiarraí (Local Link Kerry); Bus Éireann; BSL/ESB Ag Nuáil; X_Láithreán; MOL LUDGATE; Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge; Mol Dhaingean Uí Chúis, Grúpaí ionadaíocha áitiúla pobail; Comhaontas Turasóireachta Leithinis Chorca Dhuibhne; Go-Car, Bonneagar Iompair Éireann (TII), Baile Átha Cliath Cliste (Smart Dublin). | |
| | **Tréimhse Ionchasach** | **Fócas** | **Éifeachtacht** | **Raon Costais** | **Foinsí Féideartha Maoiniúcháin** | **Stádas** |
| | **Gairid/ Meánach/ Fada** | **(Inmheánach/Seachtrach/ An Dá Rud)** | **(Ard/Meánach/ Íseal)** | **(Ard/Meánach/ Íseal)** | | **(Beartaithe ach gan a bheith tosnaithe/ Ar siúl/ Fé bhreithniú)** |
| | Meánach | Seachtrach | Ard | Ard | Náisiúnta | Ar siúl |
| **Deis** | **Tuarascáil ar Mhol Soghluaiseachta BSL (ESB) / Fáilte Éireann** | | | | | |
| | **Sprioc Straitéiseach:** ***Timpeallacht Thógtha agus Iompar*** | | | | | |
| | **Cur Síos** | | | | **Comhpháirtithe** | |
| | Staidéar soghluaiseachta ar leith inar scrúdaíodh an indéantacht ó thaobh 3 mhol leictrea-shoghluaiseachta a shuiteáil (feithicil leictreach/EV, rothar leictreach/eBike, scútair leictreach/eScooter, Rothar Lastais) i nDaingean Uí Chúis, sa Sciobairín (Contae Chorcaí) agus Port Láirge lena n-úsáid agus lena bhfáil ar cíos ag turasóirí ar na ceantair seo. Laistigh de DZ Dhaingean Uí Chúis/Chorca Dhuibhne tá moil leictrea-shoghluaiseachta sainaitheanta mar a bheith i gcumas taisteal turasóireachta inbhuanaithe a sheachadadh | | | | Mol Dhaingean Uí Chúis; Fáilte Éireann; CCC (Ceantar Bardasach); Líonraí BSL/ESB; Soláthraithe áitiúla na rothar leictreach; scoileanna na háite i gCaisleán Ghriaire agus Baile an Fheirtéaraigh | |

agus cur leis na feabhsuithe iompair phoiblí atá déanta le déanaí ar an leithinis. Féachann an staidéar indéantachta so le tógaint ar an dtionscadal comhtháite pobalbhunaithe tuaithe taiscéalaíochta um shoghluaiseacht inbhuanaithe a bhíonn ar siúl. Thosnaigh an staidéar sa bhliain 2022, agus bhí na haidhmeanna so a leanas aige:

- sainaithint a dhéanamh ar 5 láthair atá féideartha i dtaca leis na moil leictrea-shoghluaiseachta ar Leithinis Chorca Dhuibhne d'fhonn so a ghearrliostú go dtí 3 láthair.
- measúnú a dhéanamh ar líon na dturasóirí ar an leithinis, líonra reatha an iompair phoiblí agus conas a d'fhéadfadh cuairteoirí agus gnólachtaí áitiúla i nDaingean Uí Chúis tairbhe a bhaint as fáilt a bheith go fuirist ann ar na roghanna leictrea-shoghluaiseachta comhroinnte inbhuanaithe,
- scrúdú a dhéanamh ar iarmhairtí dearfacha na soghluaiseachta comhroinnte ó thaobh laghdú a dhéanamh ar an bplódú tráchta sna bealaí gnóthacha turasóireachta, áit a bhféadfaí, ar bhonn comhroinnte, feithicilí leictreacha agus rothair leictreacha a úsáid chun ceangal a chur ar fáil idir áiteanna nach bhfónann an t-iompar poiblí dóibh fé láthair (m.s. Daingean Uí Chúis go dtí Caisleán Ghriaire tríd an gConair),
- Comhairliúchán a dhéanamh le Comhairle Contae Chiarraí chun suíomhanna na mol leictrea-shoghluaiseachta a bheachtú d'fhonn comhoiriúnacht a chinntiú le suíomhanna reatha na gceangal den líonra BSL agus chun a chinntiú go bpléifear le húinéireacht na talún, agus
- oibriú i gcomhar le príomhpháirtíthe leasmhara na háite amhail Máistir an Chuain i nDaingean Uí Chúis, príomhoidí scoileanna na háite i gCaisleán Ghriaire agus i mBaile an Fheirtéaraigh agus soláthraithe na rothar leictreach san áit, chun na moil fhéideartha a chomhordú.

| **Tréimhse Ionchasach** | **Fócas** | **Éifeachtacht** | **Raon Costais** | **Foinsí Féideartha Maoiniúcháin** | **Stádas** |
|---|---|---|---|---|---|
| **Gairid/ Meánach/ Fada** | **(Inmheánach/Seachtrach/ An Dá Rud)** | **(Ard/Meánach/ Íseal)** | **(Ard/Meánach/ Íseal)** | | **(Beartaithe ach gan a bheith tosnaithe/ Ar siúl/ Fé bhreithniú)** |
| Gairid | Seachtrach | Ard | Ard | Náisiúnta | Ar siúl |

<table>
<tr><td rowspan="8">Deis</td><td colspan="6">SEC (Pobal Fuinnimh Inbhuanaithe) Fheirmeoirí Déiríochta Iarthar Chiarraí</td></tr>
<tr><td colspan="6">Sprioc Straitéiseach: Timpeallacht Thógtha agus Iompar</td></tr>
<tr><td colspan="4">Cur Síos</td><td colspan="2">Comhpháirtithe</td></tr>
<tr><td colspan="4">Is éard atá sa SEC so ná 130 feirmeoir déiríochta a chríochnaigh EMP (Máistirphlean Fuinnimh) sa bhliain 2019. Ba iad cuid de na príomhfhionnachtana ó na córais um fhaireachán fuinnimh a suiteáladh ar fheirmeacha píolótacha ná iad so a leanas:<br>• Ba í úsáid bhliantúil an fhuinnimh ná méid os cionn 10,000 MWh (a ghin 2,900 tonna $CO_2$).<br>• Is é an díosal talmhaíochta an tomhaltóir fuinnimh is mó (52%).<br>• Laghdóidh teicneolaíocht mar phainéal PV (painéal fótavoltach) na costais fuinnimh i gcásanna ina mbeidh an méadar á roinnt idir an tigh cónaithe agus an bleánlann.<br>• D'fhéadfadh iarfheistiú na bhfoirgneamh cónaithe feirme go dtí B2 úsáid an fhuinnimh a laghdú de 1,400 MWh agus 360 tonna $CO_2$.<br>• Deineadh sainaithint ar dheiseanna chun athruithe oibríochtúla simplí a dhéanamh agus chun coigilteas a dhéanamh ar an dtoirt, agus<br>• Tá próiseas um ghairm ar thairiscintí ar siúl anois i dtaca le conradh comhchoiteann de bhreis agus 60 PV gréine (painéal fótavoltach gréine) do bhaill. Tá rudaí ag oibriú amach go breá anso agus is tionscadal eiseamláireach atá ann.</td><td colspan="2">SEAI (Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann); Teicneolaíochtaí DCSix; Líonraí BSL/ESB; Agraghnó agus Dovaighéinitic Chiarraí</td></tr>
<tr><td>Tréimhse Ionchasach</td><td>Fócas</td><td>Éifeachtacht</td><td>Raon Costais</td><td rowspan="2">Foinsí Féideartha Maoiniúcháin</td><td>Stádas</td></tr>
<tr><td>Gairid/ Meánach/ Fada</td><td>(Inmheánach/Seachtrach/ An Dá Rud)</td><td>(Ard/Meánach/ Íseal)</td><td>(Ard/Meánach/ Íseal)</td><td>(Beartaithe ach gan a bheith tosnaithe/ Ar siúl/ Fé bhreithniú)</td></tr>
<tr><td>Gairid</td><td>Seachtrach</td><td>Ard</td><td>Meánach</td><td>Náisiúnta</td><td>Ar siúl</td></tr>
</table>

<table>
<tr><td rowspan="4">Deis</td><td colspan="2">SEC (Pobal Fuinnimh Inbhuanaithe) Turasóireachta agus Fáilteachais Chorca Dhuibhne</td></tr>
<tr><td colspan="2">Sprioc Straitéiseach: Timpeallacht Thógtha agus Iompar</td></tr>
<tr><td>Cur Síos</td><td>Comhpháirtithe</td></tr>
<tr><td>Thosnaigh an SEC so sa bhliain 2023 agus bhí sé mar aidhm aige éifeachtúlacht fuinnimh a chur chun cinn; fuinneamh in-athnuaite a úsáid; agus forbairt a dhéanamh ar sholáthairtí díláraithe fuinnimh san earnáil turasóireachta. Is comhthionscnamh é le Fáilte Éireann, Comhairle Contae Chiarraí, Údarás na Gaeltachta</td><td>Mol Dhaingean Uí Chúis; Fáilte Éireann; CCC; Údarás na Gaeltachta; SEAI (Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann)</td></tr>
</table>

agus Comhaontas Turasóireachta Leithinis Chorca Dhuibhne. Tá breis agus 120 ball ag an SEC i láthair na huaire. Agus é ag baint fónaimh as na foghlaimí ó SEC Fheirmeoirí Deiríochta Iarthar Chiarraí, déanfaidh an tionscadal iad so a leanas:

- EMP (Máistirphlean Fuinnimh) a fhorbairt go sonrach do thionscal na turasóireachta a thabharfaidh treorú don earnáil maidir lena gcuid astaíochtaí carbóin a laghdú trí athruithe a chur i ngníomh.
- Faireachán a dhéanamh ar chur i ngníomh na moltaí seo ar fud na hearnála agus a n-iarmhairt a thomhas ar na laghduithe carbóin.
- Leithinis Chorca Dhuibhne a chur chun cinn mar cheann scríbe inbhuanaithe do thurasóirí chomh maith lena bheith ag gníomhú mar eiseamláir i gcomhair na réigiún eile.
- Roghanna iompair do na cuairteoirí a bhreithniú agus na gníomhartha ina thaobh so a bheidh i gcomhréir leis an dTionscadal Taiscéalaíochta um Shoghluaiseacht Inbhuanaithe agus leis an bPlean Forbartha um Thaithí ar Cheann Scríbe Chorca Dhuibhne

Seoladh an tionscadal i Márta na bliana 2023:

- 120 Ball atá sínithe suas go dtí so, agus 5 úsáideoir mhóra fuinnimh san áireamh,
- Gasra faireacháin de 30 gnólacht atá roghnaithe go cúramach chun ionadaíocht a dhéanamh do ghnólachtaí ar an leithinis ach freisin a bhféadfaí comparáid a dhéanamh eatarthu agus bailte turasóireachta eile ar fud na hÉireann,
- Aonaid um fhaireachán fuinnimh atá curtha isteach in 12 cheann de ghnólachtaí agus iniúchtaí fuinnimh atá ar siúl.

  Arís, seo tionscadal eiseamláireach. Tá sé beartaithe go gcuirfidh na fionnachtana ón staidéar so cumasú ar fáil chun ceithre phlean fuinnimh sa bhreis a chruthú sna ceithre Bhranda d'Fháilte Éireann – Slí an Atlantaigh Fhiáin, Oirthear Ársa na hÉireann, Croíthailte Ceilte na hÉireann agus Baile Átha Cliath.

| Tréimhse Ionchasach | Fócas | Éifeachtacht | Raon Costais | | Stádas |
|---|---|---|---|---|---|

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | **Gairid/ Meánach/ Fada** | **(Inmheánach/Seachtrach/ An Dá Rud)** | **(Ard/Meánach/ Íseal)** | **(Ard/Meánach/ Íseal)** | **Foinsí Féideartha Maoiniúcháin** | **(Beartaithe ach gan a bheith tosnaithe/ Ar siúl/ Fé bhreithniú)** |
| | Gairid | Seachtrach | Ard | Meánach | Náisiúnta | Ar siúl |
| **Deis** | **Réiteach - Seirbhísí um Athchóiriú Áite Cónaithe i dtaca le Leithinis Chorca Dhuibhne** | | | | | |
| | **Sprioc Straitéiseach:** ***Timpeallacht Thógtha agus Iompar*** | | | | | |
| | **Cur Síos** | | | | **Comhpháirtithe** | |
| | Tógaint ar iarratas roimis seo ar thionscadal LIFE an Aontais Eorpaigh a dhein Mol Dhaingean Uí Chúis chun tacú le seachadadh na sprice náisiúnta iarfheistiúcháin laistigh de phobal tuaithe. Cé nár éirigh leis an iarratas, deineadh iarracht san iarratas ar spriocanna CAP23 a shroisint ar scála ábhartha sa DZ – timpeall 1,410 áit chónaithe le bheith feabhsaithe ó thaobh an fhuinnimh de agus 1,130 teaschaidéal le bheith curtha isteach fén mbliain 2030.<br>Is ann d'acmhainneacht mar chuid den DZ an t-iarratas a athshamhlú, measúnacht a dhéanamh ar an meastóireacht a deineadh ar an iarratas ar thionscadal LIFE an Aontais Eorpaigh agus féachaint le bealaí chun uaillmhianta an iarratais bhunaidh a bhaint amach. Baineann so le hábhar go háirithe ó thaobh spriocanna san earnáil phríobháideach chónaithe a shroisint. | | | | Mol Dhaingean Uí Chúis, SEAI (Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann), Fáilte Éireann, pobal na háite; CCC, Údarás na Gaeltachta. | |
| | **Tréimhse Ionchasach** | **Fócas** | **Éifeachtacht** | **Raon Costais** | **Foinsí Féideartha Maoiniúcháin** | **Stádas** |
| | **Gairid/ Meánach/ Fada** | **(Inmheánach/Seachtrach/ An Dá Rud)** | **(Ard/Meánach/ Íseal)** | **(Ard/Meánach/ Íseal)** | | **(Beartaithe ach gan a bheith tosnaithe/ Ar siúl/ Fé bhreithniú)** |
| | Fada | An Dá Rud | Ard | Ard | Eorpach | Fé bhreithniú |
| **Deis** | **Dícharbónú ar Chabhlach Feithiclí CCC (Comhairle Contae Chiarraí)** | | | | | |
| | **Sprioc Straitéiseach:** ***Timpeallacht Thógtha agus Iompar*** | | | | | |
| | **Cur Síos** | | | | **Comhpháirtithe** | |
| | Tá CCC chun fiosrú a dhéanamh ar mhodh chun cabhlach na bhfeithiclí i gCeantar Bardasach an Daingin a dhícharbónú. Tá leictriúchán agus tiontú go dtí breosla malartach ar dhá phríomhbheart atá le fiosrú. Ina | | | | Foireann an Cheantair Bhardasaigh, CCC agus Oifigeach Fuinnimh, CCC. | |

theannta san, táthar chun comhar leis an bpobal a fhiosrú maidir le húsáid fhéideartha an bhithgháis mar fhoinse mhalartach bhreosla.

Tá an tionscadal chun féachaint orthu súd a leanas:

- Cabhlach feithiclí a thiontú ina bhfeithiclí leictreacha (EV)
- Acmhainneacht an bhithgháis agus/nó saghsanna eile de bhreosla malartach a úsáid, agus
- Bonneagar a sholáthar atá oiriúnach do EV agus breoslaí malartacha in iostaí na Comhairle.

| **Tréimhse Ionchasach** | **Fócas** | **Éifeachtacht** | **Raon Costais** | **Foinsí Féideartha Maoiniúcháin** | **Stádas** |
|---|---|---|---|---|---|
| **Gairid/ Meánach/ Fada** | **(Inmheánach/Seachtrach/ An Dá Rud)** | **(Ard/Meánach/ Íseal)** | **(Ard/Meánach/ Íseal)** | | **(Beartaithe ach gan a bheith tosnaithe/ Ar siúl/ Fé bhreithniú)** |
| Gairid-Meánach | Inmheánach | Ard | Meánach | Náisiúnta | Fé bhreithniú |

**Deis**


**Iarfheistiú/uasghrádú leanúnach ar sholáthar foirgneamh CCC, agus tithíocht shóisialta san áireamh, laistigh den DZ**

**Sprioc Straitéiseach:** ***Timpeallacht Thógtha agus Iompar***

| **Cur Síos** | **Comhpháirtithe** |
|---|---|
| Spriocanna a bhaint amach maidir le laghdú ar astaíochtaí agus feabhsú ar éifeachtúlacht fuinnimh i soláthar foirgneamh CCC laistigh de DZ Dhaingean Uí Chúis/Chorca Dhuibhne.<br><br>Ina theannta san, tá an soláthar tithíochta sóisialta sa DZ le hiarfheistiú go dtí caighdeáin B2 mar a cheanglaítear ar CCC mar Údarás Tithíochta. | Roinn na Tithíochta, CCC; Saoráidí CCC agus Oifig an Fhuinnimh, CCC agus SEAI (Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann) |

| **Tréimhse Ionchasach** | **Fócas** | **Éifeachtacht** | **Raon Costais** | **Foinsí Féideartha Maoiniúcháin** | **Stádas** |
|---|---|---|---|---|---|
| **Gairid/ Meánach/ Fada** | **(Inmheánach/Seachtrach/ An Dá Rud)** | **(Ard/Meánach/ Íseal)** | **(Ard/Meánach/ Íseal)** | | **(Beartaithe ach gan a bheith tosnaithe/ Ar siúl/ Fé bhreithniú)** |


<table>
<tr><td></td><td>Meánach-Fada</td><td>Seachtrach</td><td>Ard</td><td>Ard</td><td>Náisiúnta</td><td>Ar siúl</td></tr>
<tr><td rowspan="4">Deis</td><td colspan="6">Forbairt Inbhuanaithe ar Dingle/Daingean Uí Chúis – Ríocht Phoiblí; Taisteal Gníomhach agus Láithreáin Deise.</td></tr>
<tr><td colspan="6">Sprioc Straitéiseach: Timpeallacht Thógtha agus Iompar</td></tr>
<tr><td colspan="4">Cur Síos</td><td colspan="2">Comhpháirtithe</td></tr>
<tr><td colspan="4">Is í an fhís i dtaca le todhchaí Dhaingean Uí Chúis ná fás agus forbairt leantach an bhaile i gcomhréir le Plean Limistéir Áitiúil Thoghlimistéar Chorca Dhuibhne 2021-2027. Tá cuma uirbeach tharraingteach ag Daingean Uí Chúis agus tá roinnt mhaith láithreán úrnua, láithreán athfhorbraíochta agus láithreán inlíonta. Tá na láithreáin seo oiriúnach don fhorbairt agus déanfaid comhdhlúthú ar dhlúthchuma uirbeach an bhaile, i gcomhréir le beartas pleanála uirbí a bhfuil an gníomhú ar son na haeráide mar thaca leis. Ina theannta san, luaitear gur gá oibreacha feabhsúcháin fisiciúil agus timpeallachta a dhéanamh ar roinnt áirithe limistéar agus lánaí i lár an bhaile. Tairgtear anso an deis ar fheabhas mór a chur ar chuma an bhaile, insroisteacht a fheabhsú agus spásanna glasa a chur ar fáil. Déanfaidh Comhairle Contae Chiarraí éascaíocht don fhorbairt ar na limistéir athghiniúna so d'fhonn na limistéir seo a fheabhsú agus chun beogacht agus beocht a mhéadú. Féachfaidh an tÚdarás Pleanála freisin le hoibreacha dá leithéid a dhéanamh, i gcás inarb indéanta san, chun na limistéir seo a fheabhsú agus chun beogacht agus beocht a mhéadú sna lonnaíochtaí. Tá dhá láithreán deise sa lonnaíocht sainaitheanta sa Phlean Limistéir Áitiúil. Tá a gcuid forbartha sainaitheanta mar rud barrthábhachtach i dtaca le beocht agus athghiniúint lár an bhaile san am le teacht – is iad na láithreáin sin ná láithreán Fhearann na Cille, atá lastuaidh de Shráid na Trá, agus Seanláithreán an Ospidéil, atá taispeánta thíos. Trí thionscnaimh athghiniúna uirbí, féachaidh CCC le deimhin a dhéanamh d'fhorbairt inbhuanaithe na láithreán so agus láithreán athfhorbraíochta eile sa bhail.<br><br>Thairis sin, tá Daingean Uí Chúis sainaitheanta ag CCC i dtaca le roinnt áirithe tionscnamh um Thaisteal Gníomhach agus roinnt áirithe tionscadal ríochta poiblí, agus Bóthar Faoisimh Dhaingean Uí Chúis san áireamh mar atá molta i bPlean Limistéir Áitiúil Thoghlimistéar Chorca Dhuibhne 2021-2027. Tá sé mar aidhm aige trácht a bhaint de lár an bhaile agus ligint don fhéidearthacht, fé réir measúnachta timpeallachta, ó thaobh Mol Soghluaiseachta comhroinnte a bheith suite go cuí i bhfoisceacht Charrchlós Shráid an Doirín chomh maith le fiosrú a dhéanamh an féidir ceangail straitéiseacha a chur isteach go dtí saoráidí/scáthláin áitiúla agus réigiúnacha bus, moil charr-roinnte agus rothar-roinnte, agus bonneagar eile um thaisteal gníomhach.</td><td colspan="2">Bóithre-Iompar; Buíon um Thaisteal Gníomhach/ Oifig an Cheantair Bhardasaigh, Roinn na Pleanála CCC, Mol Dhaingean Uí Chúis, Nasc Tuaithe agus Bus Éireann, Pobal agus Gnólachtaí na hÁite.</td></tr>
</table>




Fearann Na Cille



Seanláithreán an Ospidéil




Tionscnaimh fhéideartha um*Thaisteal Gníomhach* lena dtacaítear agus a mheasúnaítear ó thaobh na timpeallachta de i bPlean Limistéir Áitiúil Thoghlimistéar Chorca Dhuibhne 2021-2027

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | **Tréimhse Ionchasach** | **Fócas** | **Éifeachtacht** | **Raon Costais** | **Foinsí Féideartha Maoiniúcháin** | **Stádas** |
| | **Gairid/Meánach/Fada** | **(Inmheánach/Seachtrach/ An Dá Rud)** | **(Ard/Meánach/ Íseal)** | **(Ard/Meánach/ Íseal)** | | **(Beartaithe ach gan a bheith tosnaithe/ Ar siúl/ Fé bhreithniú)** |
| | Gairid-Fada | An Dá Rud | Ard | Ard | Náisiúnta | Beartaithe |
| **Deis** | **Tionscnaimh um Thaisteal Gníomhach, agus an Clár um *Bealaí Sábháilte chun na Scoile* san áireamh** | | | | | |
| | **Sprioc Straitéiseach: *Timpeallacht Thógtha agus Iompar*** | | | | | |
| | **Cur Síos** | | | | | **Comhpháirtithe** |
| | *Forbairtí an Údaráis Áitiúil Féin* i réimse an taistil ghníomhaigh agus sa ríocht phoiblí, agus an Clár um *Bealaí Sábháilte chun na Scoile* san áireamh. | | | | | Taisteal Gníomhach (CCC) |
| | **Tréimhse Ionchasach** | **Fócas** | **Éifeachtacht** | **Raon Costais** | **Foinsí Féideartha Maoiniúcháin** | **Stádas** |
| | **Gairid/Meánach/Fada** | **(Inmheánach/Seachtrach/ An Dá Rud)** | **(Ard/Meánach/ Íseal)** | **(Ard/Meánach/ Íseal)** | | **(Beartaithe ach gan a bheith tosnaithe/ Ar siúl/ Fé bhreithniú)** |
| | Gairid-Fada | Seachtrach | Ard | Ard | Náisiúnta | Beartaithe agus freisin ar siúl |
| | | | | | | |
| **Deis** | **Cumhachtú Horizon Eoraip** | | | | | |
| | **Sprioc Straitéiseach: *Pobail, Díonacht agus Aistriú* agus *Timpeallacht Thógtha agus Iompar*** | | | | | |
| | **Cur Síos** | | | | **Comhpháirtithe** | |
| | Tionscadal á mhaoiniú ag Horizon Eoraip ina bhféachtar le feabhas a chur leis an dtuiscint ar an gcaoi a bhféadfaidh rannpháirtíocht an phobail cabhrú le saoránaigh tríd an nuálaíocht a úsáid chun a bheith ina saoránaigh ghníomhacha fuinnimh agus ar deireadh thiar ina bpobail díonachta fuinnimh. Úsáidfear sa tionscadal, agus é feidhmithe ag *Mol Dhaingean Uí Chúis* agus comhpháirtithe eile, cur chuige um eolaíocht shóisialta agus daonnachtaí chun go mbeidh saoránaigh gafa leis agus ardán digiteach oiriúnach – Ardán In-athnuaite na Saoránach. Cuimsíonn na tionscadail 26 chomhpháirtí (agus Mol Dhaingean Uí Chúis san áireamh) agus 6 chlár phíolótacha allamuigh trasna na dtrí cinn d'earnálacha béime, is iad san: iompar, talmhaíocht agus cónaí. | | | | Mol Dhaingean Uí Chúis, MaREI, EPRI, Teicneolaíochtaí DCSix agus BSL (ESB) | |

| | Tréimhse Ionchasach | Fócas | Éifeachtacht | Raon Costais | Foinsí Féideartha Maoiniúcháin | Stádas |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | **Gairid/ Meánach/ Fada** | **(Inmheánach/Seachtrach/ An Dá Rud)** | **(Ard/Meánach/ Íseal)** | **(Ard/Meánach/ Íseal)** | | **(Beartaithe ach gan a bheith tosnaithe/ Ar siúl/ Fé bhreithniú)** |
| | Gairid | Seachtrach | Meánach | Íseal | Eorpach | Ar siúl |
| **Deis** | **Taighde sa Bhithgheilleagar** | | | | | |
| | **Sprioc Straitéiseach: *Pobail, Díonacht agus Aistriú; Timpeallacht Thógtha agus Iompar* agus *Timpeallacht Nádúrtha agus Bonneagar Glas; Inbhuanaitheacht agus Bainistiú ar Acmhainn*** | | | | | |
| | **Cur Síos** | | | | **Comhpháirtithe** | |
| | Tá an taighde ar siúl ar bhonn leanúnach chun fairsingiú a dhéanamh ar acmhainneacht an bhithgheilleagair dícharbónú a dhéanamh ar an bhfuinneamh agus ar an iompar in DZ Dhaingean Uí Chúis/Chorca Dhuibhne. Tá an tionscadal so ag tógaint ar thuarascáil na bliana 2020 *Staidéar Indéantachta ar an nDíleá Anaeróbach do Leithinis Chorca Dhuibhne* agus ar an EMP (Máistirphlean Fuinnimh) ón SEC (Pobal Fuinnimh Inbhuanaithe) Fheirmeoirí Déiríochta Iarthar Chiarraí ina luaitear gurb í *an chéad chéim eile don tionscadal so ná treochlár a shaothrú i dtaca le forbairt an tionscadail, lena n-áirítear plean gníomhaithe 5 bliana le táirgeadh chun cabhrú le treoir a thabhairt don phobal trí chur i ngníomh an tionscadail*. Mar chuid den tionscnamh so, tá an DZ ag déanamh comhair leis an **dTionscadal Taighde CABBBIE** (Córais um Scairdeadh Bithmheatáin, Bithcheimiceán agus Bithleasacháin ar mhaithe le Bithgheilleagar Ciorclach in Éirinn), a bhfuil Coláiste na hOllscoile, Corcaigh, ag tabhairt fé i gcomhpháirtíocht le MaREI. Tá sé mar aidhm ag an dtionscadal taighde forbairt a dhéanamh ar bhealach cuimsitheach chun sainaithint a dhéanamh ar bhealaí a bheidh inbhuanaithe ó thaobh cúrsaí geilleagair, cúrsaí timpeallachta agus cúrsaí sóisialta de, i dtaca le táirgeadh an bhithmheatáin. Tá fiosrú á dhéanamh ar acmhainneacht na mbithleasachán agus na mbithcheimiceán ardluacha/ardtoirtiúlachta eile i gcóras ciorclach bithgheilleagair. Tá an acmhainneacht i dtaca le láthair thástála á fiosrú i gcomhar leis an bpobal trí chomhoibriú le *Mol Dhaingean Uí Chúis*, leis an bpobal feirmeoireachta agus le taighdeoirí i gColáiste na hOllscoile, Corcaigh agus MaREI. | | | | Mol Dhaingean Uí Chúis; SEC (Pobal Fuinnimh Inbhuanaithe) Fheirmeoirí Déiríochta Iarthar Chiarraí; SEAI (Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann); An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara; MaREI; ERI (Institiúid Taighde Timpeallachta); UCC (Coláiste na hOllscoile, Corcaigh), agus SFI (Fondúireacht Eolaíochta Éireann). | |
| | **Tréimhse Ionchasach** | **Fócas** | **Éifeachtacht** | **Raon Costais** | | **Stádas** |

<table>
<tr><td></td><td>Gairid/<br>Meánach/<br>Fada</td><td>(Inmheánach/Seachtrach/<br>An Dá Rud)</td><td>(Ard/Meánach/<br>Íseal)</td><td>(Ard/Meánach/<br>Íseal)</td><td>Foinsí Féideartha Maoiniúcháin</td><td>(Beartaithe ach gan a bheith tosnaithe/<br>Ar siúl/<br>Fé bhreithniú)</td></tr>
<tr><td></td><td>Meánach-Fada</td><td>Seachtrach</td><td>Meánach</td><td>Meánach-Ard</td><td>Eorpach & Náisiúnta</td><td>Beartaithe ach gan a bheith tosnaithe</td></tr>
<tr><td>Deis</td><td colspan="6">Scéim Timpeallachta Tuaithe Agra-Aeráide (ACRES)</td></tr>
<tr><td></td><td colspan="6">Sprioc Straitéiseach: Pobail, Díonacht agus Aistriú agus Timpeallacht Nádúrtha agus Bonneagar Glas</td></tr>
<tr><td></td><td colspan="4">Cur Síos</td><td colspan="2">Comhpháirtithe</td></tr>
<tr><td></td><td colspan="4">Tá an DZ laistigh de limistéar comhoibrithe ACRES d'Iarthar Chorcaí/ Ciarraí. Tá sé ar cheann de na hocht dtionscadal chomhoibrithe ar fud na hÉireann ina bhfuiltear ag oibriú le feirmeoirí i limistéir ardluacha um chaomhnú an dúlra mar chuid den bheart aeráide agraithimpeallachta náisiúnta den Chomhbheartas Talmhaíochta. Tá sé á mhaoiniú ag an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara agus á riaradh ag Páirtíocht Forbartha Chiarraí Theas CTR (SKDP). Is í an fhís fhoriomlán i dtaca le tionscadal comhoibrithe ACRES Chiarraí / Iarthar Chorcaí ná oibriú go dlúth le feirmeoirí agus lena gcuid comhairleoirí feirme chun tacú leo ó thaobh feabhsú inbhuanaithe a dhéanamh ar na dálaí timpeallachta agus talmhaíochta atá ar a gcuid talún. Foroinntear an limistéar ina gceithre chuid agus folaítear an DZ i gceann acu. Tá ceithre chuspóir uileghabhálacha ag an dtionscadal:<br>• Cosaint na sruthchúrsaí;<br>• Tacú le stóráil charbóin agus le ceapadh carbóin agus le cosaint na ngnáthóg neamhchoitianta atá fé bhagairt;<br>• Tacú le caomhnú na speiceas neamhchoitianta atá fé bhagairt;<br>• Bainistiú na speiceas ionrach.<br><br>Cuirfear so i gcrích trí mheasúnachtaí ar ghnáthóga atá bunaithe ar thorthaí; infheistíochtaí neamhtháirgiúla; agus gníomhartha tírdhreacha. Tá gach ceann deartha chun luach a saothair a thabhairt d'fheirmeoirí a bhfuil gnáthóga ardchaighdeáin acu ar a gcuid feirmeacha agus chun dreasachtaí a chur ar fáil d'fheirmeoirí rannpháirteacha d'fhonn na dálaí éiceolaíochta agus timpeallachta atá ar a gcuid talún a fheabhsú. Tacaíonn buíon éiceolaithe le feirmeoirí chun na ceanglais seo a chomhlíonadh, agus tá buíon amháin lonnaithe sa Chom laistigh de DZ Dhaingean Uí Chúis/Chorca Dhuibhne.</td><td colspan="2">An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara; buíon Thionscadal Comhoibrithe ACRES; ASSAP (Clár Tacaíochta agus Comhairle um Inbhuanaitheacht Talmhaíochta); TEAGASC; CCC; Eagraíochtaí Feirmeoireachta.</td></tr>
</table>

| | **Tréimhse Ionchasach** | **Fócas** | **Éifeachtacht** | **Raon Costais** | **Foinsí Féideartha Maoiniúcháin** | **Stádas** |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | **Gairid/Meánach/Fada** | **(Inmheánach/Seachtrach/ An Dá Rud)** | **(Ard/Meánach/ Íseal)** | **(Ard/Meánach/ Íseal)** | | **(Beartaithe ach gan a bheith tosnaithe/ Ar siúl/ Fé bhreithniú)** |
| | Fada | Seachtrach | Meánach-Ard | Ard | Eorpach & Náisiúnta | Ar siúl |
| **Deis** | **Seirbhís Chomhairleach um Chuaille Eolais (SIGNPOST)** | | | | | |
| | **Sprioc Straitéiseach:** ***Pobail, Díonacht agus Aistriú*** **agus** ***Timpeallacht Nádúrtha agus Bonneagar Glas*** | | | | | |
| | **Cur Síos** | | | | **Comhpháirtithe** | |
| | Ar deighilt ó ACRES, Tá TEAGASC mar chuid dá *Straitéis um Ghníomhú ar son na hAeráide 2022*[32] féin ag spreagadh feirmeoirí chun dul isteach agus páirt a ghlacadh ina seirbhís chomhairleach um Chuaille Eolais (SIGNPOST). Is do gach feirmeoir atá an tseirbhís spriocdhírithe chomhairleach so. Féachtar inti le tacaíocht fheabhsaithe um chomhairle agus oiliúint a chur ar fáil d'fheirmeoirí chun go nglacfaid, go roghnóid agus go gcuirfid i bhfeidhm na gníomhartha ar son na haeráide agus ar son na hinbhuanaitheachta a bheidh cuí agus éifeachtach ar a gcuid feirmeacha. Ar an iomlán, is ann do thrí phríomhcholún sa stratéis:<br>• An Clar Comhairleach um Chuaille Eolais a luadh cheana,<br>• Ardán Digiteach ar son na hInbhuanaitheachta agus<br>• Lárionad Náisiúnta Fíorúil maidir le Taighde agus Nuálaíocht um Aeráid agus Gnó Agraibhia.<br>Lamháladh seirbhís chomhairleach áitiúil um Chuaille Eolais don limistéar DZ agus tá an tseirbhís ag oibriú ar bhonn réamhghníomhach i gcomhar leis an bpobal feirmeoireachta chun spriocanna gníomhaithe ar son na haeráide a bhaint amach in earnáil na talmhaíochta. | | | | An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara; ASSAP (Clár Tacaíochta agus Comhairle um Inbhuanaitheacht Talmhaíochta); TEAGASC; CCC; Eagraíochtaí Feirmeoireachta | |
| | **Tréimhse Ionchasach** | **Fócas** | **Éifeachtacht** | **Raon Costais** | | **Stádas** |

[32] Teagasc - Straitéis um Ghníomhú ar son na hAeráide 2022 - 2030 - Ag Tacú le Feirmeoirí ar mhaithe le Gníomhú ar son na hAeráide, https://www.teagasc.ie/media/website/publications/2022/Teagasc-Climate-Action-Strategy-2022-2030-web.pdf

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | **Gairid/Meánach/Fada** | **(Inmheánach/Seachtrach/ An Dá Rud)** | **(Ard/Meánach/ Íseal)** | **(Ard/Meánach/ Íseal)** | **Foinsí Féideartha Maoiniúcháin** | **(Beartaithe ach gan a bheith tosnaithe/ Ar siúl/ Fé bhreithniú)** |
| | Meánach-Fada | Seachtrach | Meánach | Meánach | Eorpach & Náisiúnta | Ar siúl |
| **Deis** | **Comhpháirtíocht Eorpach Nuálaíochta (EIP)(Agri) WATER (Fé threoir Chlár Uiscí na nÚdarás Áitiúil/LAWPRO ó 2023-2027)** | | | | | |
| | **Sprioc Straitéiseach:** ***Pobail, Díonacht agus Aistriú*** **agus** ***Timpeallacht Nádúrtha agus Bonneagar Glas*** | | | | | |
| | **Cur Síos** | | | | **Comhpháirtithe** | |
| | Fógraíodh an tionscadal so um *Chomhpháirtíocht Eorpach Nuálaíochta (EIP) WATER* i Lúnasa 2023 mar thionscadal cómhaoinithe idir an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara agus an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta. Is tionscadal fé threoir Chlár Uiscí na nÚdarás Áitiúil (LAWPRO) é i gcomhar le Teagasc agus Tionscal Déiríochta Éireann (TDÉ/DII) a oibríonn le feirmeoirí ar bhonn aonair chun caighdeán an uisce a fheabhsú. Féachann an EIP le caighdeán feabhsaithe an uisce a bhaint amach trí chleachtais nuálacha a ghlacadh chúthu i dtaca le bainistiú na gcothaitheach, feidhmiú na mBeart Nádúrtha um Choinneáil Uisce a bhunaítear ar an ndúlra agus feidhmiú beart eile ar leibhéal na feirme, agus iad ag leanúint na bprionsabal um Bainistiú Comhtháite na nDobharcheantar. Mar chomhpháirtíocht nuálaíochta, dearfar agus díreofar na bearta go sonrach chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin áitiúla.<br><br>Féachtar le díriú ar 15,000 feirmeoir i gceantair tosaíochta na tíre. Tá an scéim ar fáil d'fheirmeoirí ar bhonn náisiúnta i dtaca le docharcheantair ar leith atá fé phriacal agus ar áireamh sa scéim tá dobharcheantair in DZ Dhaingean Uí Chúis/Chorca Dhuibhne. | | | | An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara; An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta; ASSAP (Clár Tacaíochta agus Comhairle um Inbhuanaitheacht Talmhaíochta); TEAGASC; CCC; Eagraíochtaí Feirmeoireachta; LAWPRO (Clár Uiscí na nÚdarás Áitiúil) agus an Tionscal Déiríochta / na páirtithe leasmhara. | |
| | **Tréimhse Ionchasach** | **Fócas** | **Éifeachtacht** | **Raon Costais** | **Foinsí Féideartha Maoiniúcháin** | **Stádas** |
| | **Gairid/Meánach/Fada** | **(Inmheánach/Seachtrach/ An Dá Rud)** | **(Ard/Meánach/ Íseal)** | **(Ard/Meánach/ Íseal)** | | **(Beartaithe ach gan a bheith tosnaithe/ Ar siúl/ Fé bhreithniú)** |
| | Gairid-Meánach | Seachtrach | Meánach-Ard | Meánach | Eorpach | Ar siúl |

<table>
<tr><td rowspan="7">Deis</td><td colspan="6">Comhpháirtíocht Eorpach Nuálaíochta (EIP-Agri) de chuid Ón bhFeirm go dtí an Forc fé threoir áitiúil, atá molta</td></tr>
<tr><td colspan="6">Sprioc Straitéiseach: Pobail, Díonacht agus Aistriú agus Timpeallacht Nádúrtha agus Bonneagar Glas</td></tr>
<tr><td colspan="4">Cur Síos</td><td colspan="2">Comhpháirtithe</td></tr>
<tr><td colspan="4">Féachann an tionscadal féideartha so le cíoradh a dhéanamh ar an indéantacht maidir le EIP Ón bhFeirm go dtí an Forc fé threoir áitiúil ar an leithinis. Agus é fé threoir feirmeoirí áitiúla agus táirgeoirí áitiúla bia, féachfar sa togra an féidir bia a dhéanfar/fhoinseofar go háitiúil a choimeád sa leithinis agus/nó freastal ar riachtanais mhargaidh tomhaltóra áitiúil. Féachtar ann go háirithe le comhar a dhéanamh leis na coincheapa gníomhacha a mbíonn borradh fúthu i dtaobh na héiceathurasóireachta/turasóireachta athghiniúnaí trí bhia a fhoinseofar go háitiúil a chur ar fáil do thionscal áitiúil na seirbhíse bia. Thairis sin, féachtar sa togra le nasc a dhéanamh idir táirgeadh an bhia agus an bhithéagsúlacht. Aithnítear ann nár deineadh feirmeoireacht chomh fairsing ar an leithinis go traidisiúnta agus a deineadh in áiteanna eile sa tír, agus is fíor so go háirithe maidir leis na tailte arda ina mbíonn níos lú den dianinnilt ag baint le féarach na gcaorach agus/nó ina mbíonn tógaint na bpórtha traidisiúnta beostoic ina gné d'úsáid na talún.<br><br>Tá an togra fé bhreithniú ag an nGrúpa Oibríochtúil EIP-Agri agus táthar ag feitheamh leis an gcéad ghlao náisiúnta eile ar thograí EIP ón Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara.</td><td colspan="2">Mol Dhaingean Uí Chúis; An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara; ASSAP (Clár Tacaíochta agus Comhairle um Inbhuanaitheacht Talmhaíochta); TEAGASC; CCC; Eagraíochtaí Feirmeoireachta; Feirmeoirí Áitiúla /Táirgeoirí Áitiúla Bia.</td></tr>
<tr><td>Tréimhse Ionchasach</td><td>Fócas</td><td>Éifeachtacht</td><td>Raon Costais</td><td rowspan="2">Foinsí Féideartha Maoiniúcháin</td><td>Stádas</td></tr>
<tr><td>Gairid/Meánach/Fada</td><td>(Inmheánach/Seachtrach/ An Dá Rud)</td><td>(Ard/Meánach/ Íseal)</td><td>(Ard/Meánach/ Íseal)</td><td>(Beartaithe ach gan a bheith tosnaithe/ Ar siúl/ Fé bhreithniú)</td></tr>
<tr><td>Meánach-Fada</td><td>Seachtrach</td><td>Meánach</td><td>Ard</td><td>Eorpach</td><td>Fé bhreithniú</td></tr>
<tr><td rowspan="4">Deis</td><td colspan="6">Oiriúnú Cósta (Cumann Caomhantais an Mhachaire)</td></tr>
<tr><td colspan="6">Sprioc Straitéiseach: Pobail, Díonacht agus Aistriú agus Timpeallacht Nádúrtha agus Bonneagar Glas</td></tr>
<tr><td colspan="4">Cur Síos</td><td colspan="2">Comhpháirtithe</td></tr>
<tr><td colspan="4">Is cumann pobalbhunaithe cosmhuintire é Cumann Caomhantais an Mhachaire a fhéachann le gnáthóga sainithe an chósta i Leithinis an Mhachaire a chosaint. Áirítear leis na hoibreacha go dtí so:<ul><li>Fálú agus oibreacha eile, i gcomhairle leis an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra, a fhéachann le gnáthóga an chósta a thabhairt thar n-ais,</li></ul></td><td colspan="2">An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra; CCC; Ollscoil na Gaillimhe; Cósta Glan/An Taisce; grúpaí eile phobal an chósta; Mol Dhaingean Uí Chúis agus Ollscoil</td></tr>
</table>

| | |
|---|---|
| <ul><li>Méadú a dhéanamh ar an bhfeasacht ar leochaileacht ghnáthóga an chósta, go háirithe na dumhcha, i bhfianaise na mbrúnna ón dturasóireacht. Cuid den fheachtas náisiúnta den Oifig CARO um Ghníomhú ar son na hAeráide dar teideal *Na Dumhcha - Cosnaíonn siad sinn, Cosnaímis iad* chun ár ndumhcha a chosaint (*#Protect our dunes*) agus cuid den *Tionscadal Tránna agus Dumhcha chun Oiriúnú don Athrú Aeráide* á chur i ngníomh ag *Ná Fág Aon Lorg/ Leave No Trace*,</li><li>Ag oibriú i gcomhpháirtíocht le comhlachtaí éagsúla an stáit chun líon na dturasóirí a bhainistiú i rith mhíonna buaice an tsamhraidh, lena n-áirítear socruithe sealadacha páirceála le húinéirí áitiúla na talún agus forfheidhmiú an choisc ar an gcampáil fhiáin.</li></ul> | Teicneolaíochta na Mumhan, Trá Lí; CARO (Oifig Réigiúnach um Ghníomhú ar son na hAeráide). |

| **Tréimhse Ionchasach** | **Fócas** | **Éifeachtacht** | **Raon Costais** | **Foinsí Féideartha Maoiniúcháin** | **Stádas** |
|---|---|---|---|---|---|
| **Gairid/Meánach/Fada** | **(Inmheánach/Seachtrach/ An Dá Rud)** | **(Ard/Meánach/ Íseal)** | **(Ard/Meánach/ Íseal)** | | **(Beartaithe ach gan a bheith tosnaithe/ Ar siúl/ Fé bhreithniú)** |
| Gairid | An Dá Rud | Ard | Meánach | Eorpach & Náisiúnta | Ar siúl |

**Deis**

**Oiriúnú Cósta - Tionscadal um Dhíonacht Chruthaitheach an Chósta (arna mhaoiniú trí Ghníomhú ar son na hAeráide de chuid Éire Ildánach / Creative Ireland) (Cumann Caomhantais an Mhachaire)**

**Sprioc Straitéiseach: *Pobail, Díonacht agus Aistriú* agus *Timpeallacht Nádúrtha agus Bonneagar Glas***

| **Cur Síos** | **Comhpháirtithe** |
|---|---|
| Fuair Cumann Caomhantais an Mhachaire le déanaí (sa bhliain 2023) an maoiniú ar mhaithe leis an ngníomhú ar son na hAeráide de chuid *Éire Ildánach/Creative Ireland* i dtaca le *Díonacht Chruthaitheach an Chósta – an chruthaitheacht a neadú chun cabhrú le hathshmaoineamh a dhéanamh ar iompraíochtaí agus beart a dhéanamh d'fhonn a chinntiú go mbeidh an Machaire oiriúnaithe go maith i láthair an athraithe aeráide.* Tá sé mar aidhm ag an dtionscadal cleachtóir cruthaitheach a choimisiúnú chun obair a dhéanamh le pobal an Mhachaire:<br><br>a. Tógaint agus méadú a dhéanamh ar an obair atá déanta cheana ar fhorbairt na tuisceana ar íogaireacht timpeallachta agus luach bithéagsúlachta na limistéar cósta i measc an phobail chuartaíochta agus i measc an phobail chónaithe chun grá don áit a chruthú d'fhonn spreagadh a thabhairt don athrú iompraíochta a laghdóidh na drochiarmhairtí ar bhithéagsúlacht an chósta, | An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra; CCC; Ollscoil na Gaillimhe; Cósta Glan/An Taisce; grúpaí eile phobal an chósta; Mol Dhaingean Uí Chúis agus Ollscoil Teicneolaíochta na Mumhan, Trá Lí; Éire Ildánach (Creative Ireland); Pobal na nEalaíon; Úinéirí áitiúla talún agus pobal na háite. |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| b. Tuiscint níos doimhne a chothú i measc an phobail chuartaíochta agus i measc an phobail chónaithe sa Mhachaire maidir le drochiarmhairtí an athraithe aeráide sa todhchaí ar thambaló an Mhachaire agus maidir leis an bhfeidhm a bheidh á comhlíonadh ag an mbainisteoireacht ar na dumhcha cois cósta ar mhaithe leis an ndíonacht ó thaobh na haeráide de a bhaint amach d'fhonn an t-athrú iompraíochta a chur i bhfeidhm agus d'fhonn an t-oiriúnú áitbhunaithe a éascú, agus<br>c. Tacú le pobail eile cois cósta trí chreatlach agus/nó treoirlínte a shaothrú i dtaca leis na slite is éifeachtaí agus na cumarsáidí is éifeachtaí chun an t-athrú iompraíochta a chur i bhfeidhm ar mhaithe le timpeallacht an chósta. | | | | | |
| **Tréimhse Ionchasach** | **Fócas** | **Éifeachtacht** | **Raon Costais** | **Foinsí Féideartha Maoiniúcháin** | **Stádas** |
| **Gairid/Meánach/Fada** | **(Inmheánach/Seachtrach/ An Dá Rud)** | **(Ard/Meánach/ Íseal)** | **(Ard/Meánach/ Íseal)** | | **(Beartaithe ach gan a bheith tosnaithe/ Ar siúl/ Fé bhreithniú)** |
| Gairid | Seachtrach | Ard | Ard | Náisiúnta | Ar siúl |

# 7 Cur i nGníomh

## 7.1 Réamhrá

Beidh cumas earnáil na n-údarás áitiúil feidhmíocht a léiriú ó thaobh an ghníomhaithe ar son na haeráide de ina chomhchuid ríthábhachtach chun a léiriú go rathúil an bhfuil an earnáil ag tabhairt ceannaireachta le dea-shampla agus conas mar atá an earnáil á dhéanamh san, agus cén cion feidhme atá á ghlacadh acu i spriocanna náisiúnta gníomhaithe ar son na haeráide. Tá sé ríthábhachtach don chion feidhme ceannaireachta so gur gá don earnáil a cuid feidhmíochta féin a thaispeáint maidir le gníomhú ar son na haeráide chun athrú sochaíoch níos leithne a éascú agus chun a chinntiú go gcomhlíonfar na gealltanais náisiúnta gníomhaithe ar son na haeráide fé 2030 agus 2050.

Dá bhrí sin beidh cur i ngníomh an LACAP (Plean Gníomhaithe an Údaráis Áitiúil ar son na hAeráide) ríthábhachtach chun an gníomhú ar son na haeráide a thaispeáint ar an leibhéal áitiúil. Tá na treoirlínte náisiúnta thuasluaite 2023 ar an CAP (Plean Náisiúnta Gníomhaithe ar son na hAeráide) do na hÚdaráis Áitiúla[33] ag cur béime ar an ngá le gealltanas soiléir a bheith san LACAP go ndéanfar an plean a sheachadadh dáiríre. Stiúrann na treoirlínte an seachadadh so mar phróiseas struchtúrtha um chur i ngníomh mar aon le faireachán leanúnach agus tuairisceoireacht ar dhul chun cinn. Ar deireadh is trí sheachadadh na ngníomhartha atá so beartaithe. Dá réir sin athdhearbhaíonn so a thábhachtaí atá sé an chaoi a ndéantar creat na ngníomhartha ar son na haeráide a fhorbairt ar an gcéad dul síos, go sonrach gníomhartha SICRU/SMART a fhorbairt.

D'ainneoin an ghealltanais ó thaobh an plean a sheachadadh, admhaítear níos déanaí sna treoirlínte gur próiseas casta a bheidh sa chur i ngníomh a raghaidh roinnt mhór gnéithe i bhfeidhm air lena n-áireofar: acmhainní daonna agus acmhainní airgeadais, rialachas, saineolas ábhartha, rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara, tosaíochtaí eagraíochtúla, spreagadh agus tacaíocht.

Chun scéal gairid a dhéanamh de, is iad na trí phríomhghníomhaíocht de réir na dtreoirlínte nach foláir do gach údarás áitiúil a mheas agus é ag cur i ngníomh agus ag tuairisciú ná:

1. **Pleanáil chun Cur i nGníomh**: Cur chuige a sheiftiú chun gníomhartha a chur i ngníomh ar bhonn bliantúil.
2. **Dul chun cinn a rianú trí Phríomhtháscairí Feidhmíochta:** Forbairt agus cuimsiú a dhéanamh ar phríomhtháscairí feidhmíochta ar leibhéal an phlean chun dul chun cinn a rianú, a thomhas agus a thuairisciú.
3. **Ceanglais agus socruithe tuairisceoireachta:** trédhearcacht ar an gcaoi a ndeintear gníomhartha a chur i ngníomh.

Deintear plé breise anso thíos ar an gcaoi a ndéanfar LACAP Chomhairle Contae Chiarraí a sheachadadh – is é sin an plean san a chur i ngníomh agus a fhaire – le hais an chreata a luaitear thuas.

## 7.2 Cur i nGníomh agus Faireachán ar an LACAP (Plean Gníomhaithe an Údaráis Áitiúil ar son na hAeráide)

Léirítear na trí phríomhghníomhaíocht nach foláir do gach údarás áitiúil a mheas, agus iad ag cur an LACAP i ngníomh agus ag tuairisciú ar an LACAP, fé na ceannteidil seo a leanas.

[33] https://www.gov.ie/en/publication/f5d51-guidelines-for-local-authority-climate-action-plans/

### 7.2.1 Pleanáil chun Cur i nGníomh

Is í bunchloch na coda so den chur i ngníomh ná a chinntiú go mbeidh rialachas soiléir agus tiomantas eagraíochtúil don phlean agus dá sheachadadh ag Comhairle Contae Chiarraí (CCC) mar eagraíocht. Tá tús curtha leis an bpróiseas so cheana laistigh de CCC le haonad lánmhaoinithe um ghníomhú aeráide ina bhfuil comhordaitheoir, oifigeach gnímh agus oifigeach pobail á bhfostú.

Mar chuid den phróiseas déanta plean so chuathas i gcomhairle le gach Stiúrthóireacht agus ar an gcuma san bhí gach Stiúrthóireacht tiomanta go gníomhach do na bearta; tá Buíon na mBainisteoirí Sinsearacha (SMT) gafa go gníomhach leis an bpróiseas déanta plean agus tá na Baill Thofa (EM) agus na Coistí um Beartais Straitéiseacha (SPC) á gcoimeád ar an eolas ag gach céim.

Agus sinn ag tógaint ar an dtiomantas so, cuimsítear a thuilleadh gníomhartha sa CAP (Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide) chun rialachas, ceannaireacht agus cuntasacht a shnaidhmeadh sa ghníomhú ar son na haeráide ag gach leibhéal ar fud na Comhairle. Cuimsítear gníomhartha freisin chun maoirseacht a dhéanamh anois ar chomhair bhreise le páirtithe leasmhara eile sa chontae ó gach earnáil agus sa phobal trí chéile d'fhonn deimhin a dhéanamh de go nglacfaidh CCC páirt ghníomhach ó thaobh éascaíocht, comhordú, agus abhcóideacht a dhéanamh ar mhaithe leis an ngníomhú ar son na haeráide.

### 7.2.2 Dul Chun Cinn a Rianú trí Phríomhtháscairí Feidhmíochta

Liostaítear na gníomhartha i dtaca leis an LACAP de chuid CCC in Aguisín A den phlean so. Tá gach gníomh ceangailte do phríomhtháscaire feidhmíochta atá intomhaiste agus/nó inrianaithe. Tá na príomhtháscairí feidhmíochta atá in úsáid cainníochtúil agus cáilíochtúil araon. Tá na príomhtháscairí feidhmíochta cuntasach agus intomhaiste ar thrí leibhéal straitéiseacha éagsúla:

- **Ar Bhonn Náisiúnta** – gníomhartha a bhaineann le creataí rialachais atá curtha ar bun agus na ceanglais chórasacha tuairisceoireachta reatha,
- **Ar Bhonn Earnálach** – gníomhartha a bhaineann leis an Rialtas Áitiúil agus na spriocanna sonracha a cheanglaítear ar CCC a bhaint amach i dtaca leis an éifeachtúlacht fuinnimh (feabhsú 50%), an laghdú ar astaíochtaí (laghdú 51%) agus na príomhtháscairí leathana feidhmíochta a bhaineann le feidhmíocht Earnáil an Rialtais Áitiúil i dtaoibh an ghníomhaithe ar son na haeráide mar chuid de Straitéis 2030 DECA (Gníomh Éifeachtach ar son na hAeráide á Sheachadadh), agus
- **Ar Bhonn Áitiúil** – gníomhartha a bhaineann leis an ngníomhú áitbhunaithe ar son na haeráide agus a bhíonn sonrach i dtaoibh an chontae, agus iad súd a bhíonn sonrach i dtaoibh an DZ, mar a dréachtaíodh iad sa tuarascáil seo.

Léirítear anso thíos na ceanglais shonracha tuairisceoireachta agus na socruithe sonracha tuairisceoireachta i dtaca leis an méid thuas.

### 7.2.3 Ceanglais agus socruithe tuairisceoireachta

Beidh na ceanglais tuairisceoireachta laistigh den rannóg údaráis áitiúil, idir na cinn reatha agus na cinn nua, leanúnach agus/nó riachtanach ionas go bhféadfar an gníomhú ar son na haeráide a thomhas agus a rianú. Áirítear leo so Príomhtháscairí Feidhmíochta Náisiúnta, Earnálacha agus Áitiúla (Ar Leibhéal Oibríochtúil):

**Náisiúnta agus Earnálach:**

- *An Coimisiún Náisiúnta Maoirseachta agus Iniúchóireachta (NOAC):* Leanfaidh CCC d'eolas a sholáthar do NOAC i ndáil le Táscairí um Ghníomhú ar son na hAeráide chun dul isteach mar chuid d'fheidhmíocht Earnáil an Rialtais Áitiúil maidir leis an ngníomhú ar son na haeráide;
- *Faireachán Eile ar an Earnáil Náisiúnta*: Leanfar ar aghaidh leis na ceanglais faireacháin trí na struchtúir tuairisceoireachta reatha, agus iad curtha i gcrích i gcomhairle le Meitheal na bPríomhtháscairí Feidhmíochta um Ghníomhú ar son na hAeráide de chuid an CCMA (An Cumann um Bainistiú Teangmhála leis na Custaiméirí), mar atá á gcothú ag CARO (Oifig

Réigiúnach um Ghníomhú ar son na hAeráide - Cósta an Atlantaigh Theas), LGMA (An Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil /CCMA (An Cumann um Bainistiú Teangmhála leis na Custaiméirí) i gcomhairle leis an NOAC (An Coimisiún Náisiúnta Maoirseachta agus Iniúchóireachta*)* a luaitear thuas;

- *Faireachán agus Tuairisceoireacht de chuid SEAI (Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann):* Leanfaidh CCC de thuairisceoireacht a dhéanamh, mar is gá, go dtí Córas Faireacháin agus Tuairisceoireachta SEAI. Tá sé tugtha fé ndeara go leanfaidh na haighneachtaí fén bhFaireachánn agus fén dTuairisceoireacht de bheith ag fairsingiú chun cuntas a thabhairt sna hastaíochtaí go léir ó na hoibríochtaí gnó i gcomhthéacs na spriocanna náisiúnta gníomhaithe ar son na haeráide de réir mar a thiocfaidh éabhlóid ar leaganacha an bheartais náisiúnta;
- *Beartas um Sholáthar Glas (BSG/GPP):* Leanfaidh CCC de thuairisciú ar chur i ngníomh an BSG/ GPP mar atá ina cheanglas ar bhonn bliantúil.

**Áitiúil (Leibhéal Oibríochtúil)**

- *Aonad um Ghníomhú Aeráide Chomhairle Contae Chiarraí*
  Tá Buíon um Ghníomhú Aeráide ag CCC, a bhfuil Oifigeach Fuinnimh ag tacú leo. Beidh an bhuíon oifigeach freagrach as faireachán agus tuairisceoireacht a dhéanamh ar ghníomhartha áitiúla sa LACAP. Déanfar an tuairisceoireacht inmheánach ar bhonn bliantúil agus déanfar an dul chun cinn a thuairisciú go dtí SMT (Buíon na mBainisteoirí Sinsearacha), SPC (na Coistí um Beartais Straitéiseacha) and EM (Baill Thofa).
- *DZ (Crios um Dhícharbónú) Dhaingean Uí Chúis/Chorca Dhuibhne:* Mar pháirtí leasmhar sa DZ, is príomhfheidhm a bheidh san fhaireachán ar ghníomhartha, cé go mbeidh so á dhéanamh fé chion feidhme ceannaireachta.
- *Pleananna/Tionscadail Chomhairle Contae Chiarraí:* Is mó dualgas atá ar CCC ó thaobh faireachán agus tuairisceoireacht a dhéanamh ar spriocanna i dtaca le pleananna agus tionscadail inmheánacha, idir chinn reachtúla agus chinn neamh-reachtúla, agus ar áireamh iontu so tá:
  - Fás daonra, croístraitéis agus patrúin lonnaíochta mar a bheartaítear i bPlean Forbartha Chontae Chiarraí 2022-2028,
  - Dlúthfhás a bhaint amach laistigh de lonnaíochtaí reatha trí bhéim a chur ar láithreáin inlíonta agus láithreáin athfhorbraíochta agus laistigh d'achar reatha na lonnaíochtaí, mar a bheartaítear i bPlean Forbartha Chontae Chiarraí 2022-2028,
  - Soláthairtí tithíochta sóisialta mar a bheartaítear i *dTithíocht do Chách - Plean Tithíochta Nua d'Éirinnn',*
  - Tionscadail um Thaisteal Gníomhach á gcur ar fáil sa chontae,
  - Rath a bheith ar an gCiste Uirbeach agus ar an gCiste Tuaithe um Fhorbairt agus Athghiniúint (URDF agus RRDF, fé seach),
  - Faireachán ar an bPlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail,
  - Faireachán ar na Pleananna Réigiúnacha um Bainistiú Dramhaíola,
  - Plean Gníomhaithe ar son na Bithéagsúlachta 2022-2028, agus
  - Faireachán ar Straitéis Turasóireachta Inbhuanaithe Chontae Chiarraí.

  Deintear tomhas agus cuntasacht ar gach ceann acu mar chuid de Tháscairí Feidhmíochta an Údaráis Áitiúil agus bainfear feidhm astu chun faireachán a dhéanamh ar ghníomhartha ailínithe sa LACAP so.

# 8 AN CHÉID CHÉIM EILE - TABHAIR DO THUAIRIM

Tá Fógra á thabhairt leis seo go bhfuil Dréachtphlean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2024-2029 ullmhaithe ag Comhairle Contae Chiarraí, de bhun Alt 16 den Acht um Ghníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin (Leasú), 2021.

Is féidir aighneachtaí a dhéanamh nó tuairimí a thabhairt laistigh den tréimhse a shonraítear san fhógra so ón Déardaoin, an 19 Deireadh Fómhair go dtí Dé hAoine, an 1 Mí na Nollag 2023 (agus an dá dháta san a áireamh).

Is le Contae Chiarraí a bhaineann an Dréachtphlean Gníomhaithe ar son na hAeráide de chuid Chomhairle Contae Chiarraí 2024-2029. Leagtar amach ann an chaoi a gcuirfidh an t-údarás áitiúil chun cinn raon beart maolúcháin, beart oiriúnúcháin agus beart eile um ghníomhú ar son na haeráide, d'fhonn cabhrú le seachadadh a dhéanamh ar na dualgais náisiúnta maidir leis an aeráid agus ar an gCuspóir Náisiúnta Aeráide de chuid an Rialtais go foriomlán, a fhéachann le tóraíocht agus gnóthachtáil a dhéanamh, tráth nach déanaí ná deireadh na bliana 2050, ar an aistriú go dtí geilleagar a bheidh díonach ó thaobh na haeráide de, saibhir ó thaobh na bithéagsúlachta de, inbhuanaithe ó thaobh na timpeallachta de agus neodrach ó thaobh na haeráide de.

Tá ag gabháil leis an nDréachtphlean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2024-2029 an Tuarascáil Timpeallachta, arna hullmhú i gcomhréir le Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Measúnacht Timpeallachta ar Phleananna Áirithe agus ar Chláir Áirithe) 2004 (I.R. 435 de 2004 arna leasú le I.R. 200 de 2011) i dtaca le Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta (SEA) agus Measúnacht Chuí (AA) - Tuarascáil Tionchair Natura, de bhun Airteagal 6 den Treoir um Ghnáthóga 92/43/EEC.

Tugtar cuireadh leis seo do chomhlachtaí reachtúla, don phobal agus d'aon pháirtithe leasmhara chun aighneachtaí nó tuairimí i scríbhinn a chur isteach maidir leis an nDréachtphlean Gníomhaithe ar son na hAeráide de chuid Chomhairle Contae Chiarraí 2024-2029 agus ar na tuarascálacha timpeallachta (Tuarascáil Timpeallachta SEA agus Tuarascáil Tionchair Natura (NIR)). Déanfar na haighneachtaí nó tuairimí scríofa go léir a bhreithniú go cuí agus a chur san áireamh go cuí sula ndéanfar an plean.

Is féidir cóipeanna de Dhréachtphlean Gníomhaithe an Údaráis Áitiúil ar son na hAeráide 2024-2029, Tuarascáil Timpeallachta um Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta agus Tuarascáil Tionchair Natura a iniúchadh sna láithreacha so a leanas:

- Ar líne trí **https://consult.kerrycoco.ie/**
- Leabharlanna Poiblí i dTrá Lí, i gCill Airne, i Lios Tuathail, i Neidín, in Oileán Ciarraí, i nDaingean Uí Chúis, i mBaile an Bhuinneánaigh, i gCill Orglan, agus i gCathair Saidhbhín, agus
- Seomra 13, Roinn na Pleanála, Áras an Chontae, Ráth Teas, Trá Lí.

Féadfar aighneachtaí a dhéanamh mar a leanas:

1. Ar líne trí **https://consult.kerrycoco.ie/**

Nó

2. I scríbhinn go dtí an tAonad um Ghníomhú Aeráide, Comhairle Contae Chiarraí, Eastát Tionscail Fhearann na Coille, Cill Airne, Contae Chiarraí, V93XF98 agus marcáilte 'Dréachtphlean Gníomhaithe an Údaráis Áitiúil ar son na hAeráide de chuid Chomhairle Contae Chiarraí 2024-2029'.

- Dein d'aighneacht, más é do thoil é, trí fheidhm a bhaint as aon mhodh amháin, is é sin le rá, tríd an dtairseach ar líne nó i gcóip chrua.
- Ní ghlacfar le haighneachtaí tríd an ríomhphost.
- Ba chóir go gcuimseodh na haighneachtaí ar fad d'ainm agus do sheoladh teangmhála agus, de réir mar a bhainfidh le hábhar, sonraí d'aon eagraíocht, grúpa pobail nó cuideachta srl., dá bhfuilir ag déanamh ionadaíochta.
- Ba chóir go marcálfaí amhlaidh go soiléir aighneachtaí nó gnéithe d'aighneachtaí a bhainfeadh leis na Tuarascálacha Timpeallachta (Tuarascáil Timpeallachta um Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta agus/nó Tuarascáil Tionchair Natura).
- Tabhair fé ndeara, le do thoil, go bhfoilseofar gach aighneacht laistigh de 5 lá oibre i ndiaidh an aighneacht san a fháil, mar aon le d'ainm/grúpa dá bhfuilir ag déanamh ionadaíochta.
- Ná cuir isteach eolas atá pearsanta, rúnda nó íogair in aighneachtaí, le do thoil.

**Is é an dáta deiridh a nglacfar le haighneachtaí ná Dé hAoine, an 1 Mí na Nollag 2023.**